

Pléaráca 2001

Foilsithe ag Pléaráca Teo ar ócáid na Féile

£2



**Agallamh le Seán Ó Mainín • Saol na mBádóirí
Clár na Féile • Grianghrafanna • Filíocht**

R
Raidió na Gaeltachta
 www.rnag.ie

RnaG
 92-94FM & 102.7FM
 RTÉ

Nuacht, Cúrsaí Reatha, Spórt, Cláracha agus Scoth an Cheoil

Eagarthóir na hIrise:
 Peigi Ní Chonghaile

Fógraíocht:
 Meta Uí Mháille

Buíochas:
 Tá an t-eagarthóir buíoch do na daoine seo a thug cúnamh leis an ábhar a bhailiú agus a réiteach chomh maith le píosaí a scríobh don iris: Meta Uí Mháille, Mairéad Ní Chualáin, Ruaidhrí Ó Tuairisg, Bidín Seoige, Séamus Ó Cualáin, Gearóid Ó Cosgora, Caitríona Ní Oibicín, Caitlín Nic an Ultaigh, An tAth Micheál Ó Flannabhra, Sibéal Ní Mháille, Seán Ó Mainnín, Bridie Uí Chinnámha, do na filí Seosamh Ó Guairm, Louis de Paor, Máire Holmes agus Gearóid Mac Lochlainn, agus do scríbhneoirí óga Chiorcal. Buíochas do gach duine a thug grianghrafanna — Gearóid Ó Murchú, Bridie Uí Chinnámha Ruaidhrí Ó Tuairisg agus Bob Quinn.

Do Chaomhán Ó Scolaí a rinne an leagan amach slachtmhar ar an iris. Do Europus a rinne an phrófáil. Do fhoireann Chlódoirí Lurgan agus Micheál ó Braonáin.

Sé an t-eagarthóir atá freagrach as aon bhotún. Ni gá gur ionann tuairimí atá nochtaithe anseo agus tuairimí Phléaráca Teo.

Táimid fíor bhuíoch do na fógróirí. Is fiú tacaíocht a thabhairt dóibh.

Stiúrthóir na Féile:
 Turlough O'Connor

Coiste Oibre na Féile:
 Michael Barrett
 (Cathaoirleach na Féile)
 Gearóid Ó Murchú
 Meta Uí Mháille
 Majella Ní Chríocháin
 Mairéad Ní Chualáin
 Patricia Ní Chonghaile
 Réamonn Ó Mainnín
 Colm de Bhalldraithe
 Máire Ní Chualáin
 Máire Uí Chonaola
 Seosamh Ó Giobúin
 Tommy Cevan Ó Níaidh
 Seán Ó Maidín
 Peigi Ní Chonghaile

Buíochas le Mairéad Ní Chonaire, Seán Leainde agus Stiofán Ó Flatharta.

Tá Coiste Oibre na Féile buíoch do na daoine seo leanas a thug cúnamh agus tacaíocht: Foireann Seanscoil Shailarna Glór na nGael, Coiste Pobail Chamuis Muintir Chóilín Sheáin Dharach agus Fhesty Ó Conláin Seán Ó Mainnín Swallow's Tail An Gaeltacadamh Dessie O Halloran John Spillane Louis de Paor Mattie Joe Shéamuis Diarmuid de Faoite Amharclann Siog Coiste Halla Éinne Sorcha Nic Dhonnacha —Údarás na Gaeltachta Pádraig Ó hAoláin —Údarás na Gaeltachta

Máire Hearty —Údarás na Gaeltachta Máirtín Tom Sheáinín — RnaG Tomás Mac Con Iomaire — RnaG Máirtín Mac Donnacha — RnaG Seosamh Ó Braonáin — RnaG Pádraig Ó Ráinne — TG4 Ríonach Ní Néill Scoil Chuimsitheach Chiaráin Gasúir S.N. an Chnoic Gasúir S. N. an Droma Pádraic hOibicín agus na damhsóirí óga Máire Ní Mháille Sibéal Ní Mháille Cúntóirí an Quadriathlon Leabharlanna an Spidéil agus na Ceathrún Rua Johnny Connolly Bobby Gardiner Máimín Cajun Band Ceoltóirí agus criú an Fhámaire Coiste Áirneán Scoil na hAirde Joe Steve Ó Neachtain Cólín Ó hlarnáin Petie Ó Máille Na Foirne Curachaí agus Báid Seoil Seosamh Ó Cuaig Coiste Lá Spórt Chamuis Áras Mhac Dara ar an gCeathrú Rua An Spailpín Fánach Colm Ó Mealóid Na Moltóirí Na tithe Ósta a thug urraíocht agus ar heagraíodh imeachtaí iontu Buíochas speisialta do fhoireann Raidió na Gaeltachta

Clár na hIrise

Eagarfhocal	2
John Phaitín Tom	
— Agallamh le Seán Ó Mainín	4
Saol an Bhádóra	12
Clár na Féile	22
Imeachtaí na Féile	24
Clár Oibre Phléaráca Teo	25
Cóilín Sheáin Dharach Seoige	30
Festy Ó Conláin	31
An RIC i Ros Muc	32
Mianach Ghleann Gabhla	33
Oideachas Feabhais	34
Dánta	35
An Gaeltacadamh	38
Portaigh Chois Fharraige	39
Glór na nGael	40
Cumann Peile Píarsaigh	
Ros Muc	42
Aisling na Filí	43
Fóram na Gaeltachta	45
Ciorcal	
— Na Scríbhneoirí Óga	48

Grianghraf chúlaidh:

John Mhichael Phádraig Antaine Ó Mainín as Ros Muc. *Grianghrafadóir:* Gearóid Ó Murchú



Turlough O'Connor — seo an tríú bliain aige ina stiúrthóir ar Phléaráca Chonamara



Coiste Oibre an Phléaráca: (Grianghrafanna ar chlér): Turlough O'Connor; Máire Ní Chualáin; Colm de Bhalldraithe; Seán Ó Maidín; Patricia Ní Chonghaile; Mairéad Ní Chualáin; (príomhgrianghraf) Peigi Ní Chonghaile, Seosamh Ó Giobúin, Tomás Ó Níaidh, Réamon Ó Mainín, Máire Uí Chonaola, Meta Uí Mháille, Gearóid Ó Murchú agus Michael Barrett (cathaoirleach). Ar an gcoiste freisin tá Majella Ní Chríocháin.

Príomhurráithe na Féile

Údarás na Gaeltachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras na Scríbhneoirí, An Chomhairle Ealaíon, Guinness, Raidió na Gaeltachta.

Eagarfhocal

Ráiteas Misean Phléaráca Teo. - *"Tá Pléaráca ag forbairt glór, ról agus páirtíocht an phobail Ghaeltachta tríd na healaíona agus tríd an cultúr agus an teanga a chur chun cinn"*

Tá Pléaráca Teo., An Scéim Ealaíon Phobail ar an saol seo anois le hocht mbliana. Bunaíodh an scéim nó an comhlacht Pléaráca Teo i 1993 le tacaíocht airgid ó chlár maoinithe ón gCoimisiún Eorpach — Horizon, a bhí riartha go náisiúnta sa tír seo ag Aisíneacht Chomhraic na Bochtaine agus CAFE (Community Arts for Everyone). Sé coiste oibre na féile Pléaráca Chonamara a rinne iarratas ar an airgead seo chun clár ealaíona don Ghaeltacht a chur chun cinn, an fhéile san áireamh. Bhí Pléaráca ar cheann de chúig eagraíocht difrúil ar fud na tíre a chuir scéim ealaíona pobail i bhfeidhim faoin gclár seo ó 1993-1996. Tá scéim ealaíona Phléaráca ag leanacht ar aghaidh ó shoin le maoiniú ó eagraíochtaí stát eagsúil — An Roinn Gnóthaí Sóisialta Pobail agus Teaghlaigh an Príomh urraí ó 1997. Faightear tacaíocht do imeachtaí áirithe ó Údarás na Gaeltachta, An Chomhairle Ealaíon, FÁS, Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe, Comhairle Contae na Gaillimhe agus Cumas.

Cosúil le chuile eagraíocht a bhíonn ag obair leis an ealaíon phobail, tagann an cheist aníos go minic — céard é ealaíon phobail nó cén difríocht idir é agus na "healaíona" eile. Níl aon sainmhíniú greannta i gcloch is féidir a thabhairt ar ealaíon phobail ach glactar leis gur próiseas é a dhéanann an-leas do fhorbairt pobail mar go bhfuil fáilte roimh chuile dhuine, chuile aicme agus chuile aoisghrúpa páirt a ghlacadh sa bpróiseas. Is modh iontach é chun grúpaí nó daoine nach nglacann páirt go hiondúil i saol eacnamaíochta nó sóisialta a bpobail a mhealladh chun a bheith páirteach. Tá sé seo fíor ach go háirithe faoi ghasúir agus daoine óga ach fresin faoi dhaoine fásta agus an seandream. Ciallaíonn sé seo uilig go bhfuil tú ag obair leis an bpobal iomlán agus go dtiocfaidh tú trasna ar na ceisteanna uile a bhíonn ag crá an phobail sin chomh maith ar ndóigh leis na gnéithe dearfacha de shaol an phobail.

Nuair a thagann sé go dtí ealaíon phobail sa nGhaeltacht, ní féidir treabhadh ar aghaidh gan aird a thabhairt ar cheisteanna teangan agus na nithe a bhíonn ag cur as do phobal mionlaigh. Is seanscéal anois an cúlrá a bhí le bunadh féile Phléaráca Chonamara — chun ceiliúradh a dhéanamh ar chultúr agus ealaíon na Gaeltachta agus chun an pobal a ghríosadh chun an cultúr seo a choinneáil slán.

Nuair a eagraíonn Pléaráca Teo. imeachtaí ar nós

ranganna ealaíne, scríbhneoireacht chruthaitheach, damhsa nó geamaireacht, déantar cinnte de i gconaí go bhfuil Gaeilge ag an áisitheoir nó léiritheoir a bhíonn i mbun grúpa. Go dtí seo, d'éirigh linn áisitheoirí den scoth a aimsiú chun é seo a dhéanamh. Bheadh sé ag dul in aghaidh bunfhealsúnacht Phléaráca agus na "healaíona pobail" áisitheoir le Béarla a chur isteach mar bheifí ag déanamh beag is fiú de phobal na Gaeltachta. Síos tríd na blianta cuireadh réimsí ealaíona nua agus comhaimseartha chun cinn i gConamara — cuireadh borradh faoi cheardlanna físeán agus scannánaíochta i lár na naochaidí rud a spreag go leor dul le tionscail na teilifíse nuair a tháinig sé. Tá taispeántais ealaíne agus grianghrafadóireachta curtha chun cinn chomh maith le damhsa comhaimseartha a bheith tugtha go Conamara don chéad uair ariamh. Tá gasúir na Gaeltachta tugtha chuig ceolchoirmeacha claisiceacha i nGaillimh agus grúpaí ceoil claisiceach tugtha chuig scoileanna Chonamara. Tá sé seo uilig déanta chomh maith le ceiliúradh a dhéanamh ar ealaíon thraidisiúnta na Gaeltachta — an sean-nós damhsa agus amhránaíochta ach go háirithe ach freisin, an ceol traidisiúnta agus tíre, aithriseoireacht, filíocht agus cúrsaí béaloidis.

Mar chúlra ar seo, tá luach curtha ar réimsí eile de shaol na Gaeltachta — na báid seoil, na curachaí, spórt thalún agus fite fuaite thríothu seo uilig tá an Ghaeilge — uirlis chumarsáide dhúchasach mhuintir Chonamara.


Chuir Pléaráca roimhe mar eagraíocht luach a chuir ar na réimsí seo uilig agus iad a threisiú tríd an ealaíon pobail. Creideann Pléaráca nach féidir an ealaíon phobail a scarúint ó obair fhorbartha pobail. Measann an eagraíocht go bhfuil obair mhaith déanta ach d'fhéadfaí níos mó a dhéanamh le níos mó acmhainní. Thug Áisíneacht Chomhraic na Bochtaine i 1993 agus An Roinn Gnóthaí Sóisialta Pobail agus Teaghlaigh i 1997 aitheantas don fhiúntas agus tairbhe is féidir a bhaint as an ealaíon phobail chun cuidiú le mórtas agus forbairt pobail trí maoiniú a dhéanamh ar Phléaráca Teo, agus is dhá eagraíocht iad seo atá lonnaithe lasmuigh den Ghaeltacht. Fiú, thug Banc Aontas Éireann an t-aitheantas is aoirde do Phléaráca i 1998 nuair a bhronn siad an phríomh dhuais ar an eagraíocht be bharr a gcuid oibre i measc an phobail. Tá Pléaráca maoinithe faoi Chlár Forbartha Pobail na Roinne Gnóthaí Sóisialta ar bhunús conarthaí trí bliana, tá an dara ceann acu seo ar tí a bheith sínithe

faoi láthair. Faoin gClár seo, cuirtear airgead ar fáil chun beirt foirne a fhóstu agus barrchostais oifige a chlúdach. Bíonn ar an fhoireann maoiniú a aimsiú i gcomhar imeachtaí ó, fhoinis eile — go hiondúil iad siúd atá liostáilte sa gcéad alt den eagarfhocal seo. Tá Pléaráca buíoch as an chuidiú seo uilig ach tá an eagraíocht ag iarraidh anois go gcuirfidh na heagraíochtaí atá freagrach as cúrsaí Gaeltachta agus cúrsaí ealaíona, sin iad Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon muinín i bPléaráca agus aitheantas a thabhairt don obair mar a thug An Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh. Is i bhfoirm conarthaí airgid fadthéarmach cosúil leo siúd a thugann an Roinn Gnóthaí Sóisialta a bheifí ag iarraidh an mhuinín seo a léiriú. Is féidir i bhfad níos mó a bhaint amach agus pleananna straitéiseacha a chur chun cinn le maoiniú fadthéarmach seachas a bheith ag obair le cnuasaigh beaga airgid.

Tá ealaíon phobail agus na healaíona dá gcur chun cinn ag Pléaráca Teo. ach é ceangailte go dlúth le obair phobail agus é préamhaithe i saol na Gaeltachta — ní féidir na critéir seo a scaradh óna chéile.



Oisín Ó Conaire, Ros Muc, ar Champa Samhraidh i mí Iúil



JOHN PÁITÍN TOM



Tá Seán ó Mainín, an dornálaí as Ros Muc a throid i gCraobh an Domhain i Madison Square Gardens tagtha abhaile le bliain. Chuaigh Meta Uí Mháille chun cainte leis faoina shaol, faoina mhuintir agus go leor eile. . .

(Ar dheis:) An dornálaí óg agus gradam bainte amach aige

“Rugadh i Snabó mé i 1956, d’aistrigh muid go Cill Bhriocáin, tá mé beagnach siúrálte gur i 1959. Ní raibh mé ag dul ar scoil, ní raibh mé ach dó nó trí do bhlianta ach is cuimhneach liom an lá ar athraigh muid siar, cáirín asail a bhí againn le chuile rud a thabhairt siar, ní raibh aon Uhaul thart.

Ba as Cill Bhriocáin mo athair — Páitín Tom Mhártain agus ba as áit a dtugtar Bárrtha, Ros Dubhach, Co. Mhuigheo mo mháthair Theresa McGrath, ach is i mBaile i tha Cliath a rugadh í. Gearmánach a bhí i sean-athair mo mháthair, De Courcy an sloinne a bhí air. Ba iníon leis máthair mo mháthar a bhí pósta ag John McGrath. Bhí naonúr clainne acu — Mike, Owen, Martin, Louis, Lilly, Bridget, May, Annie a fuair bás an-óg agus mo mháthair. Rugadh mo mháthair ar an 20 Aibreán 1916. Bhí an tÉirí Amach ar siúl i mBaile Átha Cliath. Ní raibh mo mháthair ach chúig lá d’aois nuair a tháinig saighdiúirí Shasana isteach sa teach. Bhí a máthair an-lag tar éis an pháiste agus í ar an leaba. Tharraing na saighdiúirí amach as an leaba í agus chaith siad í. Bhíodh an t-athair ag obair ar na báid agus nuair a tháinig sé abhaile bhí a bhean, máthair mo mháthar, mo mhamó marbh roimhe. Thóg gaolta an chlann ansin, thóg aintín mo mháthair agus tógadh i mBaile Ros Dubhach í. Chuaigh cuid den chlann go Meiriceá ina dhiaidh sin. Is i New York a fuair Mike agus Owen bás, tá siad ar fad imithe anois. Tá cuid de mhuintir mo mháthar scaipithe thart i gceantar Ros Dubhach fós, tá iníon le colceathar léi thíos ann. Tá smeadar gaoil agam le go leor daoine i Muigheo.

Bhí cúigear dearthár ag m’athair agus deirfiúr amháin — Cólín, Tomásín, Peadairín, Michaelín, Joeín, agus Mary. Chuaigh cuid acu go Meiriceá, fuair Peadairín bás go h-óg i Chicago, is i mBoston a bhí Mary, sa mbaile a bhí Cólín agus Tomásín. Níl aon duine acu beo anois.

I Sasana a casadh m’athair agus mo mháthair ar a chéile, is ann a phós siad, tá mé ag ceapadh gur i 1937. Tá seisear deirfiúr agam agus cúigear dearthár, tá Paddy, Bríócán, Maidhc, Nóirín, Mary agus Josie anseo i gConamara agus tá Eileen, Bab, Nan, Tommy agus Colm i Meiriceá. Tá mé fhéin arais abhaile anois le bliain buíochas le Dia.

Ar an Turloch Beag a chuaigh mé ar scoil ó bhí mé cheithre bliana nó go raibh mé cheithre bliana déag. As sin ag an Tech ‘Gairmscoil na bPiarsach’ ar feadh cheithre bliana. Rinne mé an Meán Teastas, An Teastas Sóisearach agus an Teastas Grúpa sa Tech agus chuaigh mé go Cárna le haghaidh an Ard Teastas a dhéanamh, chaith mé bliain ansin ag na mná rialta.



1976 i gColáiste Tin Ros Muc: Frank Ó Máille, Colm Tom Chóil Ó Conaire, Mike Flaherty, Paddy Ó niaidh, Máire Uí Chonaola, Colm Ó Mainín, Seán Ó Mainín (agus crios an Golden Shamrock air), Michael John Sheáinín Ó Conphaola agus Bab Sonny (Bean M. Flaherty)

Bhí an t-uafás gasúir i scoil an Turlaigh Bhig ag an am sin, déarfainn go raibh ó dhá chéad go dtí dha chéad go leath ann nuair a bhí mise ag dul ann. Bhí go leor gasúir ar chuile bhaile thart, tá athrú mór tagtha ar sin anois. Théis na scoile bhíodh fataí le piocadh, féar le triomiú agus rudaí beaga mar sin le déanamh. Bhíodh muid ag spraoi thart le gasúir an bhaile ar ndóigh, sa trathnóna. Bhínn fhéin, Michael Pheige agus Máirtín in éineacht i gcos. Chaithfeadh muid píosaí ag speáil ar ghaeilgeoirí.

Chuaigh mé go Boston i mí Iúil 1974. Bhí mo dheirfiúr Josie sa mbaile agus chuaigh mé anonn léi. D'fhan mé thall go Nollaig, tháinig mé abhaile mar gur cailleadh mo uncail Cóilín Tom. Ní raibh mé le fanacht ach sé seachtainí ach dúirt m'athair liom fanacht píosa eile agus an Irish Championship a thriail. D'fhan mé ansin agus chuaigh mé go Rath Cairn ar chúrsa traenála a bhí eagraithe ag Gaeltarra Éireann le ABM, comhlacht a raibh monarcha oscailte acu i Ros Muc. Chuaigh seisear againn suas, sé Dónal Ó Lubhlá a thug suas muid — Tommy Cevan, Steve Johnny Mhainín, Packie Mhic Bhearthla, Thomas Mhicí Stephen agus Michael Pheige. Chomh maith leis an traenáil sa monarcha chuaigh muid ag dornálaíocht leis an gclub áitiúil, an Girly Club. De réir a chéile ansin bhí cuid acu ag imeacht go dtí nach raibh fanta ach mé fhéin agus

Thomas Mhicí Steven. Fuair an club dornálaíochta carabhán dúinn agus baisteadh 'the odd couple' orainn. Bhuaigh mé an Irish Championship thuas ann. D'fhan mise ann ag obair go dtí 1976, fuair m'athair go dona le ailse agus tháinig mé abhaile agus chuaigh mé ag obair san monarcha a bhí ag an gcomhlacht ABM i RosMuc.

Bhí an-slua leids ag obair ann, fuair muid ar aghaidh go maith lena chéile. Go sábhála Mac Dé sin, bhíodh an-chraic againn ach bhíodh an obair dhá déanamh chomh maith céanna. Is cuimhneach liom go maith an dream a bhí ag obair ann san am sin, bhí Michael Phete Taimín, Michael Tom Chóilín, Tommy Tom Robert, Tommy Cevan, Mattie Mhatt Mhaithiaís, Máirtín Mhichael Sheáin Phaddy, Packie Mhic Bhearthla, Beannacht Dé lena anam. Bhí mac le mo dheirfiúr Mary, Pádraig ann, sé a bhí ina tea-boy. Bhí Pádraig Mhatt Mhaithiaís ann ar feadh píosa freisin agus ba é Michaelín John Sheáinín a bhí ina bhanisteoir ann. Tá sé fhéin anois ar shlí na fírinne. Bhí foireann beag sacair againn, ní raibh aon mhaith liom fhéin ag imirt sacar. Bhí foireann tarringt téide againn freisin. Chuaigh muid suas go Dún na nGall ag tarraingt i gcomórtas a bhíodh idir monarchain an Údaráis agus bhí an-deireadh seachtaine againn.

Obair iarainn a bhí ar siúl sa monarcha, ag déanamh scafaill agus ag déanamh chassis leoraithe. Bhí go leor


obair weldála agus péinteála i gceist, thar lear a cuirtí an-chuid den táirgeadh. Bhí obair mhaith dhá dhéanamh ann, ba é an t-aon tionscail sa gceantar é ag an am. Thug sé fostaíocht mhaith, sé an trua gur dhún sé, b'fhéidir marach gur dhún go mbeadh go leor dá bhfuil imithe fanta sa mbaile.

Sé'n chaoi ar chuir mé suim sa dornálaíocht ar dtús, bhíodh Johnny Mháirtín Mhainín ag reachtáil seisiúin aclaíochta istigh sa sean scoil i Ros Muc agus bhíodh Paddy agus Briocán, mo bheirt dearthár ag dul isteach ann. Tar éis scaithimh, iarradh ar Mhichael Sheáin Chóilimín — Mike Flaherty — dornálaíocht a mhúineadh ann, bhí mé fhéin agus Colm sa mbaile ag breathnú ar an teilifís, ceann a bhí ar cíos againn. Tá a fhios agam go raibh Muhammad Ali ag troid air agus bhí mé fhéin agus Colm ag sparáil le chéile ag aithris air. Nuair a tháinig Bríocán agus Paddy abhaile bhí siad ag inseacht do m'athair go raibh Michael Sheáin Chóilimín ag bunú club dornálaíochta agus go mbeadh sé ag tosú Dé Máirt. 'M'anam má tá' a deir m-athair 'go mbeidh an bheirt agaibhse istigh ann'. Thug mo athair an bheirt againn isteach oíche Dé Máirt, sin é an chaoi ar thosnaigh sé.

Is maith is cuimhneach liom an chéad oíche sin, bhí slua leids mhóra ann agus bhí mé fhéin chomh beag agus péire spéacláirí orm. Bhí mé thart ar dhá bhliain déag ag an am. Thosnaigh siad ag gáire fúm. Sheas cupla leaid as RosMuc suas agus dúirt siad leo stopadh ag gáire, go mbfhéidir go mbeadh mise agus Colm chomh maith leo fhéin lá eicint. B'iad sin Máirtín Cevan (Mairtín Niaidh) Paddy McGrath, Éamonn Phatraicín Ó Mainín agus Paddy Mhairtín Breathnach.

Bhí an-suim ag m'athair sa dornálaíocht. Déarfadh muintir na h-áite go raibh sé fhéin go maith leis na lámha, fear an-chiúin a bhí ann ach is dóigh dhá gcuirí aige é go raibh sé in-ann é fhéin a chosaint. Thug m'athair agus mo mháthair an-chúnamh agus an-tacaíocht dom agus go deimhin chuile dhuine den chlann, ligí saor mé ó phiocadh fataí is rudaí mar sin nuair a bhíodh troid ag teacht aníos.

Bhí an-chlub i Ros Muc, bhí an-slua leids ann ag an am agus bhí an traenálaí ab fhearr sa domhan againn - Michael Sheáin Chóilimín nó Mike Flaherty mar a bhfearr aithne air. Tá mé dhá rá sin ó mo chroí. Thraenáil mé faoi thraenálaí a thraenáil daoine ar nós Muhammad Ali. Bhí mé trí bliana le Angello Dundee agus le dream a thraenáil seaimpíní domhanda, ach ní choinneodh siad coinneal do Mhike Flaherty. Thaispeáin Mike chuile rud dúinn, thaispeáin sé dúinn leis an iarradh a chaitheamh, thaispeáin sé freisin céard a d'fhéadfadh tarlú muna raibh tú lena dhéanamh ceart. Sé an sórt fear a bhí ann, mhúin sé faoi an dornálaíocht dúinn ach mhúin sé faoin saol dúinn freisin. Bheadh fonn ort dul ag an gclub i Ros Muc. Sin rud nach raibh amhlaidh le traenálaí i Meiriceá. Ní raibh caoi ar bith orthu ag déileáil le daoine, bheadh drogall ort scaití dul ag an Gym, bhíodh go leor brú i gceist.



Tuismitheoirí Sheáin: Paitín Tom agus Teresa

Thug Mike Flaherty, beannacht Dé lena anam, seans iontach do leids óga an cheantair agus d'éirigh thar barr leis an gclub. Tháinig dornálaithe maithe amach as — Michael Newell as Ros Cíde, ní raibh sé ach bliain ag traenáil nuair a chuaigh sé chomh fada le Craobh na hÉireann. Throid sé Christy Curtis i mBaile Átha Cliath, bhuaigh sé an troid go héasca ach níor tugadh dó é.

Bhí dornálaithe eile - Séamus Macken as an Turloch,

Packie Mhick Bhearthla Bhreathnaigh as Snabó, Beannacht Dé leo, tá an bheirt acu imithe, Michael agus Máirtín Mhaidhcó Pheige agus Paddy McGrath as Cill Bhroicín. Níor buaileadh ariamh Paddy ag troid go hamaitéireach, Paddy Martin as Snabó, Máirtín Cevan as an Tamhna Bhig. Tá a fhios ag chuile dhuine faoi Mháirtín cé chomh maith agus a bhí sé. Chaith sé roinnt blianta ag dornálaíocht go profisiúnta i Sasana agus d'éirigh go maith leis. Bhí Colm sin againne agus Tommy O hEithir an-mhaith, Tom Fheilipe mar a bhfearr aithne air nó Tom O Conaire as Ros Cíde, bhuaigh sé go leor craobhacha ach ní bhfuair sé aon seans ceart ariamh, Stephen Mhicí Stephen as Sála Laoi, bhuaigh sé Craobh Chonnacht. Ba é Stephen Johnney Mhainín an chéad duine a throid go hoifigiúil do Chlub Dornálaíochta Ros Muc. Throid sé Anthony Walsh as Gaillimh sa sean-scoil i Ros Muc. Bhí trófaíthe go leor ann an oíche chéanna agus bhí mé fhéin ag rá an oíche sin gur bhréa an rud ceann acu a bhuachaint.

Bhíodh cuid de na babhtáí sparála a bhíodh againn sa gColáiste Tin i Ros Muc chomh crua le aon troid dhá raibh agam. An rud atá mé ag dul a rá anois agus ní ag déanamh gaisce atá mé, throid mé cuid den dream a bhfearr sa Domhan, ach an leaid is cruaithe, an leaid ba scáfanta agus an leaid ba smeatáilte a bhuail dorn orm ba as Ros Muc iad. Ba é Martin Mhaidhcó Pheige an fear ba cruaithe, Tom Fheilipe an fear ba scáfanta agus ba é Michael Newell an fear ba smartáilte. B'fhéidir go gceapadh daoine go bhfuil mé ag déanamh gaisce as Ros Muc ach sin í an fhírinne.

Thosnaigh mé ag troid ag meáchán chúig chlocha go leith agus ag dul suas as sin. Bhuaigh mé Craobh na hÉireann sna sóisir ag deich gclocha. Trí huair a throid mé go h-idirnáisiúnta, throid mé d'Éirinn i Meiricea, i Sasana agus in Albain. Throid mé do Chonnacht in aghaidh Shasana i Leisireland i nGaillimh nuair a bhí mé sé bliana déag d'aois, leaid den chine dhubh as Sasana, Brian Wilson a bhí air. Throid mé leaid i Meiricea — Rusty Rosenberg a bhí air. Ní cuimhneach liom anois ainm an leaid as Albain.

Nuair a bhíodh muid ag dul isteach ag traenáil i Ros Muc, bheinn ag cloistéal caint ar *amateur boxing* agus ar *professional boxing* ach níor thuig mé an difríocht a bhí eatarthu. D'fhiafraigh mé do leaid as an mbaile ceard é *amateur boxing* agus céard é *professional boxing* mar ní raibh barúil agam. Dúirt sé liom, *amateur boxing* an rud atá tú a dhéanamh ach *professional boxing* an rud a fhaigheann tú focaithe air. Sé an fear é sin Peter Michael Sheáin Phaddy ó Conaire, 'bydad' a dúirt mise 'más mar sin é tá mise le bheith ag fáil focaithe air'. Sin é a chuir i m'intinn an chéad uair dul ag dornálaíocht go profisiúnta, sin a thug go Meiricea mé le triail fáil amach cé chomh fada agus a rachfainn. D'fhéadfainn dul go Sasana ach ní raibh mé ag iarraidh. Ní bhaineann mé fhéin ná na Sasanaigh mórán cearta as a chéile Mar Éireannach, d'Éirinn a bhí mé ag iarraidh troid agus bhí fhios agam go mbeadh níos mó seans agam é sin a

dhéanamh i Meiricea. Ní raibh mé ach ag iarraidh fháil amach cé chomh fada agus a rachfainn, bhí mé ag ceapadh go mbeadh cúpla troid agam agus gur b'shin a bheadh ann.

Chuaigh mé go Meiricea ar dtús mar a dúirt mé nuair a bhí me 17 mbliana déag d'aois. Bhí mé ag fanacht le Paddy mo dheartháir i mBoston agus le fear as Tír an Fhia, Bobby Connolly. Thug siad sin go dtí Gym Jim Connolly mé agus chuaigh mé ag obair le Jerry Phatrick Chóil as Ros Muc. Bhí an-uaigheas i ndiaidh an bhaile orm i gconaí, cé go raibh rudaí difriúil i mBoston an uair sin seachas anois, bhí muintir na hÉireann níos gaire dhá chéile, bhíodh damhsaí gaelacha ann, théadh muid amach go Forest Hill chuile oíche Dé Sathairn agus Dé Dómhnaigh agus casadh daoine as gach ceard d'Éirinn orm. Níl sé sin amhlaidh chor ar bith anois, sna pubanna a bhíos an ceol anois.

Nuair a chuaigh mé go Meiricea an dara huair, fuair mé cuid mhaith babhtáí dornálaíochta. Bhuaigh mé cuid mhaith acu agus buaileadh mé freisin, ach d'éirigh liom cuid den dream sin a bhualadh arís. Bhí an-leaid as Korea a bhí uimhir a haon sa domhan, In-Chul Baec an t-ainm a bhí air. Fiafraíodh dom an dtroidfinn é. Throid mé é agus bhuail mé é agus i ndiaidh an babhta sin bhí mé áirithe ag uimhir a dó sa domhan.

Leaid beag as Jamaica a bhí áirithe ag uimhir a haon — Mike McCallum, ba é Roberto Derrane a bhí ina World Champion.

Tairgeadh do Derrane mise a throid, ní raibh aon duine ag iarraidh McCallum a throid, bhí sé ró-mhaith. Le mise a throid ní bhfaigheadh Derrane ach chuig chéad míle dollar. Tairgeadh troid dó in aghaidh Tommy Hearn ar thrí mhiliún go leath dollar. Thóg sé an troid sin. Leag Hearn amach é agus baineadh an chraobh de Derrane agus sin é an chaoi gur casadh mise agus Mike McCallum le chéile sa bhfáinne.

Bhí a fhios agam go raibh sé go maith agus thraenáil mé chomh crua agus a bhí mé in-ann. Gearradh mo shúil roimh an troid ach níor chuir sé sin tada as dom. Bhí Paddy ag iarraidh an troid a chuir siar ach ní raibh mise ná ní raibh Connolly, níor mhaith liom an deis seo ar an World Title a scaoileadh tharm.

Bhí an troid crua, bhí Mike McCallum go maith. Ní bhfuair an fear sin leath an oiread aitheantais agus a bhí tuille aige. Ní throidfeadh an dream eile é mar bhí sé ró-mhaith, bhuaigh sé *world title* i dtír mheáchán, *light middle weight*, *middle weight* agus *light heavy weight* ina dhiaidh sin. Níl ach aon duine dhéag eile sa saol a rinne é sin.

Ní raibh fhios agam go dtairingeodh an troid an oiread airde agus a tharraing. Bhí fhios agam go raibh mo mháthair agus Mary ag teacht amach. Tháinig Colm Mhainín agus Michael John Sheáinín agus daoine eile amach freisin. Ba Éireannaigh aon mhíle dhéag den fiche míle duine a bhí i Madison Square Gardens an oíche sin, gan caint ar an dream de bhúnú Éireannach a tháinig as gach áit i Meiricea. Ní raibh aon cheapadh

agam go mbeadh an oiread cainte dhá dhéanamh dhe.

Istigh sa seomra feistis roimh an troid is ag smaoineamh siar a bhí mé ar an mbaile. Bhí Paddy in éineacht liom. D'fhiafraigh mé do Phaddy an cuimhneach leis an trathnóna a raibh an bheirt againn ag piocadh fataí a dtáinig m'athair ag gloch orm, ag rá go raibh dornálaíocht ar siúl aite eicint i Muigheo an oíche sin agus bhí Michael Sheáin Choilmín ag iarraidh orm a bheith réidh mar go rabh babhta dornálaíochta socraithe dhom. An oíche roimhe sin bhí muid ag breathnú ar throid ar an teilifís a bhí ag Muhammad Ali agus Joe Frazer i Madison Square Gardens. 'Nár stopadh tusa' a deir Paddy 'muna gearr go mbeidh tú ag ceapadh go bhfuil tú chomh maith agus gur go Madison Square Gardens a bheas tú ag iarraidh dhul'. 'Diabhal a mbeadh fhios agat' a deirmse.

Níor chuir tada as dom roimh an troid, ní raibh mé neirbhíseach, níor thug mé aon suntas don slua ná cé a bhí ann. Ní raibh tada i mo chloigeann ach Craobh an Domhain a bhuachaint agus é a thabhairt abhaile go Ros Muc. Ach níor éirigh liom.

Tháinig fear ó chomhlacht spóirt chugam ag iarraidh orm ainm a chomhlachta a chaitheamh ar mo togs ach bhí m'intinn déanta suas agam, mar ómós do mo bhaile do mo thír agus don dream a thug an seans dom a theacht chomh fada seo gur 'Ros Muc' a bhí le bheith ar mo togs. Thairg sé 25,000 dollar dom ach dúirt mé leis dhá dtairgeodh agus milliún go raibh comhlacht agam. 'Agus céard a tháirgíonn Ros Muc?' a d'fhiafraigh sé. 'Daoine maithe' a deirimse.

Ceapaim go mba cheart do chuile dhuine a bheith brodúil as a áit fhéin, is cuma cé as tú, sin comhairle a chuirfinn ar aon duine mar is cuma cá rachfaidh tú, fillfidh tú ar an mbaile sa deireadh.

Ní raibh aon aithne agam ar McCallum ach casadh orm i mBoston é i 1990 tar éis dó Steve Collins a throid. Fear an-deas é, ní dhearna muid aon chaint faoi an troid a bhí againn le chéile ach dúirt sé liom nach dtroidfeadh sé aon Éireannach níos mó 'You Irish, you make long nights for me' a dúirt sé. Bhí Steve Collins tar éis dul dhá bhabhta dhéag leis, ní raibh aon chleachtadh ag McCallum ligean do throid dhul thar ceathair nó cúig de bhabhtáí.

Bhí na babhtáí laghadaithe ó chúig bhabhta déag go dtí dhá bhabhta déag ag an tráth seo.

Tháinig mé abhaile ar an 9ú Samhain, agus muna taispeáineadh ómós dom ní lá go maidin é. Bhí muid i Shannon ag a 6 a chlog ar maidin, bhí slua mór i Shannon agus i nGaillimh agus tinte cnámh ar feadh an bhealaigh amach as Gaillimh. Níor shroich muid an Crannóg i Ros Muc go raibh sé a deich a chlog san oíche. Bhí chuile dhuine go maith dhom i chuile áit dhá ndeachaigh mé. Ní fhéadfadh daoine níos mó a dhéanamh dhom dá mbuafainn an títel ná mar a déanadh. Ach sin é an chaoi a bhfuil muintir Chonamara, tá siad brodúil as a n'áit féin agus as a muintir fhéin agus comhaireann sé sin go leor. Ní oíche



Máirín Mulkerrins agus John in éindigh le clann atá gaolta le John

amháin a bhí i gceist ach chuile oíche ar feadh míosa. D'fhan mé sa mbaile ar feath trí mhí an t-am sin. D'fhág mé an teach trí huair le n-imeacht agus chasfainn arís. Chas mé as Shannon lá amháin, bhí an oiread uaigheas orm. Bhí mo mháthair sa mbaile leí fhéin, cé nach raibh sí leí fhéin i ndáiríre. Bhíodh Briocán agus clann Mhary agus chuile dhuine den chlann a bhí ina gconaí thart ag baile isteach chuici chuile lá.

Nuair a chuaigh mé anonn an chéad lá ariamh ní raibh sé de rún agam ach dó nó trí de bhlianta a chaitheamh i Meiricea, ach ní raibh dornálaíocht profisiúnta in Éirinn agus ní raibh cúrsaí fostaíochta go maith anseo. Ach ansin anuraidh, tháinig mé abhaile ag bainis mac Nóirín, Kevin Ó Laoi. Le linn dhom a bheith sa mbaile bhí mé ag oscailt oifigiúil Gym i nGaillimh agus bhí Áine Lally ag déanamh agallamh liom le haghaidh TG4. D'fhiafraigh mé di cén chaoi a raibh a haintín, Máirín Mulkerrins as Oileán Fhínse. Dúirt sí go raibh sí togha agus go raibh sí ina conaí in Uachtar Ard, thug sí a huimhir fón dom.

Bhí mé ag dul amach le Máirín ó 1977 go dtí 1981, tá sé scór blianta ó shoin. Chuir mé gloch ar Mháirín agus rinne muid socrú castáil le chéile agus nuair a chonaic muid a chéile arís leáigh na blianta agus bhí sé nós nach raibh muid scartha óna chéile ariamh. Tá muid ag pósadh ar an 6ú lá de Dheireadh Fómhair, le cúnamh Dé.

Tá iníon agam — Teresa, baisteadh Teresa uirthi i ndiaidh mo mháthair agus i ndiaidh iníon a bhí ag mo dheartháir Briocán agus Margaret a rugadh thart ar an am céanna ach a fuair bás agus gan í ach chúig seachtainí. Tá Teresa ocht mbliana déag d'aois, tá sí ina conaí i Wisconsin agus ag dul ag coláiste ansin. Beidh sí ag teacht abhaile ar cuairt an Geimhridh seo le



(Ón barr:) Máirín Mulkerrin agus Seán Ó Mainín; Theresa, iníon Sheáin; John agus Paul, mac le Máirín Mulkerrins

cúnamh Dé.

Tá an saol go maith anseo anois, ach cheap mise go raibh i gconaí, bhí an saol go maith againn fhéin nuair a bhí muid óg. Is dóigh go gcreideann an dream óg é sin anois freisin ach gur maith leo imeacht go bhfeicfidh siad an saol dhóibh fhéin. Cé a thógfadh orthu é. Déanfaidh sé maith dhóibh má smaoineann tú air, is ansin a thuigfeas siad céard atá fágtha ina ndiaidh acu.

Sé an t-athrú is mo a fheicimse ar an áit anois agus ní hé an chaoi a bhfeicim é ach sé an chaoi a gcloisim é. Tá go leor leor gasúir agus daoine óga anois ag labhairt Béarla, agus sin rud a chuireann as go mór dom. Ní in aon áit amháin atá sé ag tarlú ach ar chuile bhaile agus fiú ag obair bíonn mé ag éisteacht le leaids as Conamara ag labhairt Béarla lena chéile. Bíom ag fiafrú cén fáth agus is dócha gur gearr go ndéarfadh siad liom aire a thabhairt do mo ghnóthaí fhéin ach is cuma liom. Ba cheart dúinn cuimhniú ar na daoine a fuair bás ar son tír agus teanga, ach dream a bhfuil sí acu ón nadúr ag labhairt Bhéarla, ní thuigim é. Ní ualach ar dhuine ar bith a bhfuil sí aige ón nádúr í a labhairt. Tá daoine ar fud na tíre nach bhfuil sí acu a thabharfadh a dhá súil a bheith in-ann í a labhairt. Ach aríst níl chuile dhuine mar sin.

Tá ceadúnas faighte agam le Club dornálaíochta a oscailt sa gCrannóg i Ros Muc. Beidh an club seo oscailte do gach aois-ghrúpa ó 9 mbliana suas. Tá coiste le bunú agus tá súil agam an club a oscailt i lár mí Deireadh Fómhair. Beidh sé mar choinníol gur Gaeilge a bhéas dhá labhairt. Bheadh súil agam go dtabharfadh sé seo seans agus spreagadh do dhaoine ar bheagán Gaeilge, cleachtadh an teanga a fhoghlaim agus í a labhairt.


Nuair a tháinig mo mháthair go Ros Muc ar dtús ní raibh focal Gaeilge aici agus ní raibh focal Béarla ag mo shean mháthair, ach d'fhoghlaim sí Gaeilge agus is Gaeilge a labhair muid i gconaí sa mbaile. Tá a fhios agam nuair a thagadh gasúir abhaile as Meiriceá go mbíodh náire orm mar nach mbeinn in-ann Béarla a labhairt ach tá mé bródúil as sin anois mar dhá mbeadh is ag bearlaíreacht a bheadh muid. Sin atá ag tarlú anois, tá Béarla ag chuile ghasúr ní locht ar bith é sin dhá dtugtaí tús aite don teanga dúchais. Má théann tú go aon tír eile tá a dteanga fhéin acu agus iad bródúil aisti. Cén fáth nach mbeadh muid anseo i gConamara bródúil as an nGaeilge, nach bhfuil sí ar cheann do na teangacha is sine sa domhan.

Chonaic mé ar an teilifís an lá cheana, tar éis an chluiche iománaíochta idir Luimneach agus Corcaigh, daoine a ndearna TG4 agallamh leo. Tar éis an chluiche, chuirfeadh sé ríméad ort ag éisteacht leo, an Ghaeilge bhreá a bhí acu. Tá a fhios agam go bhfuil sé deacair ag daoine a thagann abhaile as Sasana agus Meiriceá agus teastaíonn cúnamh uathu leis an teanga a fhoghlaim, ach ní aon chúnamh dhóibh a bheith ag labhairt Béarla leo.

Sin é an dífriocht idir an Conamara a d'fhág mise i 1977 agus Conamara anois. Tá an Ghaeilge ag dul síos go mór agus muna bhfuil na gasúir seo anois ag dul dhá labhairt cén chaoi a mbeidh sé ag an gcéad ghlúin eile? ”

An Foclóir Póca

An 7ú hathchló



Os cionn 300,000 cóip díolta cheana - an seachtú hathchló déanta

over 30,000 words and examples

learner's cassette available

verb tables and grammatical guide

phonetic pronunciation

Ar fáil anois agus clúdach nua láidir air is fearr ná riamh

An Foclóir Póca

ISBN 1-85791-047-8 *IR£5.00 €6.35 ST£4.17

* Nil costas postais san áireamh. Gach eolas ó na siopaí luaite.

Is féidir leabhair an Ghúim a cheannach i siopaí leabhar nó a ordú ar an bpost uathu seo:

An Siopa Leabhar Teil: (01) 478 3814 ansiopaleabhar@eircom.net

Cúpla Focal Teil: (01) 276 5120 siopa@cuplafocal.ie

An Ceathrú Póilí Teil: (028) 90 964181 diane@culturann.org

Tá ár gcuid catalóg ar fáil saor in aisce. Ní gá ach fios a chur orthu ó:

AN GÚM

An Gúm
Teil: (01) 889 2800 gum@educ.irlgov.ie

Is cuid d'Fhoras na Gaeilge é An Gúm

Foras na Gaeilge



SAOL AN BHÁDÓRA



RUAIDHRÍ Ó TUAIRISG

I ngach eagrán de iris Phléaráca ó 1991 rinne Ruaidhrí Ó Tuairisg cur síos ar bháid mhóire. In eagrán na bliana seo déanann sé cur síos ar an saol a chaith na bádóirí agus a dteaghlaigh.

Ar an bhfarraige go hóg

Má bhí sé d'ád (nó de mhí-ád) ar ghasúr go raibh bád ag a mhuintir ní raibh mórán blianta caite aige gur cuireadh eisean amach ag déanamh rud eicint sa mbád. Bhí sé amhlaidh freisin go raibh go leor bádóirí ina gcónaí ar oileáin agus bhí sé riachtanach go mbeadh duine in ann bád a láimhseáil.

Dúirt Pat Cheoinín liom go raibh sé ag gliomadóireacht lena athair nuair a bhí sé deich mbliana d'aois agus go mbíodh sé ag tabhairt lámh chúnta leis an mballasta. D'fhág sé an scoil nuair a bhí sé cheithre bliana déag, agus thosaigh sé ag obair ar an Pearl, nobby a bhí acu. Bhí siad ag tarraingt stuf amach as Gaillimh ag na siopaí.

Nuair a bhí sé seacht mbliana déag bhí sé ag obair lena dheartháir, Seán, ar An Áirc, bád mór 43 tr. a bhí ag a uncail, Coilmín Mac an Iomaire, a raibh siopa láidir aige i Muighinis. Dála an scéil, níor fritheadh aon amharc ar An Áirc ó scaoileadh le sruth í agus í ar cheann téide ag an úinéir Harry Killea amach ó chósta na Spáinne sa mbliain 1988.

Bhí na bádóirí uilig cosúil le Pat Cheoinín. Bhí John

William Seoige as Inis Bearachain ag obair lena cholceathrar John Bhaibín, ar a leath-bhád, Bláth na hOige nuair a bhí sé féin ceithre bliana déag. Thug siad móin go hÁrainn, go Cinn Mhara, go dtí An Chéibh Nua agus áiteacha eile.

Bhí Johnny Bailey as an Sruthán Buí ag bádóireacht ar an gCapall lena athair nuair a d'fhág sé an scoil agus bhí sé féin ina mháistir uirthi nuair a bhí sé seacht mbliana déag.

Níorbh é an mac is sine a fuair an bád i gcónaí óna athair. Fágadh í go minic ag an té b-ábaltá agus ag an té ba mhó a raibh spéis aige inti. Go deimhin bhí daoine chomh ádhúil go bhféadfá a rá gur phós siad isteach sa mbád. Phós Peadar Ó Conghaile as Inis Bearachain Nóra Ní Chonaire as Tír An Fhia agus as seo a fhaighimid an t-ainm Bád Pheada nó An Morning Star anois.

I bhfad ó bhaile

Cé gur saol an-chrua a bhí sa mbádóireacht bhí buntáistí ag baint leis freisin. D'éirigh le fir óga imeacht ar feadh tamaill ó fheilmeacha agus ó thrá, agus áiteacha a bhí i bhfad ó bhaile, mar Chinn Mhara, Gaillimh, An Spidéal agus Árainn a fheiceáil. Tá na háiteacha seo ar leic an dorais anois



Conn McCann agus Donncha Ó hÉallaithe sa gConnacht i nDouarnanez na Fraince i 1988

againn ach ní amhlaidh a bhí cheithre scór bliain ó shin. Ar na haistreacha seo mar adúirt mé bhí cruatan ach bhí daoine nua, craic agus saoirse.

Saol crua

Beirt a bhíodh ag obair ar an mbád go minic ar feadh na bliana. D'fhág siad Carna, Ros Muc, An Cheathrú Rua, An Máimín go luath ar maidin ag braith ar an taoille. Amannta chaitheadh an bád a bheith amuigh ar ancaire. Tháinig cuid acu timpeall Cheann Gólaím. Tháinig báid Ros Muc agus Chamuis tríd An Daingean, áit a raibh droichead luascadh go dtí 1967. Mar adúirt na bádóirí, "Tá an dá bhealach ann, An Daingean agus an Ceann"

Thug siad móin go hÁrainn agus Cinn Mhara, feamainn go Gaillimh. Chodail siad faoi deic, áit a lastaí tine ar leacracha le haghaidh cócaireachta. Fataí, arán, iasc agus im an bia ba

choitianta a bhí acu. Is maith is cuimhin liom fós an chéad uair a chonaic mé tine mar seo agus mé ag ól tae a bhí déanta ag Micil Bailey ar an gCapall agus muid ar an mbealach ón Máimín go Cinn Mhara ag tús na n-ochtóidí. Tá a leithéid ag Máirtín Ó Briain ar An Tónaí agus ag Pádraig Johnny Jimmy ar An Mhaighdean Mhara. Bhí an tine ag teastáil freisin le éadach a thriomú mar ní riabh aon chaint ar chultacha báistí.

Bhí na seolta níos lú ná mar atá siad anois ach fós bhí siad trom mar gheall ar an ábhar a bhí iontu, cadás nó baffidí go háirid nuair a bhí sé fliuch. Ní bhíodh an oiread sin imní ar na bádóirí faoi na báid féin i ndroch-aimsir ach faoin rigéail. Go minic bhíodh fuireacht calaidh orthu. Is minic a chaith John William cúig nó sé lá i gcaladh, chaitheadh Pat Cheoinín laethanta fada i nGaillimh agus dúirt Johnny Bailey gur fhág sé An Máimín

uair le móin go Cinn Mhara agus mar gheall ar dhroch-aimsir nach raibh sé sa mbaile go ceann trí seachtainí.

Nuair a bhí an aimsir ró-bhreá bhí fadhbanna eile agat. In aimsir cailm bhíodh ar na bádóirí dhá mhaide rámh a oibriú agus san oíche bhíodh orthu bheith ag faire agus ag éisteacht le farraigí ag briseadh ar thránna agus ar charraigeacha, ag faire ar an ngealach, ar réaltóga agus ar thithe solais. Dúirt John William liom go raibh an sneachta níos measa ná rud ar bith eile. Ní raibh fhios agat ó thalamh an domhain cá raibh tú.

Ba mhinic imní ar mhná-chéile agus ar mháthaireacha ach go minic tháinig siad féin ó dhream a raibh baint acu leis an bhfarraige agus thuig siad an scéal. Chuireadh bádóirí scéal abhaile le comharsana a chasadh leo i nGaillimh go raibh chuile shórt ceart go leor.



"Sin ceann maith!" — Seán agus Pat Cheoinín

pic: Bob Quinn

Obair na mban

B'iontach an obair a rinne na mná. Chomh maith le obair an tí, chuir siad fataí agus coirce, bhain siad feamainn agus carraigín agus shábháil siad móin. Dúirt Pat Cheoinín nár chuir sé féin mórán fataí ariamh, ní raibh cinneadh ar bith lena mháthair. Rinne bádóirí eile roinnt oibre idir dhá thuras agus thriail siad na fataí a bheith curtha acu roimh Lá'l Pádraig.

Luach saothair

Dóibh siúd a bhí ag plé le móin thosaigh an obair timpeall mí na Márta agus lean sé ar aghaidh go dtí Mí na Samhna. B'fhéidir go ndeachaigh siad ag plé le lastas ina dhiaidh sin. Is cuimhin le John William móin a thabhairt go hÁrainn Oíche Shamhna agus é bheith sa mbaile in Inis Bearachain ag 11 i.n. Ní mórán a rinne Pat Cheoinín le móin. D'oibrigh sé ar feadh na bliana ag

tarraingt ag siopadóirí. Thosaigh sé nuair a bhí sé cheithre bliana déag agus tá sé ag obair fós ar a bhád Star of Faith. (2001) D'oibríodh sé sé lá na seachtaine, bhí an Domhnach saor go h-iondúil mura mbeadh tú ag teacht abhaile nó ag cur báid amach ar ancaire. Ní raibh aon chaint ar pháigh seachtaine, rag-obair nó bonus. Sna ficheadaí agus na tríochadaí fuair úinéir an bháid luach trí ualach agus fuair an leath-bhádóir an ceathrú ceann. Níos deireanaí fuair sé an triú ualach. Ar bhealach bhí sé seo níos fearr ná bád a bheith agat mar ní raibh aon chostas cothabhála ort. 'An ceathrú pingin agus an triú pingin' a thug Johnny Bailey ar an gcóras seo. 'An ar an gceathrú pingin a bhí tú?'. Fear Fóirne a thug muintir an Chladaigh air an leath-bhádóir. Bhí an ceathair agus an haon ag Pat Cheoinín freisin. 'Chaon dara hualach a bhí ag John William agus John Bhaibín.

Nuair a thosaigh Johnny Bailey ag deire na gceathrachadaí fuair sé £7 in Árainn agus £8 i gCinn Mhara. Bhíodh Paddy agus John Mhichael Labhráis as Inis Oilte, Camus ag fáil £5 i gCill Éinne lena leath-bhád An Swan timpeall an ama céanna. Nuair a chríochnaigh Johnny Bailey le móin i 1959 bhí sé ag fáil £20. Choinnigh Paddy agus John Mhicheal Labhráis orthu go dtí Iúil '84 agus fuair siad £165 ar an ualach deire in Inis Méain. Chríochnaigh na húicéirí i dtús na seachtóidí agus fuair siad £30 ar ualach in Árainn. Chosain sé £15 ar an bportach agus £4 nó £5 don leoraí i a thabhairt ag an gcéibh.

Sna blianta roimhe sin thugadh asal agus cléibh nó capall agus carr an mhóin ag an gcaladh. Théadh seacht nó ocht gcarr móna i mbád. Ba mhaith leis na bádóirí féin í a líonadh, bhíodh 'boiscíní' déanta ag cuid acu agus móin mhaith in uachtar. Bhíodh orthu



Joe Mhaidín agus Johnny Bailey sa gCapall



Máirtín Tom Dairbe

an mhóin a fholmhú, pionta nó dhó leis an gceannaitheoir agus ar ais abhaile. Scaití in Árainn fuair na bádóirí iasc in áit airgid, 480 bréam, a dhiol siad sa mbaile. Bhí sé scór móide trí sa gcéad, nó mar deir John William, 'sé scór agus lámh isteach'. Dhéanadh Mike O'Brien agus Johnny Jimmy aistir nó dhó sa ló, rinne Johnny Bailey trí aistir as Ros an Mhíl lá amháin. Anois is arís bhí turasóirí acu agus thug siad beithigh as Árainn agus fataí isteach go Gaillimh. Tugadh cloch aoil abhaile as Árainn agus as An gCéibh Nua le dó i dtornógaí cosúil leis an gceann sa Máimín.

Chuala mé gur thug An Áirc trí scór duine agus trí scór rothar go hÁrainn uair. Bhí na húicéirí ábalta cheithre thonna dhéag a iompar agus bhí na ceanna móra mar An Áirc agus Fág a' Bealach in ann ag seacht dtonna dhéag.

Siopaí

Ba le lucht na móna a gcuid báid féin ach níorbh amhlaidh do na daoine a bhíodh ag plé leis na siopaí. Bhí a bhád féin ag chuile shiopadóir agus bádóirí ag obair aige. Chuirfeadh sé iontas ort inniu suíomh na siopaí sin a fheiceáil. Tá siad ar oileáin nó ar chinntíre

iargúlta, cosúil leis An Crapach, Leitir Mealláin áit ar thosaigh sinsir Thomas McDonagh na Gaillimhe, nó An Gairfean, Ros Muc, áit a raibh siopa mór ag muintir Chonroy. Caithfear cuimhneamh gur tógadh na siopaí seo nuair nach raibh aon bhóithre ann ná droichid agus ba é an bád an t-aon mhodh taistil agus tráchtála.

Tá Pat Cheoinín ar dhuine den dream beag bádóirí atá fágtha a bhí ag freastal ar shiopaí an t-am ar fad. Bhí sé ag obair lena athair ar an nobby An Pearl agus ar Fág a' Bealach agus ar An Áirc lena dheartháir, Seán. Tharraing siad earraí ag na siopaí móra ar fad, Tommy Flaherty i mBaile Uí Chonghaile, Ó Móráin agus Moylett i gCarna, Mac Con Iomaire i Muighinis. Dúirt Pat liom gur chuir sé 17 tonna plúir ar An Áirc lá leis fhéin.

Is minic go raibh an oiread glaoch orthu go gcaithidís ualach a bhriseadh suas agus roinnt a thabhairt ag cúpla siopadóir agus thabharfadh na báid mhóna an chuid eile abhaile nuair a bheadh seans acu. Dúirt John William liom gurbh í An St. Patrick an bád ba deise a chonaic sé fhéin ariamh ar Chuan na Gaillimhe ach go raibh sé chomh gnóthach nach raibh am acu cóta breá tearra ná culaith ceart seoil a

chur uirthi. Dúirt Pádraig a' Mháille gur dhúirt a athair go bhfaca sé aon bhád déag i nGairfean i Ros Muc ag tabhairt earraí ag siopa Chonroy. Bhí sé fhéin ar cheann acu. Dúirt Macdara Ó Maoláin as Árainn go bhfaca sé fhéin 20 bád i gCill Rónáin agus chonaic sé 35 bád ag seoladh amach as Conamara.

Ag tús an chéid seo caite fuair an bádóir scilling an tonna ar lasta agus bhí sé bailithe suas go dtí deich scilleacha sna ceathrachadaí. Sí An Mhaighdean Mhara a thug ábhar an tséipéil nua na Cearhrún Ruaidhe, teach an tséiplínigh agus an scoil anoir as Gaillimh timpeall na bliana 1894 agus fuair siad scilling an tonna. Báid eile a rinne freastal ar shiopaí áitiúla — An Catherine agus Erin's Hope go dtí Monica Réamoinn i dTír an Fhia, An St. Patrick go dtí siopa Chonroy i Ros Muc, An Meiricean Mór ag O'Donnells ar an gCeathrú Rua, an nobby Pride of Mace ag Ó Conghaile sa Más, An Stail ag Conroy's i gCill Chiaráin agus go leor leor eile.

Thug siad feamainn go Gaillimh. Dhíol siad í le daoine mar Delia Lydon a bhí san áit a bhfuil The Quays anois. D'fhág siad ballasta ina ndiaidh agus thug siad ualach stuif abhaile leo. Bhí



Cá bhfuil do phiopa a Mhicil? Micil Bailey, John Bhaibín, Johnny Bailey agus Dudley Bailey



measc na ndaoine ar an mbád tá Michael Chóilín agus Willie Phádraigin as an gCeathrú Rua, i gCinn Mhara (1979 nó '80)



Tom Bottle Conroy (le hata) ar Bhád Chonroy i gCill Rónáin

carr agus capall ag Thomas McDonagh & Sons ag freastal ar an mballasta.

as Ros Muc ualach plúir ag dul suas an Daingean.

Clárú

I rith an Chéad Chogaidh Mhóir b'éigean báid a chlárú. Chosain sé seo cúig scilleacha agus go minic tugadh ainm nua 'oifigiúil' ar an mbád seachas an sean ainm áitiúil a bhí uirthi. Bhí cuid dena húinéirí sa gcogadh agus chuir siad isteach ar chostaisí cothabhála ar an mbád nuair a tháinig siad abhaile. Ní raibh aon chaint ar árachas go dtí gur chaill bád le Conroy

Ói

Tríd is tríd ní raibh baint an-mhór ag bádóirí le ól cé go raibh siad imithe ó bhaile go minic. Bhíodh corr-bhraon poitín ar bord acu agus d'ólaidís corr-phionta ag ceann scríbe ach sin an méid. Dúirt bádóir amháin liom, 'ní raibh an tairgead fairsing le pórtar a cheannacht agus bhí an stuf glas contúirteach'. Thug cuid de na báid poitín go Gaillimh, Cinn Mhara agus

go Co. an Chláir. Tógadh An Mhaighdean Mhara i gCinn Mhara uair agus 16 galún poitín ar bord. Is beag nár chaill siad an bád. Thug An Capall roinnt mhaith poitín soir agus is beag nár gabhadh í uair i mBéal a' Chloga. Dúirt Pat Cheoinín liom go mbíodh gimléad ag corr-bhádóir le braon a shú aníos as na bairillí pórtair. Bhíodh bád ag fear darbh ainm Micil Bairéad as Leitir Mealláin ag tarraingt poitín go Sráid na Cathrach. Ba mhínic leis an oíche a chaitheamh ar Oileán an Dá Bhruinneog, siar ó Inis Mór. Timpeall na bliana 1890 bád é féin agus a bhád amach ón oileán agus tháinig na ceaigeanna i dtír ag An Aird Thiar, Carna.

Deisiúcháin

Rinne na bádóirí go leor den deisiúchán iad féin. Má bhí obair mhór le déanamh chuaigh siad go dtí saortha mar Cathasaigh, Clochartaigh, Maoilchiaráin i gCarna, Willie Pheatsín Mhílidh as Tír an Fhia, Michael Mór Ó Nia as Ros Muc, O'Donnell agus Reaney i nGaillimh agus Keane i gCinn Mhara.

Nuair a tógadh báid cosúil leis An Capall agus An Mhaighdean Mhara bhain an saor timpeall cúig phunt amach ar an obair agus chosain an t-ábhar idir seasca agus seachtó punt. Rinne go leor bádóirí a gcuid seolta féin. Gearrann agus fuáileann Johnny Bailey seolta terylene don Chapall agus dá ghleoiteog le lámh. Tá seolta gearrtha ag Pat Cheoinín do riar mhór de bháid Chonamara. Tá an traidisiún dhá choinneáil suas i gcónaí ag bádóirí mar John Dairbe agus Cóilín Ó hlarnáin.

Geallta

Ní raibh an oiread geallta ann fadó is atá anois. Má chaith tú sé lá na seachtaine ar an bhfarraige amuigh faoi chuile chinéal aimsire bhí scíth ag teastáil uair ar an Domhnach. Ach bhí roinnt ann, chonaic John William geallta i gCuigéal, Cill Chiaráin agus i gCloch na Rón. Bhailítí cúpla punt go



Breandán Ó Tuairisg, Pádraicín Bhríd Rua, Pádraig Ó Tuairisg agus Colm Ó Donnchadha

háitiúil agus thugtaí é don bhuaiteoir. Cé go raibh airgead gann bhí an chéad áit i bhfad níos tábhachtaí. Bhí na báid ag fiachaint a chéile i gcónaí ag dul le hualach nó ag teacht abhaile. Tá a fhios againn go raibh geallta in Árann i 1884. Bhí agus tá fós lá mór ar an 16 Iúil, Lá'l Mhic Dara i gCarna. Tugann báid na háite chuile dhuine amach go hOileán Mhic Dara, áit a léitear Aifreann. Is iontach an radharc é, báid innill agus báid seoil, cúpla scór acu a fheiceáil ar ancaire thíos fút lá breá gréine. Ritear geallta i ndiaidh an Aifreann. Bhí na patrúin seo níos tábhachtaí ná geallta. Bhíodh lá mór ag Tobar Cháilín in aice le Ceann Léime ar an 13 Samhain, Tobar Chiaráin i gCill Chiaráin ar an 9 Meán Fómhair agus Tobar Cholm Cille in aice leis an Tulach ar an 9 Meitheamh.

Ar na hócáidí seo insíodh scéalta, óladh corr-dheoch, rinneadh cleamhnas, gearradh corr-smut agus bhí lá maith ag chuile dhuine.

Mná ar Bord

Go hiondúil níor oibrigh mná ar bháid. Bhain siad feamainn agus thug siad amach ag na húicéirí í i gcurrach. Chuaigh siad ag siopadóireacht go Gaillimh sna báid ach sílim gur cheap bádóirí nárbh b'shin é a náit. Chuala mé fhéin sean-bhádóir ag rá i dtús na seachtóidí 'Céard a dhéanfadh siad dá dtiocfadh orthu?' Ach ar ndóigh bhí eisceachtaí ann freisin. Sheol Jude Bairéad as Leitir Mealláin pucán go minic. Tá sé spéisiúil gur dhúirt Seán Mac Giollarnáth ina leabhar 'Annála Beaga ó Iorras Aithneach' go mbíodh

seanathair Jude, Seán Ó Lorcáin agus a dheirfiúr as Daighinis ag tarraingt mhóna agus fheamainne le bád.

Tráchtann sé ar mhná eile freisin, Máire Pheatsaí Thomáis agus iníon Mhicil Bheite a sheoladh as an Oileán Iarthach i gCuan Chill Chiaráin go Cill Chiaráin ag an Aifreann go Cuigéal agus go Carna. Tá trácht aige ar bheirt eile as Oileán Máisean, Caitlín Nic Thuathaláin agus Máirín Sheámais Mhíchil a bhíodh ag seoladh lena gcuid fear.

Tá modh maireachtála a chleacht daoine ar feadh na gcianta imithe uainn go deo agus mar adúirt Tomás Ó Criomhthain faoi mhuintir An Bhlascaoid Mhóir, is féidir linne a rá faoi bhádóirí Chonamara, 'ní bheidh a leithéidí arís ann.'

Coiste Gamoideachais Chontae na Gaillimhe

IONAD OIDEACHAIS SHEACHTRAIGH

Ceapach na gCapall

Suíomh:

Tá an t-ionad suite ar bhrúach theas Loch Measca, le Loch Coirib ag sineadh ó dheas, Sléibhte Mhám Tuirc san lárthar agus machairí aolchloch na Gaillimhe agus Foraoisí Stáit san oirthear. Tá Ceapach na gCapall suite i gceantar fíor álainn agus tá 15 acra tailte cóirithe mórthimpeall an ionaid chomh maith le 15 acra ar an oileán Rua, 300 méadar ó thanalacht Loch Measca.

Áiseanna:

Tá áit chodlata do suas le 100 duine ar fáil san ionad agus i dTeach Mór Cheapach na gCapall féin. Tá suanliosanna agus seomraí ar fáil, ag brath ar éileamh na ngrúpaí éagsúla. Tá áiseanna campála ar fáil sa deá láthair campála ar an suíomh. I measc na n-áiseanna eile tá seomra bia mór, seomra teilifíse, seomra le héadaí a thriomú, garraí mór do pháistí le cluichí a imirt, cúirt cispheile, deis cócaireachta faoin aer, suíomh tine champa.

Gníomhaíochtaí — Ar an suíomh

- Eachtraíocht faoin aer do ghrúpaí lae agus do ghrúpaí cónaithe
- Staidéar Dúlra: Geolaíocht, Tíreolaíocht agus Eiceolaíocht do mhic léinn iarbhunscoile agus tríú leibhéal
- Cúrsa foirbirt foirne
- Cúrsaí i mBainistiú ar Oideachas faoin aer
- Curachóireacht, dreapadóireacht, rianadóireacht, seolmharcáiochttoinne agus seoltóireacht
- Snámh agus campáil
- Cúrsaí i nGaeilge
- Campaí Samhraidh

Gníomhaíochtaí — fad siúil ón ionad

- Ailleadóireacht
- Dreapadóireacht
- Siúl sléibhe
- Coireoireacht

Tuillleadh eolais ar fáil ó

Patricia Walsh (bainisteoir)

Ionad Oideachais Sheachtraigh Ceapach na gCapall

An Fhárche, Co. na Gaillimhe

Uimhir Ghutháin: 092-46483/46416 Uimhir facs: 092-46705



Cló Iar-Chonnachta

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón: (091) 593307 Facs: (091) 593362
r-phost: cic@iol.ie <http://www.cic.ie>

Saothair nua ó CIC

NAN TOM TEAIMÍN

Traditional Songs from Connemara

CICD 149 CD £13.99, Cass. £7.99

Amhráin ar an sean-nós agus dhá bhailéad Bhéarla, ina measc *Róisín Dubh, An Cailín Fearúil Fionn, An Buachaillín Múinte* agus *Amhrán Mhaínse*.



SARAH GHRIALLAIS

CD £12.99

... ar dhuine d'fhíorfhonnadóirí sean-nóis ár linne agus bheadh sé doiligh í a shárú ó thaobh soiléireacht fhriotail agus saibhreas ceoil de.
—Foinse


I mbun fíodóireachta i gCeardlann an Spidéil



Buail isteach lá ar bith den tseachtain

- Coinnle - Obair Leathair - Deileadóir adhmaid - Potadóireacht -
- Dearadh Teicstíle - Potadóireacht - Siopa Gaelach - Fíodóireacht -
- Seodóireacht - Gaillearaí Chonamara -
- maraon Le Bistró Jackie - bia den scoth

Ceardlann an Spidéil Fón: 091-553376 Facs: 091-553307



Gradam an Phléaráca

Is é Breandán Ó Tuairisg, An Lochán Beag, a fuair Gradam an Phléaráca sa bhliain 2000

pic: Bob Quinn

● Dé Sathairn 8

11.00 **Turas Báid Seoil**
go hInis Oírr ón Sruthán

8.00in **OSCAILT OIFIGIÚIL NA FÉILE**
i Halla Chamuis le
Seán Ó Mainnín,
dornálaí cáiliúil
Ros Muc.

Bronnadh Gradam Phléaráca 2001

9.00 **Oíche Cheoil agus Damhsa**
i gcuimhne ar **Chóilín Sheáin Dharach Seoighe**
agus **Feistí Ó Conláin**.

Ceol le
SWALLOW'S TAIL
PJ & Marcus Ó hlarnáin,
Don Stiff agus Colm Dubh
Ó Méalóid, chomh maith le
ceoltóirí agus damhsóirí
eile
Bean an Tí: Nórita Ní Chartúir
Seirbhísí beáir sa halla

● Dé Domhnaigh 9

12.00 **Lá Spóirt**
ar Pháirc Chamuis
• Rás an Tower (7 míle)
• Rása Gasúr (100 slat, 200
slat, leath míle)
• Caitheamh cruithí
• Caitheamh meáchain/
javelin
• Tarraingt Téide
• Cluiche Peile

2.00 Leathmharaton na
Gaeltachta
(2.15i.n. Rás 10k)

8.00 **PÁDRAIC Ó CONAIRE**
Seó aonair le
Diarmuid de Faoite
Halla Chamuis; £5
Urraithe ag Foras na Gaeilge

9.30 **Ceol agus seirbhís beáir i**
Halla Chamuis

● Dé Luain 10



08.00 **SEÓ DAMHSA**
Oisín i dTír na hÓige
& **Parthenogenesis**
Seó Damhsa Óige faoi stiúir
Ríonach Ní Néill
Scoil Chuimsitheach na
Ceathrún Rua

09.30 **BOBBY GARDINER**
Teach an Daingin
Fear an Tí: Máirtín Tom
Shéainín Mac Donncha
Táille: £4

● Dé Máirt 11

09.00 **SEISIÚN CEOIL**
Tigh Regan, Maigh Cuilinn
Fear an Tí: Mattie Joe
Shéamuis Ó Fátharta

8.00 **Urlár oscailte do**
chumadóirí amhrán
sa gCaladh Mór, An Spidéal.

9.00  
Seó Ceoil agus Filíochta
le **JOHN SPILLANE**
agus **LOUIS DE PAOR**
sa gCaladh Mór, An Spidéal.
Urraithe ag Raidió na Gaeltachta

● Dé Céadaoin 12



09.00 Comórtas **DAMHSA AR**
AN SEAN-NÓS
do Chorn Mháirtín Beag Uí
Ghríofa
An Chistin (Tigh Sé),
An Cheathrú Rua.
Fear an Tí: Colm Ó Mealóid
Ceoltóir: Johnny Connolly
Táille: £3

09.00 **Ceol faoi Lán tSeoil** –
Tigh Mhóráin, Carna
Seisiún Ceoil le ceoltóirí ón
mbád seoil An Fámáire

10.00 **OÍCHE ÁIRNEÁIN**
i Scoil na hAirde, Carna
Fear an Tí: Matt Corbett
Urraithe ag Comharchumann
Chonamara Thiar

● Déardaoin 13

08.00 **Oíche Philíochta**
le Seosamh Ó Guairim,
Louis de Paor, Máire
Holmes, Gearóid Mac
Lochlainn agus Scríbhneoirí
Óga Chiorcail i Leabharlann
na Ceathrún Rua
Ceol le Deirdre Ní
Chonghaile
Urraithe ag Áras na Scríbhneoirí

09.00 **Oíche na mBoscadóirí**
Tigh Pheadair Mhóir

8.00 **PÁDRAIC Ó CONAIRE**
Seó aonair le
Diarmuid de Faoite
Coláiste Chonnacht; £5.
Urraithe ag Foras na Gaeilge

09.00 **Ceol faoi Lán tSeoil**
Seisiún Ceoil le Ceoltóirí
ón mbád seoil An Fámáire i
dTír na nÓg, Indreabhán

● Dé hAoine 14

11.00 & 1.00
Amharclann Sióg
i Halla Chill Chiaráin
leis an scéaldráma
Dhá Chluas Capaill ar
Labhrás Loingsigh

9.00 **DIOSCÓ ÓIGE**
i Halla Éinne
sa gCeathrú Rua
DJ: Liam Ó Conghaile
Táille: £3

8.00 **PÁDRAIC Ó CONAIRE**
Seó aonair le
Diarmuid de Faoite
Cill Chiaráin; £5.
Urraithe ag Foras na Gaeilge

9.00 **Ceol faoi Lán tSeoil**
Seisiún Ceoil le Ceoltóirí
ón mbád seoil An Fámáire
ar Inis Meáin

9.00 **Ceiliúradh Ghlór na**
nGael
Fáiltiú agus CÉILÍ MÓR
i Seanscoil Sailearna

9.30 **Seisiún Ceoil**
Riverview Bar,
An Caiseal

● Dé Sathairn 15

2-5.00 **Comórtas na nÓg** sa
gCrannóg, Ros Muc
Damhsa ar an Sean-Nós
Amhránaíocht ar an Sean-Nós
Rogha uirlis ceoil
Agallamh Beirte/Scéalaíocht
Táille: £2

2.00 Amharclann Sióg
in Áras Éanna, Inis Oírr
Scéaldráma:
Dhá Chluas Capaill ar
Labhrás Loingsigh



3.00 **Maratón na gCurach ó**
Leitir Caladh go Leitir
Mealláin. Ceol i dTigh
Antaine Lee ina dhiaidh
Súil siar ar fhoireann
rámháiochta ón gcéad seo
caite

8.00 **CORN TOM PHÁIDÍN**
TOM
Tigh Chualáin, Coill Rua
Eagraithe ag an nGaelacadamh

9.00 **Ceol faoi Lán tSeoil**
Seisiún Ceoil le Ceoltóirí
ón mbád seoil An Fámáire
ar Inis Oírr

9.00 Ceol le
DESSIE O'HALLORAN
agus **deirfiúracha Keane**
Tigh Mhaidhcó, Ros Muc
Fear an Tí: Micheál Ó Cuaig

● Dé Domhnaigh 16

12.00 **QUADRIATHLON**
i gCaladh Mhuinse
Spórt agus spraoi – ní
comórtas atá ann!
Rothaíocht, snámh, rith,
kayakadóireacht – glac
páirt i gceithre cinn díobh
seo (nó bain triail as
ceann amháin acu!)
Táille: £5

TURAS BÁID SEOIL i
gCuan na Gaillimhe

3.00 **Bronnadh Ghlór na**
nGael
Seanscoil Sailearna

4.00 **SIAMSA NA**
SEANDAOINE
in Áras Mhic Dara, An
Cheathrú Rua
Fear an Tí:
Joe Steve Ó Neachtain

6.00 **COMÓRTAS**
CAITHEAMH
SAIGHEAD
Tigh Terry, Ros an Mhíl
9.30 Seanscoil Sailearna,
Indreabhán
Seanadh –
Ceol
Traidisiúnta
den scoth

MÁIMÍN
CAJUN
BAND

Táille: £5.
Seirbhís beáir ar
fáil



Foras na Gaeilge

Roinnt d'imeachtaí Fhéile an Phléaráca

Oscailt Oifigiúil – Pléaráca Chonamara 2001

Sé Seán Ó Mainnín, an dornálaí cáiliúil as Rosmuc a dhéanfas oscailt oifigiúil ar Phléaráca Chonamara 2001 in Ionad Pobail Chamuis ag 8.00 ar an Satharn 8 Meán Fómhair. Théis na hoscaite, bronnfar Gradam an Phléaráca ar dhuine éigin a bhfuil obair mhór déanta acu ar son phobal agus chultúr na Gaeltachta.

Beidh Breandán Ó Tuairisg a bhuigh an gradam anuraidh i láthair chun an Chorr Éisc a shíneadh ar aghaidh chuig buaiteoir na bliana seo.

Leanfaidh oíche cheoil agus damhsa ansin i gcuimhne ar bheirt — ceoltóir agus damhseoir a sciob an bás uainn i rith na bliana, sin iad Cóilín Sheáin Dharach Seoige as Ros Muc agus Festy Ó Conláin as an Spidéal, go ndéanfaidh Dia grásta orthu..

Siad banna ceoil An Swallow's Tail a chuirfeas ceol na hoíche ar fáil -sin iad PJ agus Marcus Ó hlarnáin le Don Stiff i gcomhar le Colm Dubh Ó Méalóid.

Beidh ceoltóirí, damhseoirí agus amhránaithe eile i láthair chun cur leis an oíche. Beidh an-oíche ann le seirbhís beáir. Bigí ann. Caithfidh sé bheith go maith mar is ann a thosnaigh Pléaráca.



Seó Damhsa Óige

Tá Ríonach Ní Néill ar ais ag oibriú a cuid draíochta ar óige Chonamara. Beidh an seó a chuir sí ar státise le grúpa déagóirí agus gasúir bunscoile dá léiriú arís i rith fhéile a Phléaráca. Is i Scoil Chuimsitheach Chiaráin a bheidh an seó ar an Luan 10 Meán Fómhair. Oisín i dTír na hÓige agus Parthenogenesis na teidil atá ar na píosaí damhsa comhaimseartha agus beidh píosaí damhsa sean-nóis fite fuaite tríd an seó. Tá Ríonach ag obair le Pléaráca ó 1998 agus í ag spreagadh an damhsa comhaimseartha seo i nGaeltacht Chonamara. Bíonn na déagóirí ar bis le bheith ag cleachtadh leis agus cuireann siad uaireanta fada isteach - is scoláirí iad ó Scoil

Chuimsitheach Chiaráin agus ó Choláiste Croí Mhuire an Spidéil. Is o bhunscoileanna an Chnoic agus an Droma i gCeantar na nOileán na gasúir óga atá páirteach sa seó chomh maith le grúpa damhseoirí

sean-nóis Phádraic hOibicín. Is fiú go mór an léiriú seo a fheiceáil. Tá súil an seó a thabhairt go dtí an Project i mBÁC roimh na Nollag. Tá an léiriú seo do fhéile an Phléaráca ag fáil tacaíocht airgid ó Údarás na Gaeltachta agus ón gComhairle Ealaíon.

Maratón na gCurach

Tá an cúrsa do Mharatón na gCurach athraithe i mbliana. Is ó Leitir Calaidh go Leitir Mealláin a bheas na foirne rámháiochta ag coimhlint ar an Satharn 15 Meán Fómhair.

I ndiadh an chomórtais seo beidh ceol Tigh Antaine Lee áit a mbronnfar na duaiseanna. Chomh maith leis sin, déanfar bronnadh ar fhoirne curachaí a rinne ainm dóibh féin sna blianta atá caite. Beidh dhá fhoireann i gceist i mbliana a bhíodh ag iomra do Arramara sna blianta 1965, '66, '67. Siad sin Paddy Dundass, Pádraig Mac Donnacha agus Máirtín Dundass. Ar an dara foireann, bhí Cólman Dundass, John Canavan agus Markey Ridge. Sé Cóilín Ó

hlarnáin a dhéanfas cur síos ar na foirne seo agus gach ar bhain siad amach.

Imeachtaí Phléaráca in Árann

Turas Báid Seoil go hInis Oirr - 11.00 Dé Sathairn 8 Meán Fómhair.

Dhá Chluais Capall ar Lábhrás Loingseach - Beidh an dráma seo do pháistí dá léiriú ag an gcompántas Sióg in Ionad Éinde in Inis Oirr ar an Satharn 15. M. F. ag 2.00.

Ceoltóirí an bháid seoil An Fámaire in Inis Meáin Oíche ar an Aoine agus in Inis Oirr Dé Sathairn.

Quadriathlon

ar Thrá Chaladh Mhuighinse Am - 1.00 ar an Domhnach 16 Meán Fómhair

Rothaíocht - 6 mhíle soir ag Tigh Chadhain, suas Gleann Mór agus anuas ag Caladh Mhuighinse.

Ritheacht - 2 mhíle Kayakadóireacht Snámh

Táille £5.00 - Beidh T-Léine le fáil ag chuile dhuine a ghlacann páirt. Ní gá páirt a ghlacadh ach i bpéire nó trí cinn de na h-imeachtaí. Píosa spraoi atá ann!

Pádraic Ó Conaire - Seó Aonair le Diarmuid de Faoite



Cén áit eile a dtabharfaí an seó aonair le Diarmuid de Faoite 'Pádraic Ó Conaire' ach go Camus/Ros Muc, áit dúchais a mhuintir agus an áit inár tógadh SeanPhádraic i ndiaidh bás a mháthar. "Taispeántas fuinníuil, spleodrach, cumasach agus lán de shamhláíocht" an cursíos a déanadh ar an seó seo i bhFoinse Is i Ros Muc a chuir Pádraic Ó Conaire barr feabhais ar a chuid Gaeilge agus ar a chuid scéalaíochta. Fáilte abhaile a Phádraic. (Camus an 9ú Meán Fómhair)

Fánaí ab ea Pádraic is ní fhéadfaí seó a dhéanamh faoi mhór- scríbhneoir seo na Gaeilge gan é a thabhairt ar an mbóthar freisin. As Camus mar sin go dtí Coláiste Chonnacht, an Spidé Éal (an 13ú Meán Fómhair), áit inar chaith Pádraic tréimhsí eachtracha fada ag múineadh is ag léachtóireacht ann, agus as sin arís go dtí Cill Chiaráin (an 14ú Meán Fómhair)

Scéalta faoi sin, scéalta faoi Chonamara agus Gaillimh agus scéal fánach, fileata a bheatha, inste ina chuid focla féin ag Sean Phádraic.

Michael Barrett, Mandy Reid agus Maolra Ó Máille le grúpa óg teifeach agus daoine as Ros Muc agus Camus ar chúrsa seoltóireachta mí lúil seo caite

Pléaráca Teo. Clár Oibre 2001 - 2002

I 1997 cheadaigh an Roinn Gnóthaí Soisialacha, Pobail agus Teaghlaigh maoiniú trí bliana faoi an Clár Forbartha Pobail (CDP), do Phléaráca Teo., An Scéim Ealaíon Pobail. Tá eis do oifigí na Roinne cuairt a thabhairt ar Phléaráca ag tús na bliana seo ceádíodh conradh trí bliana eile do Phléaráca. Is fiú £75,000 sa mbliain an conradh, clúdaíonn sé barr chostais oifige agus pá lán aimsireach do bheirt oibrí.

Ceardlanna

Sráith Ceardlanna 10 seachtainí

- Scríbhneoireacht Chruthaitheach
- Ealaín/Péintéireacht
- Patchwork agus Cuilteáil
- Taipéis/Bróidnéireacht
- Ranganna ríomhaireachta i gcomhar le VTOS
- Fíodóireacht
- Damhsa ar an sean-nós
- Comhluadar Léitheoireachta
- Pótadóireacht

Ceardlanna Deireadh Seachtaine

- Déanamh Cuirtíní
- Caoladóireacht
- Cócaireacht

Ceardlanna Lae

- Maisiú Bláthanna tirime
- Ghrianghrafadóireacht

Turais Eolais Ealaíona agus Ceardaíochta — Nasc Ban

Taispeántais Ealaíona agus Ceardaíochta

Aonach Ceardaíochta na Nollag — sa gCrannóg Ros Muc 9/12/01
Ábhar ó na Ceardlanna — Cuilteanna agus earraí láimhe, earraí cníotáilte, Cártáí Nollag, cácaí Nollag, Plandaí, Coinnle, Leabhra, píosaí pótadóireachta. Is seans é seo do dhaoine a bhíonn ag déanamh obair láimhe ag baile a gcuid earraí a dhíol.

Seirbhís Eolais agus Ceardlanna do Fhir.

Cruinnithe Eolais, Ceardlanna agus Imeachtaí do fhir sa bpobal. Cúnamh le Mapaí agus foirmeacha Bólachta agus Talamhaíochta, Ceardlanna Caoladóireacht, Scileanna Físeán, Turais Eolais agus imeachtaí Sóisialta, seirbhís Rúnáíochta agus Facs. Ba mhaith linn closteáil ó fheirmeoirí ar mhaith leo cuairt a thabhairt ar fheilmeacha oscailte ar fhéilte agus comórtais talamaíochta. Bheadh muid in ann a leithéid a eagrú agus seirbhís mionbhus a chuir ar fáil ar chostas réasúnach.



Ionad Lae na Seanóirí

Cuireann Pléaráca tacaíocht ar fáil don Ionad Lae i Ros Muc, gach Déardaoin. Tá tús curtha le ceardlanna do na seanóirí. I rith na bliana reachtáilfear ceardlanna péintéireachta, potadóireachta agus scríbhneoireachta, bailiú seanchais agus béalóidís, turais lae, turas chuig an Taibhdhearc agus chuig imeachtaí éagsúla.

Club Taistil

Seirbhís taistil don Aosach chuig an Ionad Lae i Ros Muc gach Déardaoin, agus seirbhís i gcomhair imeachtaí sóisialta eile. Cuirtear seirbhís taistil ar fáil i gceantar Ros Muc/Dhoire lorráis gach Aoine chuig oifig an Phoist i Ros Muc. Ag tosú ag 9.00rn freastalaíonn an mionbhus ar Ros Muc, Siléar, Cladach Ó Dheas, Gairfeann, Ros Cíde, Turlach Beag agus Aill Bhuí. Ag a 2.00in freastalaíonn an mionbhus ar Clocha Leachta, Bun Inbhear, Doire lorráis, Inbhear agus Gort Mór. Tá an Club Taistil oscailte do gach duine a dteastaíonn seirbhís taistil chuig an siopa uathu, £2 táille ballraíochta an chlub.

Cúrsaí Seoltóireachta ar an Leathbhád an Colmcille

I rith an tSamhraidh — Cúrsaí Seachtaine agus Deireadh Seachtaine do Dhaoine Óga agus do Dhaoine Fásta. Glacann an grúpa ar chúrsa seachtaine páirt sna geallta bád ag an deireadh seachtaine. Clúdaítear gach gné den tseoltóireacht ar chúrsa seachtaine. Reachtaileadh trí Champa Seachtaine Seoltóireachta do dhaoine óga idir 12bl-15 bl. an Samhraidh seo. Reachtaileadh Campa speisialta seoltóireachta mí lúil ar a raibh ceathar teifeach ó Albania, Croatia agus ó Slovakia agus grúpa daoine óga as ceantair éagsúla i gConamara.

Turas Seoltóireachta i rith seachtain na féile i gCuan Chill Chiaráin 10ú-14 ú Meán Fómhair ón 12-3.00in. Táille: Daoine fásta £12, Daoine Óga £5, Dífhostaithe £8, Clann £20

Clár Ealaíona don Óige — ag obair le Bunscoileanna, Iarbhunscoileanna

Drámaíocht, Ealaín, Ceol, Damhsa ar an sean-nós, Damhsa Comhaimseartha, ciorcal scríbhneoirí Óga. Campa Samhraidh do pháistí ó 6bl. go dtí 15 bl.-Ealaíon, potadóireacht, físeán, spóirt, seoltóireacht. De bharr easpa oibrí óige beidh gearradh siar ar an gclár leathan ealaíne dírithe ar an óige a cuireadh i bhfeidhim le dhá bhliain anuas.

Cyber Café - Ionad Fiontair Ros Muc Cheadaigh an tAire Fiontair Poiblí Mary Ó Rourke deontas faoi an scéim CAIT (Community Application of Information Technology) do Phléaráca le seirbhís Cybercafé a bhunú agus le traenáil a chuir ar fáil don phobal leis an tseirbhís idirlíon a úsáid. Rinne Pléaráca an t-iarraitas i gcomhar le VTOS i Ros Muc. Is é VTOS a chuirfeas an traenáil ar fáil i gcomhar úsáid an idirlín agus e-phost. Beidh an tseirbhís ar fáil don phobal go gairid.

Oideachas Aosach:

An bhfuil scríobh agus léamh agat? (Tá a lán nach bhfuil agus tá cabhair le fáil is cuma cén aois tú.) Déanfaidh muid socrú dhuit le scríobh agus léamh a mhúineadh do dhaoine fásta a bhfuil an deacracht seo acu. Tá an tseirbhís seo rúnda agus is feidir eolas a fháil ó Mheta Uí Mháille ag 091-574346 nó bualadh isteach chuici in oifig an Phléaráca, san Ionad Fiontair, Ros Muc.

Oícheanta Seanchais

Eolas agus plé ar stáir na mbád agus ar na saortha bád, seanchas agus béaloideas. Cuirtear taisteal ar fáil do na seanóirí agus do dhaoine gan córas taistil.

Seirbhísí eile atá ar fáil don Phobal agus do Choistí Deonacha


Treallamh Físe/Fuaime ar léas ar chostas réasúnach
Seirbhísí Oifige, Runaíochta, CV, Fótócoipeála, Facs
Seirbhís mionbhus do ocaidí speisialta.

Reachtáil Féile Phléaráca Chonamara 2002


Scoth na scríbhneoireachta



Tá scoth na scríbhneoirí ag cruthú rogha leathan de leabhair Ghaeilge don uile léitheoir.



Ficsean, filíocht, faisnéis... tá rogha níos leithne ná riamh ann anois. Bí á léamh!



... scoth na Gaeilge


ÁIS

31 Sr. na bhFiníní,
BÁC 2, Éire.
T: +353-1-661 6522/6259
F: +353-1-661 2378

Aonad de chuid



Foras na Gaeilge



Ardfhear, a Dhonncha!

Déanadh bronnadh ar Dhonncha Ó hÉallaithe ag oscailt oifigiúil fhéile na bliana seo caite mar aitheantas ar an dianobair a chur sé isteach sa bhféile agus i bPléaráca Teoranta ó 1991

pic: Bob Quinn

**COMHARCHUMANN
CCCT Teo
CONAMARA THIAM TEORANTA**

Carna 32587; Cill Chiaráin 095-33436; Ros Muc 091-574966

**FORBAIRT POBAIL
SIOPA AN
FHEILIMÉRA
SIOPA AN PHOBAIL**

Gach rath ar an bhFéile

Óstán Chuan Charna

Fón: 095-32255
Faics: 095-32530

Ríomhphost: carnabay@iol.ie
www.iol.ie/~carnabay

Tá fáilte romhat!

Tigh Phádraicín

BEÁR • BIALANN
LEABA & BRICFEASTA

Na Forbacha,
Co na Gaillimhe.
Teil: 091-592444

MIANACH GHLEANN GABHLA

Tá an mianach seo a bhí tréigthe agus faoi uisce le 130 bliain i ngleann dhá mhíle siar ó Uachtar Ard. Is é an t-aon mhianach sa tír é atá oscailte do chuirteoirí agus tá stair an-spéisiúil ag baint leis.

Tar éis an Ghorta Mhóir (1845-1848) bhí laghdú mór tagtha ar dhaonra na tíre. Fuair na mílte bás leis an ocras, chuaigh go leor ar imirce, bhí pláigh agus tinneas go forleathan agus tithe na mbocht ag cur thar maoil. Níor mhair ach an dream ba láidre agus ba shláintiúla ach iad sin fhéin ba beag acu a bhí in ann d'obair chrua.

Ag an am sin ba le G.E. O'Flaherty Esq., tiarna talún a raibh cónaí air i Lemonfield in Uachtar Ard an talamh ar a bhfuil Mianach Ghleann Gabhla. I mí na Nollag 1850, chuir O'Flaherty sampla as an mianach go Learpholl le anailís a dhéanamh air, Chruthaigh an sampla go raibh saibhreas airgid agus luaidhe sa mianach.

Ach tá cruthúnas ann go raibh obair ar siúl sa mianach roimh 1850. Mar shampla tá an Colonial Shaft a ceaptar a ainmníodh i ndiaidh Colonel Martin, duine de na Máirtíní a bhí ina dtiarnaí talún ag an am sin. Bhí seilbh acu ar réimse mór do Chonamara agus bhíodh siad ag dul d'obair mianadóir-eachta sa gceantar.

I Samhraidh na bliana 1851 thosnaigh obair mhór ar an mianach i nGleann Gabhla. Tógadh bealach le uisce a thabhairt ó loch míle go leith

bealaigh go dtí an mianach áit a raibh muileann nó roth uisce chun an mianra a baineadh a níochán agus a phróiseáil. Tógadh teach bainisteora, stáblaí, oifig, ceárta, ceardlann agus stór. Tógadh freisin foirgneamh ciorclach ina mbíodh an púdar pléascadh coinnithe.

Bhí 300 fear ag obair sa mianach ag tolladh le siséil agus le casúir trí charraig chrua marmair ar thóir an tsaibhris a bhí fáiscithe agus ag rith mar a bheadh féitheacha nó cuisle tríd an gcarraig marmair a bhí go domhain faoin talamh, gan acu mar sholas ach coinnle. Liontaí na poill ansin leis an bpúdar dubh chun an chloch a phléascadh. Ansin thugtaí aníos go barr talún é, áit a mbíodh mná agus gasúir ag briseadh na gcloch go mion aríst le casúir nó go scairtí an chloch agus an mianra óna chéile. Dhéantaí scagadh agus níochán air agus ansin chuirteí i málaí é réidh le tabhairt go dtí bruithneoir sa mBreatain Bheag. Obair mhall chrua a bhíodh ann, bhíodh ar na mianadóirí a gcuid uirlísí, coinnle agus púdar fhéin a cheannacht agus bhíodh orthu chomh maith an gabha a íoc le faobhar a chur ar na siséil. Bhí an mianra airgid agus luaidhe a bhí i mianach Ghleann Gabhla de chaighdeán an ard agus go leor de ann.

Ar mhianraí eile a bhí ar fáil ann bhí Barite, Zinc, Pyrite, Copper, Flurite, Quartz, Sulphur agus Calcite. Tógadh ós cionn 39 tonna de mhianra luaidhe agus airgid as an mianach in 1852. Ní raibh meas ar bith ar an gcloch marmair a bhfuil éileamh mhór anois uirthi, is aisti

a déanadh an bóthar ón mianach.

Ag an am sin bhí trádáil mhór ag húicéirí agus steamers ag tabhairt daoine agus lastais suas an Choirib, idir Gaillimh agus an Mám. Thóg na Flathartaigh céibh ar an gCoirib in Uachtar Ard in 1852. Is anseo a chuirteí an mianra ar bord loinge le tabhairt go Gaillimh agus as sin go dtí an Bhreatain Bheag chuig an mbruithneoir.

Ní gan anró a déanadh an obair seo faoi stiúir Mr. Hodgson a bhí faoi ghníomhaireacht an Chaptain Tracy. Dhún an mianach in 1865.

Briseadh suas eastát na bhFlathartach i dtús an 20ú céad agus díoladh an talamh ina ghábháltais bheaga.

Tháinig bunú úinéirí na háite faoi láthair, na Geoghegans le cur futhú ar cheann de na gabháltais seo go gairid tar éis don mhianach dúnadh agus ceithre ghlúin ina dhiaidh sin i 1992 thug a sliocht faoi thaisí na staire a bhain leis an mianach, a bhí faoi uisce le 130 bliain, a nochtadh don domhan mór.

Tar éis an-chuid oibre agus infheistíocht dhá gcuid fhéin, i 1998 bhí mianach Ghleann Gabhla 'Glengowla Mines' aríst faoi lán tseoil tar éis scíth fhada, agus oscailte don phobal.

Ar an turas eagraithe a thugann síos sa mianach faoin talamh tú, tugann sé léargas an-spéisiúil ar an obair, ar an gcontúirt agus ar an gcruatan a bhain le saol an mhianadóir agus le saol ár muintire go gairid i ndiaidh an Ghorta Mhóir.

Meta Uí Mháille



MIANAIGH GHLEANN GABHLA

Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe. Teil: 091-552360

**Seanmhianach Luaidhe agus Airgid
ón 19ú haois**

Turais eolais gach 20 nóiméad



Oireachtas na Gaeilge

An Daingean, Co. Chiarraí

1 - 4 Samhain 2001

COMÓRTAIS ARDÁIN do Dhaoine Óga agus do Dhaoine Fásta

Amhránaíocht ar an Sean-Nós

Rince ar an Sean-Nós

Agallamh Beirte

Lúibíní

Seó Ardáin

Dreas Cainte

Scoraíocht

Scéalaíocht

Amhráin Nua-Chumtha

Spriocdháta d'Iontrálacha: 14 Meán Fómhair 2001

DUAISEANNA MÓRA NUA

i gComórtais Rince ar an Sean-Nós, Dreas Cainte & Scéalaíochta

Gach eolas ó

Oifig an Oireachtais, Conradh na Gaeilge, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2

Fón: + 353 - 1 - 475 38 57 Facs: + 353 - 1 - 475 87 67

Ríomhphost: oireacht@indigo.ie

pic Bob Quinn/Archiva Chonamara



Cólín Sheáin Dharach Seoige

In Aibreán na bliana seo, bhásaigh Cólín Sheáin Dharach Seoige, duine a thagann chun cuimhne nuair a luaitear na chéad fhéilte a d'eagraigh Pléaráca. Ó thosaigh Pléaráca Chonamara ag eagrú an chomórtais damhsa ar an sean-nós do Chorn Mháirtín Beag Uí Ghríofa, bhuaigh Cólín an corn seo faoi dhó. Eisean agus damhseoirí eile dá ghlúin a choinnigh an stíl sean-nóis ag imeacht sular tháinig an borradh atá ann faoi láthair i measc na hóige. Mar a deir go leor, bhí an sean-nós ceart ag Cólín agus spreag sé go leor damhseoirí níos óige. D'iarr muid ar Bhdín Seoige, dreifíúr Chóilín píosa a scríobh faoina dreatháir.

Rugadh Cólín Seoige nó Cólín Sheáin Dharach mar a bhfeall aithne air, ar an gCladach Ó Dheas i nAibreán na bliana 1918. Ba é an séú duine de ochtar clainne é, triúr iníon agus cúigear mac a bhí ag Seán Dharach Seoige as an gCladach ó Dheas agus a bhean Nóra Labhráis Pheada Ní Nía.

D'fhás Cólín suas ina bhaile dúchais, áit a chaith sé a shaol cés moite de thréimhse gearr a chaith sé i Sasana ar an mbeet.

Chuaigh Mary go Meiriceá nuair a bhí sí ocht mbliana déag d'aois agus bhí deich mbliana fichead caite aici ann sular thug sí cuairt abhaile. Chaith Meaig roinnt blianta i Sasana le linn a hóige, is sa gCladach Ó Dheas is mó a bhí cónaí uirthi. Fuair sí bás anuraidh, Beannacht Dé lena hanam.

Níor fhág mé féin an baile riamh ach ar chúpla turas a thug mé go Sasana agus go Meiriceá ar saoire. Chaith mé chúig bhliana ag obair sa monarcha cniotála a bhí sa gColáiste Tin. Chaith Michael go leor dá shaol ag obair i Sasana agus chaith sé roinnt blianta ag obair i gCill Dara freisin. I Sasana a chaith Tom a shaol. Bhí Darach píosa beag i Sasana freisin ach is sa mbaile sa mó a bhíodh sé. Sa mbaile atá John, fear mór ceoil agus amhránaíochta. Bhí ceol,

amhráin agus damhsa ag mórán chuile dhuine den chlann.

Ba fear an-stuama é Cólín. Bhí an-cháil air mar chaoladóir. Bhíodh sé ag déanamh cléibh, ciseán agus ciseog. Níl mórán teach san áit nach bhfuil ciseog ann a rinne Cólín.

Fear an-spóirtíúil a bhí ann, ba mhaith leis ceol, amhráin agus damhsa.

Sé an damhsa is mó a chuir sé spéis ann. Bhain sé cáil amach leis an damhsa ar an sean-nós. Bhíodh sé ag damhsa sna tithe ceoil, b'é seo an t-ardán a bhíodh ag duine le linn a óige, ag féilte agus ag cóisir. Is iomaí duais a bhain sé amach.

Faraor bhí sé amach sna blianta nuair a tugadh léargas ar an scil damhsa a bhí aige, ach mar sin fhéin tá trófaí agus cupáin le feiceáil ina dhiaidh.

Bhí bua eile aige leis an scealaíocht, tomhaiseanna agus seanfhocla. Dá mbeadh tú lá fada leis ní bheadh deireadh lena chuid tomhaiseanna.

Bhí an tsláinte ag cliseadh ar Chóilín sna blianta deirneacha agus d'imigh sé uainn ar Shlí na bhFíreán san Aibreán seo caite. Airfionn muid uainn go mór é, Beannacht Dé lena anam dílis.

Bidín Seoige

Festy Ó Conláin

Bhásaigh duine de na ceoltóirí is mó cáil as Conamara an Samhradh seo. Bhí ainm Festy Conlon luaite leis an bhfeadóg stáinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. D'iarr muid ar Shéamas Ó Cualáin as an Spidéal cur síos ar a chara agus a fhear muinteartha.

Aireoidh lucht ceoil i gcian agus i gcógar uathu an fear feadóige cumasach, Festy Ó Conláin. a bhásaigh ag a theach cónaithe i mBaile Liam sa Spidéal i dtús mí mheáin an tSamhraidh. Caillteanas agus meála mór a bhás dá chlann Máire (Mómó), Dara, Micheál agus Philip, dá thríúr deirfiúracha Gráinne, Magdalene is Eithne, dá ghaolta ar fad agus dá iliomad cairde. Go ndéana Dia trócaire ar a anam uasal.

I mBaile an tSagairt ag bordáil ar mhíle soir ó shráidbhaile an Spidéil a rugadh agus a tógadh Festy. Ba é an dara duine ab óige de dheichniúr clainne (cúigear mac agus cúigear iníonacha) a saolaíodh do Cháit Ní

Choistealbha (Kate Sheáin Tom) agus do Mhicheál Ó Conláin arbh as an Muileann Cearn dó ó dhúchas.

Teach mór cuartaíochta a bhí Tigh Chonláin agus ní iontas ar bith é sin mar chuir Fálte Uí Cheallaigh i gconaí roimh gach duine idir shaibhir agus dhaibhir. Ina theannta sin, b'iontach an teach ceoil agus siamsa é. Ní ón ngaoth a thug Festy féith an cheoil óir ba ait lena athair ceol, chomh maith le amhráin chlasaiceacha a chasadh. Togha veidhleadóra agus an-fhear fluíteoige (piccolo) a bhí ann freisin. Maidir le máthair Festy, bhí a cáil i bhfad is i ngearr mar amhránaí sean-nóis. Mheallfadh sí an chéirseach den chraobh le binneas a gutha. An

t-amhrán is mó de stór cuimsitheach a mháthar a chuaigh i gcion go mór ar Festy ba ea 'An Gabha Ceartan' agus ba é a bhí in ann é a rá go blasta.


Ach ar ndóigh ba í an fheadóg ab ansa le Festy agus ba í buaic a ghlóire í. Nach gcuirfeadh sé ola ar do chroí éisteacht leis ag casadh na bhfonn mall ar nós 'An Chúilfhionn', 'Úna Bhán', 'Róisín Dubh' . . . agus cár fhág mé an fonn álainn brónach sin 'Sliabh na mBan' faoi dhíomua catha na nÉireannach Aontaithe i 1798.

Tá Festy imithe ar Shlí na Fírinne ach faoi mar a bheadh súil leis castar a chuid ceoil go féilte uil ar Raidió na Gaeltachta agus cluintear é freisin ó am go ham ar chlár a dhlúthcharad, Ciarán Mac Mathúna, ar RTÉ ar maidin Dé Domhnaigh

A mhac na Páirte is buan é ár gcuimhne ort!

[Is trua le haithris gur fhuadaigh an bás uainn Luan Mac Lochlainn, deirfiúr eile le Festy ar 14 Lúnasa. Glór na nAingeal go gcloise sí]

Séamas Ó Cualáin



pic Bob Quinn/Archiva Chonamara



An RIC i Ros Muc

Sa bpictiúr seo tá John Feeley as an Nua Shéalainn lena bhean céile Elizabeth. Tógadh an pictiúr i mí Meán Fómhair 2000, ag beairic na nGardaí sa nGort Mór. Tháinig John ar cuairt ar Ros Muc toisc go raibh a athair (John Feeley freisin), ag obair ann ó 1913-1920 mar chailín den R.I.C. Aistriodh go dtí an Mám é i 1920 agus bhí sé ar dhuine den RIC a déanadh ionsaí orthu ag 'Teachín na bPrayers' i nDoire Bhainbh ar an 6 Aibreán 1921. Gortaíodh Feeley sa ngualainn agus fuair duine eile den RIC — Parsons — bás níos déanaí de bharr na ngortaithe a fuair sé fhéin san ionsaí sin. Sa bpictiúr de sheanbheairic an RIC sa nGort Mór (1915), feictear John Feeley ar dheis. Ceaptar gurbh iad an triúr eile atá sa bpictiúr, ó chlé, an Sáirsint Flemming, Parsons (b'fhéidir) agus Hodgekins. Tá gairdín bláthanna sa gcúlra agus bhíodh bean darbh ainm Mary O'Neill ag tabhairt aire dhó. Nuair a scoireadh an RIC chuaigh Feeley go dtí an Nua Shéalainn agus chuaigh sé ag obair sna póilíní ansin. Phós sé agus bhí beirt chlainne aige, John agus Margaret. Bhí an-mheas aige i gcónaí ar Ros Muc agus thug sé fhéin agus a mhac cuairt ar Scrib sna seascaidí. Bhí sé 90 bliain d'aois nuair a bhásaigh sé i 1980.

—Bridie Uí Chinnámha



Nead Síoda

ART & TEXTILE DESIGN STUDIO

Dearthóireacht teicstíle, dathú éadach lámhphriondálte, péintéireacht & fíodóireacht

Taipéisí, pictiúir, cartaí, marcleabhair, gach cineál bronnantas speisialta

Hilaraí Nic Cába,
Dearthóir Teicstíle
091-595314

Cois Locha
Gleann Mór
An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe

Teach a' Daingin

Béal an Daingin, Conamara
091-572502

DEOCH & BIA
GACH CINEÁL CÓISIR

Cuirfear Fáilte Uí Cheallaigh romhat chuig

Tír na nÓg

INDREABHÁN

Ceol agus Craic

Fón: 593853

Tigh Mhóráin

Carna & 095-32570

Beár, Beatha, Ceol & Craic

Peter & Jane Fitzpatrick



Cumas Teo

Páirtíocht Chonamara agus Árann


Ionad Fiontair, Ros Muc,
Co. na Gaillimhe.

Fón: 091-574353/574038

Facs: 091-574047

Ríomhphost: cumas@eircom.net

Díríonn Cumas teo. a chuid acmhainní agus fuinnimh tré deiseanna forbartha a chruthú do na daoine is mó atá fágtha ar an imeall ionas go mbeidh siad páirteach i sochaí atá cóir, rannpháirteach agus inmharthanach.



Déan teagmháil linn



EUROPUS

AN COMHLUCHT TEANGA

Comhairleoireacht Teanga

Aistriúcháin Fotheidealú
Aistriúcháin Comhuaineach

EUROPUS TEO

1 Sr. na Mumhan
Baile Phib
Baile Átha Cliath 7

An Cheathrú Rua
Co. na Gaillimhe

Teil: 01-830 4529
Faics: 01 830 6611

Teil: 091-595359
Faics: 091-595351

Ríomhphost (e-mail) europus@indigo.ie
<http://indigo.ie/europus/>

Stiúrthóir: Áine Ní Chonghaile

Abair ceart é - abair trí Europus é

Oideachas Feabhais

– An Ghaeltacht fágtha fós gan seirbhís iomlán

In eagrán na bliana seo caite den iris seo, scríobh **Mairéad Ní Chualáin** — múinteoir i mBunscoil an Droma, Leitir Móir faoi an neamhaird a déanadh ar na Scoileanna Gaeltachta sa gCuraclam nua a tháinig amach anuraidh. San alt seo, léiríonn sí go bhfuil an neamhaird céanna dá dhéanamh ar pháistí na Gaeltachta nuair a thagann sé go dtí múinteoireacht feabhais.

Tá sé de dhualgas ar chuile mhúinteoir bunscoile chuile dheis a chur ar fáil do na páistí faoina gcúram le go mbainfidh siad buntáiste iomlán as an gcóras oideachais. Tá sé fíor thabachtach go mbeadh muid in ann gach páiste a mheas óna naíonáin go dtí rang 6 go rialta chun go bhféadfaí clár a leagan amach do gach páiste a bheadh feiliúnach di/dó. Chuige seo teastaíonn réimse leathan d'áiseanna chun dul chun cinn an pháiste a mheas, go mór mór sa mhatamatic agus sa léitheoireacht Béarla agus Gaeilge.

Ó tosnaíodh ag fostú múinteoirí feabhais sa tír seo, tá go leor dul chun cinn déanta maidir leis na bealaí is fearr a aimsiú chun teacht i gcabhair ar pháistí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu.

Bhí an Institiúid Taighde agus Forbartha Curaclam i gColáiste Phádraig i nDrom Conrach i mbun taighde le roinnt blianta anuas agus bunaithe ar an taighde sin, foilsíodh treoirilínte nua maidir le múinteoir-eacht feabhais i mbliana. Tá moltaí an-mhaith sna treoirilínte seo agus chuir sé an-áthas orm go raibh siad ag leagan béime ar fhadhbanna a aithint agus a leigheas ag aois an-óg agus gur bhfiú infheistíocht a dhéanamh sna rang-anna naíonáin i.e. níos mó áiseanna teagaisc, ranganna níos lú, ceangal níos láidre idir ar baile agus an scoil.

Deirtear ins na treoirilínte freisin gur cheart go mbeadh cúnamh feabhais le fáil ag páistí a bhfuil deacrachtaí acu leis an mhatamatic mar go dtí seo is múinteoireacht feabhais i léitheoireacht Béarla a bhíodh ar siúl ar fud na tíre.

Agus é seo uilig ráite, chuir na treoirilínte seo laghmhisneach orm mar níl Gaeltacht ná múinteoireacht feabhais Gaeilge luaite beag ná mór. Tá sé deacair a chreidiúint go dtarlódh a leithéid fós. Tá múinteoirí ranga agus múinteoirí feabhais in-ann measúnú a dhéanamh ar pháistí sa léitheoireacht Béarla ag úsáid an tástáil Béarla caighdeánach, an Micra-T ó Choláiste Mhuire gan Smál, Luimneach. Cuireann an choláiste céanna tástáil caighdeánach matamatice ar fáil, an Sigma-T a thosnaíonn le cúrsa rang 1. Ní dóigh liom go dtugann an tástáil seo pictiúr soiléir do mhúinteoirí na Gaeltachta maidir le dul chun cinn na bpáistí sa mhatamatic mar go bhfuil an tástáil seo i mBéarla. Níor bhfiú leis an gColáiste leagan Gaeilge den tástáil seo a ullmhú don Ghaeltacht. Baineann go leor múinteoirí Gaeltachta úsáid as an Sigma-T sa nGaeltacht,

ach an bhfuil sé ceart a bheith ag iarraidh ar pháistí na Gaeltachta téarmaí matamatice a fhoghlaim i nGaeilge agus i mBéarla. Bíonn sé sách deacair coincheapanna matamatice a fhoghlaim i dteanga amháin gan trácht ar iad a thuiscint i dteanga eile freisin. Tá tástálacha matamatice Gaeilge ag Coláiste Phádraig ach níl siad ar fáil ach do rang 3 go dtí rang 6. Céard faoi na páistí óga a bhfuiltear ag iarraidh a gcuid deacrachtaí a thuiscint agus iad a mheas ag aois níos óige.

Maidir leis an léitheoireacht Gaeilge a mheas níl fiú agus tástáil amháin caighdeánach ar fáil dúinn fós. Creidim go bhfuil géarchéim sa nGaeltacht faoi láthair ó thaobh oideachas feabhais. Bheinn ag súil go dtuigfeadh an Coiste faoi mhír 31 den Acht Oideachais a bheas ag déiléail le h-oideachas Ghaeltachta go gcaithfear múinteoireacht feabhais a thógáil as féin agus na heasnamh a liostáil. Tá ábhar teagaisc speisialta le réiteach, go mór mhór le haghaidh ranganna naíonáin. Tá tástálacha ag teastáil mar ábhar an-bhunúsach. Tá taighde le déanamh fós maidir leis na deacrachtaí foghlama a bhíonn ag páistí ar í an Ghaeilge a dteanga dúchais. Tá go leor oibre le déanamh maidir leis an ábhar seo ach muna mbíonn aitheantas tugtha ag na treoirilínte nua maidir le múinteoireacht feabhais do mhuintir na Gaeltachta mar ghrúpa sainiúil sa tír seo, méadófar ar laghmhisneach tuismitheoirí agus a gcuid páistí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu agus iad ag iarraidh a gcuid cearta a bhaint amach taobh istigh de chóras nach dtugann aitheantas dóibh.

Tigh Ruairí Ó Conghaile

Inis Oírr, Oileáin Árann

**Teach Ósta
Siopa
Lóistín B&B**

Fón: 099-75002 - 75074



Is Corcaíoch é Louis de Paor atá ag cur faoi in Uachtar Ard le tamall. Tá cheithre chnuasach filíochta foilsithe aige; ina measc, 'Corcach agus Dánta Eile' a bhain an phríomhdhúais don bhfilíocht i gcomórtaisí liteartha an Oireachtais 2000. Is é Stiúrthóir Ionad an Léinn Eireannaigh é in Ollscoil na hEireann, Gaillimh.

Tigh Chadhain

Cill Chiaráin © 095-33409

Siopa Grósaera & Beár

Ceol gach deireadh seachtaine

Cogaslann & Bláthlann Uí Mhistéil

**Pictiúir Pas agus Ceadúnais Tiomána
i 60 soicind!**

An Cheathrú Rua
Fón: 091-595154/595169
Faics: 091595154

Cat Bhean

Louis de Paor

Ní cheadódh an cat inti féin
nach dtabharfaí bheith istigh
don mothal lofa a d'iompar a thinneas
thar tairseach ár ndoichill isteach.

Roinn sí ar feadh na míosa
a nádúr fial leis an bpian
a tháinig go dtí an mhias
a leag sí ar leac na fuinneoige.

Nuair a dheineas beag
den gcaidreamh neamhghnách
nochtaigh a súil inginí géara
a chuir riast ar leiceann ár gcumainn.

Bhí sí fhéin as baile
is an fear béal dorais
ag cur sclátaí in áit na scolb
ar dhíon ard an tsaoil
nuair a réab na coin
géaga an chait ó chéile

is níor léir,
adeir mo chomarsa lách,
arbh é stracadh na gcnamh
nó scrios an bhosca ina scornach thiar
a thug guth do bhás an bhalbháin.

Is an fhuaim ghéar
a ghortaíonn an t-aer
is na healaí ag imeacht ó dheas,
an é buille na sciathán
nó éamh na bpíob a fhógraíonn
gur leis an rud álainn an spéir
is a bhfuil laistíos di go léir?

Ní dúirt catbhean faic
ach inginí a dhá lapa
a chogaint, gan cheann
ar bhainne na bhfocal
a leagas ar fud an tí
an oíche sin ina comhair.

Ach gunna ina glaic aici
ar dhíon na gcomharsan,
adúirt a súil neamhbhalbh,
scaoilfeadh sí trúp na n-éan,
scaipfeadh a gcantaireacht uasal
ina clúmh smeartha le gaoth

le nach nglanfaí go deo
dem chluais ghadhair
an gheoin chráite
a lig créatúr gránna
arbh fhada leis an saol a bhás
an lá a maraíodh an cat inti féin.



Alba Máire Holmes

Seachain na píobairí,
ar bharr na sléibhte,
taibhsí an cheoil
i measc na ngéag.

Fuaimeanna stairiúla,
fós á gcasadh,
ag spreagadh na ndaoine
le na céadta bliain.

Síoda an cheoil,
nach mbeidh le feiceáil
splanacha leictreachais
agus mothúchán croí.

Ar bharr na sléibhte
fós á gcasadh,
tá na nótaí de ghlanmheabhair
ag an ghaoth.

Mantra an Phoitín

Seosamh Ó Guairim

Tá spéir ós mo chionn
Tá néal ós mo chionn

Ar nós cuma liom
Ag ól poitín

Ag ól poitín, ag ól poitín
Ar nós cuma liom
Ag ól poitín.

'Gus nach cuma leat,
Más cuma liom,
Má éirim tinn
Ag ól poitín.

Ag ól poitín
Ag ól poitín
Ar nós cuma liom
Ag ól poitín

Parazone mmm . . . leann róláidir
Leagfadh an sleó, bodach láidir!

Parazone mmm . . . leann róláidir
Leagfadh an sleó, bodach láidir!

Parazone mmm . . . leann róláidir
Leagfadh an sleó, bodach láidir!

Parazone mmm . . . leann róláidir
Leagfadh an sleó, bodach láidir!

Maróidh mise an diabhair,
Tabharfadh mé drochbhás,
Don éagbhás...

Mmm...

Athraíonn sé do chruth. . .
Ó, an sean-phionta ceimiceach seo. . .

Cé go shíl tú go n-athródh rudaí duit,
Níl athraithe ach do ghuth!!!

Mmm. . .

Tá'n crá is anam duit
Ag imeacht uait: sruth ceimiceach!!!
Tá'n crá is anam duit
Ag imeacht leis an sruth.....!!!

Mmm.....

Leis an gcuma atá tagtha ort
Ní bhfaigh tú aird ceart ceimiceach!!!
Mara bhfaigh tú aird ceart ceimiceach;
Imeoidh tú leis an sruth....!!!

Mmm...


'Gus nach cuma leat,
Más cuma liom,
Má éirim tinn
Ag ól poitín.

Ag ól Poitín,
Ag ól Poitín
Ar nós cuma liom
Ag ól poitín.

Tinn . . .

Tinn . . .

Tinn . . .



Cainteoir Dúchais

Gearóid
Mac Lochlainn

Táim tuirseach
den *ritual* seo.
Amharc orthu anois,
na daoine bochta,
líne acu réidh
le deoch a cheannach
don rud neamhchoiteanta, mistéireach
sin.
Rud nach bhfuil cur síos air
sna focail seo —
cainteoir dúchais.

Iad cromtha go híseal
os a comhair
mar a bheadh siad i láthair
a slánaitheora.

Agus éist an focalstór atá acu anois,
gach teanga acu
ag coimhlint lena chéile,
ag déanamh seit-rince
laistigh dá gcuid béal.
Agus a leithéid de name-dhrapáil
níor chuala tú riamh.

Agus amharc mo dhuine bocht,
an genuine article sin.
Athchruthaítear é acu
go dtí nach duine é níos mó,
ach rud níos mó ná duine,
rud luachmhar,
seoid i mbéal na muice,
iarsma.

Is anocht beidh amhrán acu,
beár mall acu,
scoth na Gaeilge acu.
Bíodh acu.

Shiúil mé le cailín tráth,
cailín deas, dóighiúil.
Ba chainteoir dúchais í
ach bhlais a cuid póg
chomh deas
le póg ar bith eile.



Is as an Aird Thiar, Carna é
Seosamh Ó Guairm. Sé Fear an
Phosta i gCarna é. Tá sé
pósta le beirt ghasúir.
Foilsíodh bailiúchán
filíochta leis "Croí na
Cloiche" i 1995. Deir
Seosamh gur don chluais a
scríobhann sé agus gur fearr
leis a chuid dánta a léamh
ós ard ná iad a fheiceáil ar
pháipéar. Tá sé faoi
thionchar cheol agus sean-
amhráin na hEireann chomh
maith le blues Mheiriceá.

TIGH pheadair mhóir

banrach bán, baite na habhann

beár

go n-éirí go geal leis an bPléaraca

TIGH RORY

LEITIR MÓIR
8.30am – 8pm

SIOPA GÁS, GUAL, BLUGAS
BEATHA BEITHÍOCH SRL

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

An Gaelacadamh

Bunaíodh An Gaelacadamh i 1980 agus ó shin i leith, tá an eagraíocht ag obair go dícheallach agus é mar phríomh aidhm aici an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chaomhnú agus a chur chun cinn i gceantar Chonamara agus Oileáin Árann.

I measc na n-imeachtaí a eagraíonn An Gaelacadamh tá: ranganna ceoil, amhránaíocht ar an sean-nós, damhsa seite agus sean-nóis, ranganna ceardaíochta agus ealaíne. Eagraítear ceardlanna ceoil, amhránaíochta agus damhsa go rialta chomh maith le léachtanna áitiúla oideachasúla, oícheanta áirneáin, feiseanna agus Éigse an Spidéil.

Creidimid go láidir nach i gcartlanna amháin is ceart an cultúr a chaomhnú ach beo i measc an phobail mar is dual dhó. Dá bhrí sin déantar cúram ar leith den óige ó thaobh na nealaíon dúchasach agus tá suas le 1,500 dalta ag baint leas as ranganna ceoil, damhsa, amhránaíochta ar an sean-nós agus ceardaíocht thraidisiúnta ar fud Chonamara agus Oileáin Árann. Tá deichniúr múinteoirí den scoth fostaithe go páirtaimseartha ag plé leis an gceird seo. Creidimid go bhfuil sé de cheart ag aos-óg uile na Gaeltachta

deis a fháil na healaíona dúchasacha a bhlaiseadh agus an saibhreas a bhaineann leo a thabhairt leo ó ghlúin go glúin mar a déanadh riamh. B'údar mórtais dúinn i mbliana le linn Éigse an Spidéil gur ghlac le cois trí scór fonnadóir óg ó ranganna an Ghaelacadaimh páirt i gComórtas Chuimhneacháin Pheatsaí Uí Cheannabháin a reachtáladh den chéad uair i mbliana. Ar ndóigh chaith Peatsaí blianta fada go fonnmhar ag teagasc an tsean-nóis do shean agus d'óg don Ghaelacadamh gur ghlaigh Dia chuige féin é agus gan é fós ach i mbláth a óige. Ba cruthúnas eile fós go bhfuil an sean-nós dá chaomhnú ó bhéal go béal nuair a chualamar trí amhrán déag difriúla ó cheithre fhonnadóir déag san gcomórtas faoi 12 bliain ag Feis Árann i mbliana. Seo feis a eagraíonn An Gaelacadamh chuile bhliain in Oileáin Árann. Bhí ós cionn trí scóir dalta ar fad in iomaíocht ag na comórtais difriúla ag an bhFeis. Is féidir linn a bheith cinnte go mbeidh idir fhonnadóirí, ceoltóirí agus lucht éisteachta a mbeidh tuiscint agus meas acu ar shaibhreas na nealaíona dúchasacha ar an gcéad ghlúin eile.

Is iomaí ball tagtha agus imithe



Nasirín Elsafty — Buaiteoir i gComórtas Chuimhneacháin Pheatsaí Uí Cheannabháin

agus a gcuid ama tugtha go deonach acu ar an gcoiste bríomhar atá i mbun na heagraíochta le bliain agus fiche agus é de luach saothair acu sult a bhaint as an gcaoi a bhfuil rian a láimhe fágtha acu ar chaomhnú an chultúir san gceantar. Tá maoiniú á dhéanamh ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta & Oileán ar an eagraíocht ó bunaíodh í agus táimid go mór faoi chuimín acu dá bharr agus go deimhin ag eagraíochtaí eile ar nós Údarás na Gaeltachta agus Coiste Gairm Oideachais Cho na Gaillimhe a thugann urraíocht dúinn go rialta.

Caitríona Ní Oibicín



Corn Chuimhneacháin Pheatsaí Uí Cheannabháin (Éigse 2001) Mairéad Ní Oistín (moltóir), Éamon Seoige, Cnoc, Leitir Mealláin (3ú háit), Siobhán Ní Mhaoileoin, Baile na hAbhann (3 háit), Shane Mac Donnchadha, Teach Mór (2 háit), Nasirín Elsafty, Bearna (1ú áit)

Úsáid nua do phortaigh i gCois Fharraige


Le roinnt mhaith seachtaine anuas, tá clós Sheanscoil Shailearna líonta suas le ualach adhmaid agus is iomaí duine a bhfuil an cheist curtha aige - céard len aghaidh é? Tugann Caitlín Nic an Ultaigh, bainisteoir Chomharchumann Shailearna freagra ar an gceist sin.

D'éirigh le Comharchumann Shailearna cúnamh a fháil ó Údarás na Gaeltachta agus ó Bhord Fáilte le bealach siúlóide a dhéanamh ar straidhp de thalamh portaigh ó thuaidh den tSeanscoil. Tá an píosa seo ag síneadh ó bhóthar na Seanscoile soir chomh fada leis an draein mhór. Tá míle bealaigh de chosán adhmaid déanta ar an bpíosa portaigh seo. Is deis an cosán seo do mhuintir na háite a bhfuil suim acu tabhairt faoi shiúlóid sléibhe agus gan a gcosa a fhliuchadh. Is seans freisin é do ghasúir na háite agus do ghasúir ó áiteanna eile turais scoile a thabhairt ar an áit seo. Meallfaidh sé gasúir ó áiteanna eile sa tír teacht chun na háite ag amanna sa mbliain seachas an samhradh. Méadóidh seo meas na hóige ar an timpeallacht. Is bealach é seo ag Údarás na Gaeltachta trí Ghaelsaioire agus ag Bord Fáilte le turasóirí ó áiteanna éagsúla sa domhain a mhealladh le staidéar a dhéanamh ar chuid d'acmhainní nádúrtha an cheantair seo.

Amach anseo beidh saotharlann sa stór ar chúl na Seanscoile. Beidh an tionsnamh seo dá mhaoiniú ag Bord Fáilte agus ag Gaelsaioire i gcomhar le hOllscoil na hÉireann Gaillimh.

Nach mór an t-athrú atá ar shaol na ndaoine óga sa taobh seo tíre le roinnt bhlianta. Go deimhin is beag gasúr a chuaigh trí an seanscoil ó 1885 go dtí 1972 nach raibh an chuid is mór den samhradh caite ar an bportach acu ag scaradh, ag gróigeadh agus ag cur amach mhóna. Is dóigh gur trí fhísthéip a choinneafar cuimhne amach anseo ar obair phortaigh an ama atá caite.

Caitlín Nic an Ultaigh



Taisteal na Cruinne


Aonad 4
An Spidéal
Co. na Gaillimhe

Fón: 09-1-553149/504997 Facs: 091-553289



www.tnc.ie

colemant@tncwslmail.com



Muintearas

An Togra Oideachais Gaeltachta

Óige

Bunscolaíocht

Luath Fhorbairt
an Linbh

Scéimeanna Pobail

Cláracha do Mná

Nua

Theicneolaíocht
Cumarsáide



Tír an Fhia, Leitir Móir, Co. na Gaillimhe
Guthán: 091 - 551145/551300 Facs: 091 - 551277/551323
Físchomhdháil: 091 - 519530/519531
Riomphost: muint.ias@eircom.net / muintear@iol.ie
Leathanach Baile: www.muintearas.com



an seol mór

CARNA, CO NA GAILLIMHE

ceol breá, beoir, beatha
agus fáilte mhór

FÓN: 095-32253 FÓN PÓCA: 087-2376143
Úinéir: BILLY LYONS

T. Ó Máille Teo

Ros Muc 091-574101

Grósaer, Crua-earraí,
Soláthraí Tógálaithe
Éadathóireacht



Beidh ócáid mhór i bparóiste an Chnoic ar an Domhnach an 16 Meán Fómhair nuair a bhronnfar Gradam Ghlór na nGael 2000 ar Phobal an Chnoic. Cuireann an tAth Micheál Ó Flannabhra síos ar an obair atá déanta sa bparóiste chun an gradam seo a bhaint amach.

Glór na nGael ar an gCnoc

Bhain Pobal an Chnoic, Cois Fharraige an chéad áit in Éirinn amach san mbliain 2000 i gcomórtas náisiúnta Ghlór na nGael a raibh 150 paráistí ar fud na tíre istigh air. Sé an Cáirdinéal Tomás Ó Fiaich R.I.P. a chur tús leis an gcomórtas seo dhá scór bliain ó shoin le spreagadh a thabhairt do phobail na tíre iad féin a fhorbairt le nasc na Gaeilge. Beidh ceiliúradh ar siúl i bparáiste an Chnoic ar an 16ú Meán Fómhair nuair a bhéas Uachtarán Choláiste na hOllscoile, Gaillimh ag teacht le Trófaí Ghlór na nGael a bhronnadh ar an bpobal.

Sé Cumann Forbartha Chois Fharraige a chláraigh an pobal don chomórtas agus a bhí ag feidhmiú mar scáth-choiste le scór coistí eile san bpobal ag feidhmiú astú féin agus iad uilig ag tarraingt le chéile ar na maidí leis an bpobal a fhorbairt le nasc na Gaeilge. Tugadh airheantas don Chumann Forbartha mar gheall ar an gceannródaíocht a déanadh le blianta beaga anuas san bpróiseas forbartha le Cúrsa Oideachais Triú Leibhéil a bhaint amach don Ghaeltacht san nGaeltacht féin agus leis an leatrom a bhí ar scoileanna na Gaeltachta a leigheas tríd an stadas mí-bhuntaistiúil a fháil dóibh. Labhraíonn an Cumann Forbartha thar cheann an Phobail ag plé le Roinn na Gaeltachta, Udarás na Gaeltachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus tá toradh a gcuid oibre le feiceáil san bparáiste leis an bhforbairt shlachtmhar le blianta beaga anuas.

Fuair Comharchumann Shailearna Teo. moladh mór faoin bhforbairt pobail a bhí ar siúl acu féin le córas reatha uisce a chur ar fáil do na 1100 tithe faoina gcúram san gceantar turasóireacht seo nuair nach raibh an stát in ann a leithéid a dhéanamh, agus

faoin halla pobail slachtmhar le naíonra, oifig, seomra ríomhaireachta don Ollscoil a tógadh ar shuíomh na seanscoile le cúnamh airgid de £25,000 ón gCumann Forbartha chomh maith le cúnamh airgid ón stát.

Sé Cumann Mhicheál Breathnach an t-ainm atá ar an gclub áitiúil de Chumann Luthchleas Gael san bpobal agus tá fóirne faoi 12, 13, 14, 16, 18, 21, Sóisear agus idir-mheáin cláraithe acu chomh maith le foireann iománaíochta agus camógaíochta. Tá an-mholadh go deo tuillte ag na traenáilaithe deonacha a chaitheann an oiread sin ama le na daoine óga a mhúnlú i gcleachtadh na scileanna éagsúla agus súil ghéar coinnithe acu ar chaomhnú agus iompar teanga na ndaoine óga. Tá an pobal thar a bheith mórdhálach as an ngaisce atá déanta ag na Breathnaigh i gcomórtas na Gaeltachta agus le comórtas Chraoibh agus Sraithe an Chontae a bhuachtáil chomh maith le Craobh Chonnachta san bPeil Shóisir.

Scolaíocht:

Tá forbairt mhór déanta i gColáiste Cholmille le seomraí nua agus páirc uile-aimseartha imeartha críochnaithe ó dheas den choláiste agus níl Scoil Náisiúnta Sailearna chun deiridh ach oiread le forbairt de £2,000,000 beartaithe don scoil. Tá baint mhór ag coistí na dtuismitheoirí leis an dul chun cinn san dá scoil agus leis an bplean Gaeilge atá curtha i bhfeidhm san bpéire. Cuireann Club Lurgan seirbhís ar fáil don Chlub Óige ar an deireadh seachtaine agus bíonn Scléip Teo. ann san samhradh le freastal orthu. Bíonn an dá Choláiste Samhraidh — Lurgan agus Dara — ag freastal ar an 1100 Gaeilgeoirí a thagann ag an bparáiste san samhradh

— cúrsaí a chuireann go mór le tionscal na turasóireachta. Cé go mbíonn tús áite tugtha do iompar teanga san bpobal seo mar gheall ar a thábhacht sa todhchaí, ní h-ionann é sin is a rá go mbíonn aon chuid eile den chultúr fágtha thiar.

A Bhfuil Aosta:

Ar an taobh eile den scála tá ard-mheas ar a bhfuil sean san bpobal agus ar a bhfuil de shaibhreas agus d'oidhreacht fágtha acu againn. Mar chruthú air sin tá dhá theach déag tógtha d'aoisigh an cheantair i dTearmann Ainnín ar an gCnoc agus tá scór eile á dtógáil faoi láthair le Ionad Lae i dTearmann Éanna san bparáiste agus tá coiste de 'Aire Pobail' gníomhach ag freastal ar riachtanais na sean.

Tá Comhar Chreidmheasa Cholm Cille n seirbhís phoiblí airgeadais ag feidhmiú ar an gCnoc ag freastal ar Phobal Chonamara idir an Spidéal agus Leitir Mealláin agus cuireann a leithéid do sheirbhís phoiblí go mór le forbairt na h-áite.

Tá sé ráite gur fearr an ghaisc a maoítear ná an ghaisc nach ndéantar agus dá réir sin níl drogall ar bith orm scríobh faoi Ghlór na nGael ar an gCnoc. Mhothaigh mé go raibh an oiread céanna de mhórtas pobail i gceist san bparáiste seo nuair a fógraíodh go raibh an chéad áit in Éirinn bainte amach, is a bhí san gContae seo nuair a thug siad Craobh na hÉireann leo i 1998. Bhí chuile dhuine ar an gCnoc chomh suimiúil le cat siopa — chomh mórdhálach as an bpobal.

Nach fad-bhreathnaíoch a bhí an Cáirdinéal Ó Fiaich dhá scór bliain ó shoin tré Chomórtas Ghlór na nGael a bhunú le mórtas pobail a spreagadh trí fhorbairt Pobail le nasc na Gaeilge.



Colm Bairéad agus Ciarán Seoighe ar chúrsa seoltóireachta Phléaráca mí Meán Fómhair seo caite



Guíonn
Comharchumann Shailearna
gach rath ar
Fhéile an Phléaráca

Comharchumann Shailearna Teoranta
Na hAille
Indreabhán
Co. na Gaillimhe

Teil/Facs: 091-553017

SOCOS Teo.

SOCOS Teo.,
Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-593301
Facs: 593303

Cártaí Bainise

Gaeilge • Béarla • Dhá Theangach

Fearáistí Oifige

Troscáin Oifige

Córais Stórála

Soláthairtí Ríomhaireachta

**Má tá sé uait,
tá sé againn!**



Cumann Peile Píarsaigh na mBan

Bunaíodh Cumann Peile Píarsaigh na mBan sa mbliain 1996 tar éis don chlub óige deireadh seachtaine a chaitheamh i gCorr na Móna, áit a raibh imeachtaí difriúla ar siúl do na clubanna óige. I measc an ghrúpa a chuaigh go Corr na Móna bhí ceathrar cailíní — Máire Bríd Breathnach, Roisín Ní Mhainín, Sally Ní Laoi agus Máirín Ní Mhainín. Bhí comórtas peile cúigear a'taobh ann do chailíní. Bhí mé fhéin mar chinnire fásta leis na cailíní ach tugadh cead dom imirt in éineacht leo, tá buntáiste le bheith beag scaite. Cé nach raibh aon chlaíocht agann ar pheil a imirt bhuaigh muid gach cluiche ach faraor chaill muid an craobh. Ar an mbealach abhaile rinne muid cinneadh foireann peile cailíní a chuir le chéile. Chuir muid ceist ar Dhiarmaid Ó Mainín as Ros Muc agus Cólman Ó Flatharta as Camus an mbeadh siad sásta muid a thraenáil, 'ceart go leor' a dúirt siad 'faigh sibhse na cailíní agus traenáilfidh muid iad'. Dé Dómhnaigh dár gcionn, landáil timpeall tríocha cailín istigh ar an bpáirc i gCill Bhríocáin.

Rinne muid tráenáil agus d'imir muid corr chluiche. Níor éirigh an-mhaith linn ach mar sin fhéin níor chaill muid misneach. Tá an fhoireann an-bhuíoch do Chathal Ó Mainín, Brian Ó Mainín, Pádraig Ó Mainín agus Mattie Ó Nia a thug chuile chúnamh agus tacaíocht dúinn agus neart uisce.

I mBealtaine na bliana seo thosaigh Proinsias Ó Máille, Liam Ó Nia agus Paddy Ó Mainín dhá dtraenáil. Tá an fhoireann tagtha le chéile go maith agus go leor ama agus traenála dá chur isteach ag chuile dhuine. Tá an-suim ag formhór na gcailíní sa bpeil agus tá muid an-bhuíoch don lucht tacaíochta a thagann le muid a spreagadh le linn cluichí, tugann sé seo muinín agus misneach duinn leanúint ar aghaidh. Tá sé an-deacair foireann a choinneáil le chéile i gceantar ar nós Ros-muc mar gheall go bhfuil an airt an-bhuailte ó thaobh fostaíochta. Tá go leor de na cailíní a bhíonn as baile ag obair le haghaidh an tSamhraidh ach mar sin fhéin tá ag éirigh go maith linn. Bhuaigh muid trí chluiche i rith an tSamhraidh agus fuair muid seans imirt in aghaidh foirne cailíní as ceantair eile i gConamara agus taobh thoir do Ghaillimh. Tá ag éirí sách maith linn ach tá go leor oibre le

déanamh fós. Is de réir a chéile a tógar na caisleáin.

Tá feachtas bailiúchán airgid ar bun ag an gcumann, thug comhlachtaí áitiúla síntús airgid agus d'eagraigh muid Tráth na gCeist Boird.

Cuireadh ionadaí isteach ar chomórtas Rós Chumann Lúthchleas Gael, sí sin Michelle Ní Chuaig. Tá sé i gceist freisin foireann faoi 16 bliana d'aois a thosnú.

B'fhéidir go bhfuil easpa daoine orainn i Ros Muc ach ní raibh easpa áit spóirt ariamh orainn. Bhí garraí Nóra ann, an áit a mbíodh máthaireacha cuid de na cailíní ag imirt blianta ó shoin agus an pháirc bheag ag crosbhothar Chill Bhríocáin, agus anois tá an pháirc nua ann. Is iontach an obair a chuir coiste na páirce rompu agus is iontach an obair atá déanta ar an bpáirc nua. Is iontach an áis caitheamh aimsire sa bpobal í.

Sibéal Ní Mháille

Foireann na gcailíní

Máirín Ní Mhainín - Captaen, Niamh Nic Dhonncha, Evelyn O'Toole, Áine Ní Dhomhnaill, Mairéad Breathnach, Áine Ní Mhainín, Áine Breathnach, Jackeline Ní Fhiannachta, Sibéal Ní Mháille, Rosaleen Ní Shúilleabháin, Ailbhe Ní Chonaire, Sally Ní Laoi, Mairéad Ní Mhainín, Roisín Ní Mhainín, Máire Bríd Breathnach, Bridie Uí Cnámha, Máire Ní Bhrionáin, Mary T. Bhreathnach, Bernadette Ní Mhainín, Caoimhe de Búrca, Julia Ní Shúilleabháin, Roisín Ní Chatháin, Sinéad Ní Mhaolchiaráin, Aingeal Ní Fhlatharta, Deirdre Ní Mhainín, Fiona agus Patricia Ní Mháille, Ann Marie Ní Ghriallais. Traenálaíche: Proinsias Ó Máille, Liam Ó Nia agus Paddy Ó Mainín.

Aisling na bhFilí

Seo agallamh beirte a scríobh **Meta Uí Mháille** i 1996 do Fhéile Chaitlín Maude a bhí ar bun i Ros Muc an bhliain chéanna. Tharla sé nár léiríodh an t-agallamh beirte ag an bhféile agus seo é an chéad deis ag an bpobal an píosa cumadóireachta seo a fheiceáil. Is píosa comhrá atá ann idir beirt de scríbhneoirí móra Ros Muc, Caitlín Maude agus Sean Phádraig Ó Conaire.



(Suíomh : An Fhaiche Mhór i nGaillimh)

Pádraig:

Tá mé i mo shuí anseo le réimse mhaith blianta m' aghaidh ar an traffic is mo chúl leis an station Tá sé scríofa sa leabhar seo ainm na gcéadta a thug a n-aghaidh ar an traen is iad ag fágáil na hÉireann.

Tá mé mearaithe ag trampannaí ag briseadh buidéal i mo thimpeall

ach níl mé ag fáil locht orthu bhí mé fhéin mar iad píosa. Scilling is toistiún sin a raibh de mhaoín an tsaoil agam píosa tobac scian agus píopa.

Nuair a thagann na strainséirí ar cuairt ar an tír seo, is iomaí sin teanga a bhíonn dhá labhairt i mo thimpeall ina suí anseo thart orm ag ithe *burgers* is *pizza*, b'fhearr liom go mór mangach úr nó breac sailte tá na *burgers* sin lán leis an *mad cow disease* sin.

Caitlín:

Is iomaí sin lá a chaith mé i do theannta sa *square* seo ag léamh is ag staidéar na scéalta a scríobh tú.

Pádraig:

An tú Caitlín Maude as ceantar Ros Muc thiar nach bhfuil tú ró-óg le bheith i dteannta na bhfíréan? ar fhága tú an ceol is an fhilíocht i do dhiaidh thiar, inis dhom, an bhfuil athrú mór tagtha ar Ros Muc is ar mo mhuintir?

Caitlín:

Is fíor bhí mé óg nuair d'fhág mé an saol sin bhí go leor le scríobh fós agam faoi an tír is na daoine. Ach tá athrú mór tagtha ó d'fhág tusa an saol sin Ní bhfaighfeá asal inniu dhá siúlfa bóithre na tíre.

Pádraig:

Muise inis dhom faoi na báid, ar ndóigh tá siad fós ag dul daingean is marach an concrete seo im thimpeall bheinn ar an gcéibh i gCinn Mhara, go bhfeicfinn na báid ag seoladh aniar le lán mhara

's bheadh ragairne is ceol agann faoin tseile go maidin.

Caitlín:

A Phádraig a stór, tá an obair sin caite nach *disco* is *rock* atá anois i Ros Muc 's i gCinn Mhara tá na báid stopaithe le fada gábhail thar an gCeann is thri Dhaingean tá carranaí anois i chuile theach ar an mbaile.

Pádraig:

Inis dhom a chroí cén chaoi a maireann mo mhuintir is a dtagann muintir na n-oileán ag an siopa Tigh Chonroy? ag ceannacht tae, siúcra, plúr agus tearra, píosaí tobac, breidín is leathar?

Caitlín:

Ach a Phádraig tá mé ag rá leat, tá an saol ar fad athraithe, is istigh i Dunnes Stores a cheannaítear tae, siúcra is earraí, Sciortíní gearra 'gus jeans atá sa bhfaisean, tá deireadh le bréidín is le treabhsair ceannasna.

Pádraig:

Ach a Chaitlín Maude cáide ó d'fhág tusa Cill Bhriocáin, ar ndóigh tá an teampall i gcónaí go hard ar an gcnocán? Bhfuil an patrún i gcónaí is oilithreach go Tobar Bhriocáin, carraíocht Tigh Mhaude is pórtar dhá shlogadh?

Caitlín:

Faraor a Phádraig ní amhlaidh atá an scéal sin. ní raibh ósta Tigh Mhaude ná patrún le mo linnse Tá an teampall ina sheasamh clúdaithe le eidheann is caonach ag gardáil na háite a bhfuil ár muintir ina luí ann.

Pádraig:

Is ann atá laochra na mbád, na scéal is na n-amhrán, daoine a d'oibrigh gach lá, go crua ar fhíorbheagán ag ligint a scith nó go dtaga lá an tsleibhe, nuair a éireoidh siad aríst mar atá geallta ag Mac Dé dúinn.

Caitlín:

Srathraigh an t-asal beag dubh agus geobhaidh mise an carr dhuit agus tabharfaidh muid cuairt thart siar Conamara, nó go bhfeicfidh muid arís na cnoic is na beanna, cladach is sliabh is an caoláire amach uainn.

Pádraig:
Beidh muid i Ros Muc le titim na hoíche is buailfidh muid isteach Tigh an Head ar feadh píosa, ag éisteacht le scéalta is le comhrá na ndaoine corr phíosa ceoil, nach againn a bheas an oíche?

(Tigh Mhaidhcó)

Caitlín:
Ach caithfidh muid fanacht ar chúl an scáile atá idir muid is an saol sin, mar d'aithneodh go leor acu mise, táim cinnte.

Pádraig:
Meastú an ag caint ar teilifís a bhí siad nó cé'n uair a dtáinig a leithéid sin don tír seo? Ach m'anam a Chaitlín, cuireann sé orm áthas is ríméad go bhfuil mó chuid scéalta fós beo i measc aos óg na tíre.

Caitlín:
Bhí an raidió i gCasla is ina réim le mo linnse ach teilifís a mhic ó atá anois uaidh na daoine, Meastú, an ndéanfaidh Máirtín Tom Sheáinín agallamh le beirt thaibhse ar an siamsán?.

Pádraig:
B'fheidir a Chaitlín, go mbeadh sé don bharúil nach mbeadh aon mhaith déanta.

Caitlín:
Bí réidh a Phádraig roimh dheireadh na bliana Tá an teilifís ag oscailt ar an Tulach go cinnte Tabharfaidh muid scéala don Chadhnach, don Phiarsach is don Ghaorach, Beidh muid ar Theilifís na Gaeilge nuair a osclóidh sé an chéad oíche.

(TnaG)

Pádraig:
Tá Airí is boiciní ann cruinnithe is na mílte, is Michael D. Higgins mar Rí ar an oíche, iad ag moladh is ag pógadh saothar a chéile, gan blas náire orthu a rá gur acu fhéin a bhí an smaoineamh.

Caitlín:
Ach céard faoin ngrúpa a chuaigh go barr Mhordáin le chéile is a chuir Teilifís na Gaeltachta ar an aer do na daoine? Meastú an mbeidh siadsan ar an Tulach an oíche sin is a bfaighidh siad an t-aitheantas atá tuilte ag a saothar? A' bí Gaeilge Chonamara a bheas le cloisteáil ag craoladh nó an teanga leathbhruite sin a bhíonn ar staisiúin eile na tíre?.

Pádraig:
Ní raibh aon chleachtadh ar champagne agam, Tá mo chloigeann ag dul thimpeall, Tá an aistir is an t-athrú ag déanamh ráimhaillí i m'intinn, Ba mhaith liom dul ag damhsa ach tá na soilse do mo chaochadh, Croch suas amhrán maith, a bhean, Dónall Óg, grá mo chroí thú.

Caitlín:
Ara fan anois a Phádraig go dtosnóidh an siamsa, M'anam go ndaimhseoidh muid caper roimh dheireadh na hoíche, Beidh sé tamall aríst go mbeidh ár dtíall ar an taobh seo, Nach bhfuil tú sách fada ag fáil fuacht in do shuí ar an square thíos.

Sin é Mattie Joe Shéamuis ag ceol ar na píopaí, Is Joe Steve Ó Neachtain ag géitseáil ina thimpeall, Coinnigh do shuíl ar na ceamaras atá ag flasháil chuile áit ina dtimpeall, Cuirfidh mé geall leat go mbeidh pictiúr na beirte againn ar an gConnacht Dé hAoine.

Fóram na Gaeltachta

Déanann **Gearóid Ó Cosgora**, ball de choiste oibre Fhóram na Gaeltachta, cur síos ar an méad atá deeanta go dtí seo chun an fhóram a bhunú

B'éigin cruinniú de Fhóram na Gaeltachta Teo a bhí socraithe do Earrach na bliana seo a chur ar ceal toisc an ghalair crúb is béil. Tá an cruinniú anois socraithe do Óstán na Páirce, An Spidéal, don 12/13 Deireadh Fómhair. Beidh an coiste oibre ag cur a saothar go dáta os comhair an Fhórait. Cuid den chlár oibre is ea toghadh coiste feidhme. Má glactar leis an mbunreacht atá dréachtaithe, toghfar 12 — beirt araon do Chúige Ulaidh, Connacht/Laighean, Mumhan, duine ó na hOileáin agus cúigear eile ón mballraíocht leathan. Beidh an coiste de 12 in ann triúr eile a chomhthoghadh. Tabharfaidh an bunús ionadaíochta neart don eagraíocht chun a chuid a dhéanamh le réiteach

Seo na moltaí a h-aontaíodh ag ceann de na ceardlanna ag Fóram na Gaeltachta i Nollaig 1999.

Pleanáil agus Tithíocht sa Ghaeltacht

- Glacadh le moladh ón mórtionól gur chóir smacht a thabhairt d'Údarás na Gaeltachta ar phleanáil sa Ghaeltacht.
- Go dtabharfaí acmhainní do na poba il áitiúla chun tabhairt faoi réiteach a fháil ar an gceist tithíochta ina gceantar, m.s. chun eagraíocht tithíochta tuaithe a bhunú.
- Stádas na Gaeilge sa Ghaeltacht a bheith ar comhchéim le Stádas na Timpeallachta i gcúrsaí pleanála. (Saineolaí sochttheangeolaíochta a bheith ar fáil don obair seo.)
- Ionad tacaíochta teicniúil a bhunú i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta chun cuidiú le hiarratais phleanála.
- Éifeacht a thabhairt do choinníollacha teanga sa phróiseas pleanála.
- Breathnú ar phatrún tithíochta na gclachán, a bhí coiteanta breis is céad bliain ó shin, mar phatrún a d'fheilfeadh sa lá inniú in ionad an ribíneachas.
- Go ndéanfaidh an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta & Oileán athbhreithniú ar na deontais tithíochta agus iad a chur in oiriúint don lá inniú. (Mar shampla i 1972 bhíodh an deontas tithíochta a bhí ar fáil in ann ábhar tí a cheannacht.)
- Nár cheart go ndíolfadh Údarás na Gaeltachta an banc talún atá acu ar an margadh oscailte ach deis a thabhairt don phobal a bheith páirteach san fhorbairt.
- An dlí a athrú ionas, i gcásanna áirithe, nach gcaithfeadh gach páirt úinéir aontú le díol coimíneachta dá mbeadh an talamh á chur ar fáil do thithíocht a bheadh aontaithe ag an phobal.
- Fóram na Gaeltachta a thionól uair sa bhliain chun ceist na tithíochta agus pleanála a phlé agus a athbhreithniú.
- Sonrú a dhéanamh ar cé mar a éiríonn le hiarratais phleanála.
- Gur fadhb é meon na gComhairlí Contae i leith na Gaeltachta agus nár cheart ligean dóibh pleanáil a dhéanamh don Ghaeltacht.

a fháil ar fhadhbanna na Gaeltachta.

Cúlra an Fhórait

D'eascair Fóram na Gaeltachta as fóram speisialta a ghairm Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus Meitheal Forbartha na Gaeltachta (MFG) i rith feachtas thoghcháin Údarás na



Clár nua LEADER
ag tosnú anois
Eolas agus cúnamh ó

mfg teo

Gearóid Ó Cosgora
Meitheal Forbartha na Gaeltachta
Oifig Chonnacht agus na Mí
Indreabhán, Co na Gaillimhe

Fón: 091-593410 Facs: 091-593728

mfggaillimh@eircom.net

Stáisiún Seirbhís Bhreathnach

Casla

091-572456/572169
Mobile: 087-2525088

Seirbhís Aisghabhála 24 uair a chloig
Trealamh lascaireachta
Páirteanna athlámha do charranna

An Caladh mór

ceol, ól,
bia agus CRAIC

An Spidéal, Co. na Gaillimhe
Tel: 091-553058

Gaeltachta i Nollaig 1999. Bhí thart ar 200 ionadaí i láthair ag an bhfóram speisialta a gairmíodh i Nollaig 1999, ionadaithe ó eagraíochtaí éagsúla ó na seacht gcontae Gaeltachta. B'í tuairim na ndaoine a bhí i láthair gur éirigh go han-mhaith leis an ócáid agus gur chóir tabhairt faoin a leithéid go rialta. Eagraíodh coiste oibre, faoi chathaoirleacht Phadraig Uí Cheithearnaigh, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, atá comhdhéanta de ionadaithe ó MFG agus áisitheoirí na gceardlanna a bhí ar siúl ag an bhfóram.

Chas an coiste oibre seo le chéile go rialta ó shoin agus i Meitheamh 2000 socraíodh ag cruinniú speisialta a dhul ar aghaidh le bunú comhlachta. Aontaíodh freisin ceist ionadaíochta agus na haidhmeanna faoi leith.

Sé príomhaidhm Fhóram na Gaeltachta ná:

"Guth a thabhairt do na pobail Ghaeltachta le go mbeidh siad in ann polasaithe aontaithe ar chúrsaí teanga, oideachais, sóisialta, eacnamúla, cultúrtha agus ar ghnéithe ábharacha eile de shaol na Gaeltachta a dhréachtadh, a phlé agus a shocrú agus na polasaithe aontaithe sin a chur i láthair na n-institiúidí, na n-eagraíochtaí agus na gcomhlachtaí sin a bhfuil tionchar acu ar a saol ó lá go lá, le go bhfeidhmeofar iad i gcomh-pháirtíocht leis an bpobal."

Na cuspóirí atá leagtha síos don Fhóram ná:

- Chun todhchaí na Gaeilge mar phríomhtheanga labhartha agus cumarsáide na Gaeltachta a chinntiú agus saibhreas na teanga a chaomhnú agus a chur chun cinn.
- Chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt dearfach cultúrtha, oideachasúil, sóisialta agus eacnamúil a dhéanfaidh leas do phobal na Gaeltachta agus a láidreoidh an timpeallacht cultúrtha, sóisialta, teanga, nádúrtha agus tuaithe agus a chinntiú go ndéanfar freastal agus deimhniú ar chearta pobal na Gaeltachta agus an duine aonair le Gaeilge i ngach gné dá saol.
- Chun a chinntiú go bhfuil promhadh Gaeilge agus Gaeltachta san áireamh i reachtaíocht agus polasaithe na n-institiúidí agus na n-eagraíochtaí sin a bhfuil tionchar acu ar an nGaeltacht agus tionchar a imirt orthu ag an stáid pleanála agus ag an stáid feidhmithe agus féachaint leis na polasaithe a athrú nó a leasú más gá.
- Chun a chinntiú go n-éistefar le glór phobal na Gaeltachta san áit go bhfuil sé tábhachtach agus go dtabh-arfar san áireamh é agus cinnidh á nglacadh.
- Chun díospóireacht a spreagadh faoin nGaeilge agus faoin nGaeltacht.
- Chun nascanna a chothú le daoine ón nGaeltacht atá imithe agus le dreamanna eile in Éirinn agus thar lear gur spéis leo cúrsaí teanga agus pobail.
- Chun an oíge a spreagadh le páirt a ghlacadh in imeachtaí gníomhacha.

Siad na rannóga ionadaíochta ná:

- Coistí pobal, coistí ceantar nó eagraíochtaí gurb í leas na Gaeilge agus na Gaeltachta a bpríomh-chuspóir — atá ag feidhmiú sa Ghaeltacht.

- Saineagraíochtaí, ar nós oideachas, cultúr, forbairt pobail, oidhreacht, turasóireacht, gairme atá ag feidhmiú sa Ghaeltacht agus a thacaíonn le príomhchuspóirí Fhóram na Gaeltachta.
- Daoine aonarach atá páirteach agus a aontaíonn le príomhchuspóirí na Fhóram na Gaeltachta. Ní gá dóibh a bheith ina gcónaí ins an nGaeltacht.
- Oifigigh Gaeilge na gComhairlí Contae agus na n-áisinteachtaí stáit.
- Féadfar comhbhallraíocht a bheith ag eagraíochtaí a thacaíonn le haidhmeanna an Fhóram ach go mb'fhéidir nach sa Ghaeltacht a bheidh siad ag feidhmiú.



AER ÁRANN

AERFORT CHONAMARA

Eitiltí Laethúla go dtí Oileáin Árann

Oifig Eolais: Aer Árann

Aerfort Chonamara, Caisleán, Indreabhán

Facs: 091-593034 & 593054



Ionad Gaeilge Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe.

Fón: 091-595101

**Ranganna Gaeilge do dhaoine fásta
ó Bhearna go Carna**

**Cúnamh i labhairt na Gaeilge
do dhaoine fásta
(Galltacht agus Gaeltacht)**

**Pacáiste féin teagaisc
i bhfoghlaim na Gaeilge**

**Ranganna Ríomhaireachta trí Ghaeilge
Seirbhís Rúnaíochta/Aistriúcháin/Facs**



Damhsóirí óga i mbun cleachtaidh ag ceardlann damhsa comhaimseartha le Ríonach Ní Néill. Liréofar an Seó Damhsa Oisín i dTír na hÓige

agus Parthenogenesis ag a 8.00 i.n. i Scoil Chuimsitheach na Ceathrún Rua ar an Luain 10 Meán Fómhair



Arramara Teo


Cill Chiaráin, Conamara, co. na gaillimhe

Teil: 095 33404/33417

Facs: 095 33494

Ríomhphost: info@arramara.ie

www.arramara.ie



RAPIRE TEORANTA

Indreabhán

Co. na Gaillimhe

Teil: 091-593211

Facs: 593078

Óst na nOileán — TIGH LEE —

Leitir Mealláin 551161

**Óst & Bialann
Ceol gach deireadh seachtaine**

Go n-éirí leis an bPléaráca



CUMANN HÚICÉIRÍ NA GAILLIMHE

Cathaoirleach: Séamus Breathnach

Rúnaí: Pádraig de Bháldraithe

Cisteoir: Ruaidhrí Ó Tuairisg

Oifigeach Caidreamh Poiblí: Cóilín Ó hIarnáin

Ciorcal – Na Scríbhneoirí Óga

Den dara bliain as a chéile, idir Fómhar na bliana seo caite agus Cáisc na bliana seo tháinig grúpa scríbhneoirí óga le chéile go rialta i gceantar Chois Fharraige faoi stiúir Ghreg Uí Bhraonáin. Is in oifigí Chomhar Creidmheasa Cholm Cille a thagadh an grúpa, a bhí roinnte idir sinsirigh agus sóisirigh le chéile uair sa gcoicís. Is dream óg iad seo atá ag freastal ar Scoil Chuimsitheach Chiaráin, Coláiste Cholm Cille agus Meánscoil Mhuire gan Smál, An Spidéal. Rinne Greg sár-obair leo agus spreag sé iad chun coinneáil le ceird na scríbhneoireachta. Chuir Údarás na Gaeltachta maoiniú ar fáil do Chiorcal. Le tacaíocht ó Áras na Scríbhneoirí, tugadh aoi-scríbhneoirí isteach chun labhairt leo — Máire Holmes, Micheál Ó Conghaile agus Ailbhe Nic Giolla Bhríde.

Tá Pléaráca buíoch do na múinteoirí Ghertrude Mhic an Iomaire agus Máire Ní Fhinneadha a thug cúnamh na daoine óga a thabhairt le chéile agus a spreag iad chun leanacht leis.

Seo samplaí den ábhar a scríobh baill Chiorcal i rith na bliana.

Argóint

Dónall Ó Héalaí

Caithimse amach focla mar lasracha móra dearga
lán le fearg agus gráin,
ach caitheann sé sin ar ais cinn faoi dhó níos láidre
agus déanann smidiríní
de na focla i m'intinn.

Ach tagann siad ar ais le chéile arís
agus déanann siad piléar beag faobhrach
a scaoilim leis
agus a bhuaileann an sprioc
agus tugann chun talún é.

Adhmaíonn sé a bhotún,
seasann suas
agus croitheann sé lámh.

Síocháin.

An Bligeard

le Philip Ó Flatharta

Lár na hoíche tá tú tagtha,
Ag titim ar fud na háite,
Straois gháire ort féin,
'S alcól ag teacht amach as do bhéal.
D'éadan níos gairbhe ná lá i gCeann Sibéal.

I bhfolach i do sheomra,

Fós i do sheomra,
Ag gáire faoin náire,
A chuir tú ar do chlann.

An oíche Dé hAoine deireanach,
A bhí ag ár mbligeard óg,
'S alcól fós ar an urlár.

Is as Lios a 'Gearráin, Maigh Cuilinn é Philip Ó Flatharta
Tá sé 16 bliain d'aois. Tá sé ag scríobh ó bhí sé an-óg.
Seineann sé ar an ngiotár agus is maith leis an banna ceoil
Greenday.

Stróinse na Sráide

le Eoghainín Ó hAinmhire

Creatachán suarach ina shuí sa phuiteach
Buidéal ina lámh, bruth féasóige é ag iarraidh déirce
Súile gléasta brónacha a d'fhág pian im' chroí,
Meas tú cén cúlra a d'fhág mírath ar an misteach?

Samhlaím máthair bhródúil le leanbh nuabheirthe san
ospidéal
Samhlaím í ag tabhairt a mic óig ag an scoil ar a chéad lá
Nach álainn a bhí sé nuair a rinne sé a chéad chomaoineach
Ar smaoinigh sí riamh go gcríochnódh sé mar seo?

Cén saghas buachaill a bhí ann ag an scoil?
An raibh sé go maith nó measartha nó go dona ar fad?
Céard iad na hábhair is mó a thaithin leis?
Ar mhaith leis a bheith ina gharda, ina mhúinteoir nó
dochtúir nó céard?

Tá mé cinnte go bhfuil scéal le n-insint ag an bhfear seo
Tá sé scríofa ar a éadan don té atá in ann é a léamh
Ar nós leabhair a bheadh fágtha sa phuiteach ar thaobh
sráide
Tá duais liteartha anseo nach mbeidh scríofa go deo.

Na Ballaí

le Pádraic Mac Giolla Bhríde

Tá siad ag dúnadh isteach
Tá mo chroí ag rith
Mo chlann
Mo shaol
Mé féin
Faoi chontúirt
Na ballaí ag dúnadh isteach

Na ballaí ag brú
Ag druidim i mo threo
Ag cur mo shaoil i ndainséar
Saol mo chlainne
Iad sa seomra seo liomsa
Seomra an bháis
Tá siad ag brú
Ag briseadh cnámha
Ag briseadh croí
Na ballaí ag dúnadh isteach

Na ballaí níos giorra dhom gach soicind
Gach seans a bhí agam rudaí a athrú i mo shaol
An t-am a chuir mé amú
An oiread ama a bhí agam athrú
Tá na ballaí ag dúnadh isteach.

Bácáil

le Síle Ní Scailáin

Lá breá is mo ghlúine craptha
Ar an tseanchathaoir adhmaid
A bhíodh Tí Mhamó.
Diabhal focal a bhí eadrainn beirt
Is muid ag déanamh cáca aráin
Tháinig an comhrá
Ón mbran is ón bplúr
Ag silt sa mbabhla mór.

Ceol binn óna héin ar na craobha amuigh
Mé féin is Mamó, is an doras gloine buí

Dúinte amach againn
Ar fhaitíos go dtiocfadh an cat isteach.

Líotar bláthach ar an gcuntar,
Isteach leis.
Dhá bhleibín mhóra mhillteacha uachtaracha
Thóg mé féin an spúnóg agus mheasc mé é.

Rinne mamó an chrois air
Cheithre iomar beag
Agus an bord clúdaithe le plúr.

Anois is arís, smaoiním ar an lá
A bhuailfidh(s) an bás cnag
Ar an doras gloine buí, Tigh Mhamó.

Tae agus Brioscaí

Diarmaid Ó Ceallaigh

Tae agus brioscaí
Nach álainn an rud é,
Na brioscaí chomh milis
Le cupán deas tae.

Tá grúpa beag againn
Gach dara Máirt,
Ach níl cothrom na féinne
Á fháil ag cách.

Deir muid dánta
A bhíonn cumtha go cliste
Gan blogam beag tae
Nó fiú cruma de bhriosca

Cráite ag an ocras
Spalpaisithe ag an tart
Ag guí chun Dé
Go mbeidh an ciorcal thart.

Impíonn muid dhó,
Na brioscaí a thabhairt chugainn,
Freagraíonn sé 'no'
'Gheobhaidh tú cic sa tóin'!

Tá réabhlóid chun tosú
Mura bhfaighimid blogam
So cuir síos an ciotál
'S oscail na brioscaí!

Lig Amach Mé

le Edel de Paor

Bheadh sé chomh maith dom bheith balbh
Mar ní chloiseann siad mé,
mo screadaíl, m'impí
do fiú cluais amháin tuisceana.

Is é rithim na farraige
Ar an gcladach fuar
An t-aon rud a thugann
faoiseamh dom i mo shaol dorcha suarach.

Anois tá clog na mblianta
Ag corraí ar nós uisce locha.
Níl mé in ann an glas a oscailt
Chun fáil amach as an áit seo.

Cóta an Chaora

Máire-Treasa Ní Dhubháin

An chaora bhocht
Fuar i rith
An gheimhridh
Gan cóta ar a craiceann

Muidne ar fad
Ag dul thart
lena cóta
Ar ár ndroim

Mála é a cóta
lán go béal le leabhra
Teacsaí móra troma
a n-iompar ar mo chnámh droma

An chaora bhocht
Ag seasamh sa pháirc
Sa gheimhreadh fuar
Gan cóta uirthi

Tionchar na Báistí

le Rose Ann Ní Chéidigh

An bháisteach ag sileadh anuas
An ghaoth ag séideadh go láidir
'S tonnta na farraige ag bualadh
na carraigeacha.
Chonaic mé é
An buachaill óg ina sheasamh sa mbáisteach
'S é ag breathnú amach ar an fharraige cháite
'S na tonnta móra fiáine ag ardú agus ag ardú.

Bhí sé ag crith le faitíos
Is gearr go dtáinig na deora
Chonaic sé mé agus shiúil sé i mo threo
Stop an bháisteach.

Bhreathnaigh sé go domhain i mo shúile
Stop na deora agus thosaigh sé ag gáire
Stop sé ag siúl agus dúirt sé liom:
Imíonn an fhaitíos nuair a stopann an bháisteach.

Faoi Ghlas

Dualta Mac Lochlainn

Trí chéad bliain
Faoi smacht
Gan Dóchas

Bosca i seomra
Faoi ghlas
le blianta

Ag smaoineamh
Ag fáil
Níos feirge

An bosca sa seomra
Leis an eochair
Sa ghlas

Ag troid
Ag marú
Ag scriosadh

An bosca sa seomra
Ar oscailt
Gach rud ag teacht amach

Na coirp
An scrios
Ach faoi dheireadh
An dóchas

An bosca sa seomra
Gach rud imithe
Ach fós ann
Tá an dóchas.

Metallic Blue

Pádraig Ó Dubhghaill

Ag dul síos an bóthar i mo charr breá nua
Mo chroí ag pléascadh le bród,
Chuile dhuine ag breathnú uirthi,
Spoiler, Alloy Wheels, 'Metallic Blue'.

Ag dul thar charranna eile bím ag-gáire,
Nach iad atá ag tiomáint go mall,
Níl siad in ann don
Spoiler, Alloy Wheels, 'Metallic Blue'.

Anois is mé sínte ar fhleasc mo dhroma san ospidéal,
Agus obráid i ndán dom ar ball,
Tá sí á tógáil go dtí an crusher,
Spoiler, Alloy Wheels,
Calóga beaga gorma ar nós sneachta
Ó mo 'Mhetallic Blue'.

Mo Laoch Spóirt

Caoimhe Ní Chiardha

Is duine uasal mo laoch spóirt. Duine le tréithe tharr barr.
Duine a bhfuil rud iontach bainte amach aici. Ceapaim go
bhfuil na rudaí seo ar fad ag mo laoch spóirt ach an rud a
sheasann amach domsa ná an méid a d'fhoghlaim mé ó mo
laoch. An chaoi a dhéanann sí am do gach duine. Cairde,
clann agus fós smacht a choinneáil ar a cuid traenála agus
oibre.

Is í mo laoch spóirt ná Éadaoin Ní Challaráin. Gnáth
chailín as mo cheantar féin, an Spidéal, Co. na Gaillimhe a
chuaigh go dtí na Cluichí Oilimpeacha sa bhliain 2000 i
Sydney. Bhí Éadaoin páirteach sa rása caigheac slalom.
Bhain sí amach an 18ú áit. Sin é an éacht is mó agus is fearr

atá ag Éadaoin is dóigh, ach ní ansin ach píosa beag den
scéal agus fáth amháin go bhfuil sí ina laoch spóirt agam.

Thosaigh Éadaoin amach
ag caigheacadóireacht nuair a bhí sí ina dalta i gColáiste
Cholmcille, Indreabhán, an ghairmscoil ina bhfuil mé
fhéin ag freastal uirthi faoi láthair. Ní raibh traidisiún
caigheacadóireachta i gceantar an Spidéil roimhe seo.
Bhíodh sí ag obair in AquaSpóirt an Spidéil a thosaigh
athair Éadaoin, Breandán. Bhíodh sí ag tógáil daltaí amach
a tháinig go dtí an Spidéal chun an Ghaeilge a fhoghlaim,
turasóirí agus muintir na háite freisin!

D'oibrigh sí chun áit a bhaint amach i nDámh an
Leighis in Ollscoil na Gaillimhe. Bhí Éadaoin páirteach i
gclub na hOllscoile freisin. Ba shin é an áit a thosaigh sí i
gcomórtais. I 1996 bhuaigh sí an chéad áit i rása na Life
agus aríst i 1998. An bhliain céanna cuireadh sa Gú háit ar

domhan i gcaigheacadóireacht 'freestyle' í. Faoi am seo
bhí scil an slalom aici. Rása tríd geataí, síos abhainn, ar
thonnta agus uisce garbh, in aghaidh an chloig. Chaith sí an
chuid is mó dá chéad bliain i Nottingham, Ionad Náisiúnta
de Spóirt Uisce. An Samhraidh sin, chuaigh sí ar aghaidh
chun craobh slalom na hÉireann a bhuachaint agus an 8ú
áit i Sasana.

Ar ais go dtí an Ollscoil i 1997 ach ag deireadh na bliana
rinne sí an cinneadh traenáil go lán aimseartha chun áit a
fháil i Sydney. Chaith sí an t-am sin i Nottingham. Ghlac
sí páirt i rásaí domhanda i Slovenia, Slovakia, an Spáinn,
Macedonia agus an Astráil. Bhain Éadaoin áit amach sna
Cluichí sa Spáinn i 1999.

Chaith sí na míonna suas go dtí na Cluichí, i Penrith,
suíomh an rása. Thóg mé fhéin an deis iontach seo agus
chuaigh mé anonn go dtí an Astráil chun tacaíocht a

thabhairt d'Éadaoin.

Bhí sceitimíní ar gach éinne sa phobal seo sna cúpla
seachtain roimh an rása. Bhí an-áthas orainn go raibh
Éadaoin ag fáil na deise seo. Ba rud iontach í a fhéiceáil
ann. D'oibrigh sí fíor-chrua.

Nuair a tháinig sí abhaile bhí an pobal ansin chun míle
fáilte a chur roimpi. Ba chuma leo cén áit a fuair sí. Bhí sí
páirteach sna Cluichí Oilimpeacha sa bhliain 2000 agus sin
sin!

Phioc mé Éadaoin mar mo laoch spóirt mar gheall ar an
obair chrua a rinne sí. Ní go dtí lá an rása a tháinig sé
chugam an méid smachta atá aici fhéin agus chomh deacair
is a bhí sé. Freisin mar gheall ar an inspioráid a thugann sí
dom agus na daoine thart orm. Tá sí anois ag smaoineamh
ar na cluichí sa nGréig agus tá súil agam go mbeidh mé in
ann í a leanúint ann.

Deo Valente

Máirtín Mac Donnacha

Bhrúigh an dá charraig amach óna chéile agus lig aníos laibhe damanta as ionathar ifrinn. Thainig sé aníos trí na mílte carraigeacha agus thaispeáin é féin don saol nach raibh réidh chun a leithéid de thromluí a fheiceáil. Díreach taobh amuigh de chósta California a tháinig sé aníos agus chruaigh sé chúig mhíle ón gcósta. Ní raibh ann faoi dheireadh ach oileán gan fás ar bith ach aon chnoc amháin díreach ina lár. Bhí poll ag dul síos faoi dhromchla an domhain agus bhí an oscailt díreach ar bharr an chnoic. Bhí an chreafóg liath agus bhí an spéir dubh ós cionn an oileáin ag scamail a bhí réidh chun pléascadh aon soicind. Bhí muintir bhaile Mexicali chun cuimhniú ar an oileán seo go deo.

'Phléasc bolcán faoin talamh ar maidin go moch inniu chúig mhíle taobh amuigh de chósta Mhexicali. Buíochas le Dia nach gortaíodh aon duine...' a choinnigh an raidió ar aghaidh ag cur síos ar an mbolcán a phléasc chúig mhíle dhéag faoi leibhéal an uisce. Bhí a dhóthain cloiste ag Micheal Frayers. Bhí sé ar an dara cupán tae sul a mbeadh sé ar a bhealach chuig an Seipéal. Bhí rud éigin ag cur isteach air le píosa anuas ach ní raibh sé cinnte céard. B'fhéidir go mbeadh sólás aige ag an Aifreann a bhí ar siúl taobh amuigh de bhallaí na cathrach. Chuir sé a seanchóta air agus chas as an raidió. Bhí air siúl chuig an sólás a bhí sé a chuardú mar gheall go raibh an carr tógtha ag a bhean agus thóg sí na gasúir freisin. Agus é ag siúl ag an Séipéal bhuail olc é. Cén fáth ar chaith sé a shaol ag ól agus saol breá aige sa mbaile agus maidir leis an troid sin a bhí aige lena bhean, bhí sé óltach mar sin ní raibh aon neart aige air. Bhí na smaointe seo ag dul thríd a intinn nuair a shroich sé Teach Dé.

Leag Micheal a lámh anuas ar an murlán nuair a hosclaíodh ón taobh istigh é. An chéad radharc eile a chonaic sé bhí a chroí ina bhéal aige. Rith fear meán aosta, bhuel sin a cheap Micheal, bhí sé deacair a dhéanamh amach, amuigh ar an tsráid agus thosaigh sé ag screadaíl le pian. Bhí a chraiceann ag titim de agus bhí a shúile ag seasamh amach óna logall ag breathnú trí Mhicheál ar nós nach raibh sé ann. Thit an fear anuas ar an ngaineamh bog a bhí faoi agus bhuail dorn ar an talamh agus chuir aníos meall dusta a chuaigh taobh thiar de na súile. Chas sé a dhroim le Micheal agus chonaic sé go raibh rudaí beaga ag greamú de chorp an fhir a bhí ag fáil bháis amach ós a chomhair. Ní fhaca sé a leithéid de rudaí ariamh cheanna. Ba cosúil le madra an corp a bhí aige ach bhí rud éigin aisteach ag baint leis. An chéad rud, bhí sé chúig oiread níos lú ná an madra ba lú a bhí sé ariamh. An dara rud, bhí eireaball laghairt air, agus an rud deirneach bhí fiacla siorc agus bhí dhá ghiall aige. Faoin am ar stróic Micheal a shúile

ón ainmhí bhí an fear gan cothrú. Bhí píosaí de gach áit agus bhí an gaineamh ag iompú dearg. D'fhéach an t-ainmhí ar Mhicheal agus léim san aer. Thit sé anuas díreach air agus chuir a cuid fiacla ina inchinn. Bhí Micheal marbh sular thit sé in aice na bpíosaí feola a bhí ag tosnú ag lobhadh ar an talamh naofa agus an dealbh den Mhaighdean ag féachaint anuas lena súile fuar.

D'ardaigh an sagart áitiúil, Kyle Stephenson, a lámh chun an clog a bhí lena thaobh a chur as. Bhí sé ar intinn aige clog nua a fháil mar bhí an ceann a bhí aige ag cur isteach go mór air. Gach maidin, bhíodh an clog ag scréachaíl mar a bheadh anam a bheadh i bhfostú i Limbo. Ba fear breá ard a bhí ann agus bhí lámha agus cosa air ar nós géaga crainn. Ba thraenálaí Karate agus Judo a bhí ann. Ar ndóigh ní raibh a fhios ag na sagairt go raibh an ábaltacht seo aige agus ní raibh mórán seans go mbeadh a fhios acu amach anseo ach oiread.

D'éirigh sé aníos agus chuimil sé a shúile. Bhí an leabhar Armageddon, The True Story ar an mbord in aice na leapan. Bhí sé oscailte ar an leathanach aige le pictiúr de mhadra le eireaball laghairt, fiacla siorc agus dhá ghiall. Bhí an-suim ag Kyle sna scéalta seo ach mar sin fhéin níor chreid sé focal dhóibh. Conas a d'fhéadfadh ainmhí teacht aníos as cnocán. Bhí sé seafóideach.

Ghlaoigh an fón agus bhrúigh Kyle an cnaipe le speaker air. Ar an taobh eile chuala sé glór faiteach agus breagán caoineadh sa chúlra.

'Kyle?' a d'fhiafraigh sé, 'seo é Rory Quinn anseo. An bhfuil tú ansin?' D'fhéach Kyle ar an fón agus dúirt gur b' é a bhí ann.

'Ó buíochas le Dia go bhfuair mé thú! Faigh do chuid uirlisí. Tá troid chun briseadh amach idir Neamh agus Ifreann. Tá orainn obair Dé a dhéanamh. Déan deifir!'

Leis sin bhí an líne marbh. Céard faoi é sin? Cé na huirlisí? Cén troid? Tá an tAthair Quinn imithe as a mheabhair, a cheap sé. Ba é Quinn a thug isteach san eaglais é agus bhí Kyle an-bhuíoch as ach fós bhí rud éigin ag baint leis nár thaitin leis. Bhuail smaointeamh é. Rith sé go dtí an fhéilire agus d'fhéach ar an mí agus ar an lá. An chéad lá d'Aibreán. Bhí an t-athair cinnte ag magadh faoi. Cén chaoi a bhféadfadh Neamh agus Ifreann troid in aghaidh a chéile agus cén chaoi a mbeadh sé in-ann cúnamh a thabhairt. Chur sé ar a chóta agus chuaigh sé díreach go dtí an Séipéal.

Taobh amuigh den Séipéal bhí fear ramhar agus dhá chorp, bhuel bhí corp amháin agus píosaí de chorp eile, ag fanacht taobh amuigh le Kyle. Ba é an fear a bhí fós beo ná an sagart a ghlaoigh ar Kyle. D'fhéach sé suas agus chonaic sé fear mór ard ag teacht ina bhealach.

'Ah! Kyle,' a dúirt sé go trom, 'is tú an chéad duine ar ghlaoigh mé air. Tá dhá sagart eile chun cúnamh a thabhairt dúinn troid in aghaidh an Diabhail.' D'fhéach sé ar aghaidh Khyle a bhí ina sheasamh ós comhair na bpíosaí beaga feola a bhí amach roimhe. Bhí faitíos ina shúile ach

ní raibh sé in-ann tada a rá. 'Is cosúil go bhfuil fianaise ag teastáil uait.' Threoraigh Quinn a mhéar i dtreo dhroim Mhichil, an corp a bhí ina phíosa amháin, agus dúirt 'léigh.'

Scríofa le fuil ar a dhroim bhí Nota *bene, per post meridiem idem*. . . . ach ní raibh abairt ar fad scríofa síos.

Bhí sé ar nós go raibh deifir ar cibé a rinne é seo imeacht.

'Céard a chiallaíonn sé seo ar fad?' a d'iarr Kyle.

'Bhuel is sin laidin atá scríofa ar a dhroim ach fós níl an

Emmax

Dónal Óg Mac Con Iomaire

Tharraing mé an doras ar oscailt agus chuir mé mo lámha ós cionn mo shúile chun cosaint a thabhairt dom ón dusta a bhí ag éirí go tapa ón talamh. Bhí mé in ann an bualadh a chloisteáil ar bharr an tí. Ar thaobh an héilecaptair bhí ainm chomhlacht 'Emmax' scríofa. Bhí an héilecaptar timpeall dhá méadar ón talamh nuair a léim fear i gcóta dubh amach as. Ina lámh bhí mála cáipéisí. Taobh thiar chuala mé fuinneog ag briseadh. Chas mé timpeall, díreach chun droim mo chomrádaí oibre Richard Swatson a fheiceáil dul thríd an fhuinneog. Chas mé ar ais go dtí an fear a bhí ag teacht i mo threo ach bhuail pian aisteach m'éadan ina áit. Thit mé go talamh, chonaic mé an fear ag ísliú an mhála cáipéisí. Líon mo chloigeann le smaointe feirge, bhí fonn orm éirí ón áit a raibh mé i mo luí agus an fear seo a mharú. Thriail mé éirigh, ar ndóigh, ach nuair a chonaic mé gunna ina phóca aige tháinig lagar orm agus thit mé i mo chnap ar an talamh arís. Ba é an gunna an rud deireanach a chuimhním air ón lá sin. Bhí sé go hálainn, torann na héin timpeall orm, boladh na mbláthanna agus gluaiseacht na gaoithe ag rith thríd mo chorp. D'oscail mé mo shúile go tobann. Is cuma cé chomh deas is a bhí sé, bhí mé ar an airdeall ar an bpointe. Níor aithnigh mé an áit ina raibh mé. D'fhéach mé suas timpeall orm ach i ngach treo bhí crainnte. Crainnte a bhí an-ard, is dócha go raibh an ceann is lú sa gcoill fós ós cionn 200 méadar, an ceann is mó ós cionn 500 méadar. Chuir sé i gcuimhne dhom an eachtra mór i mo shaol a tharla is dócha 20 bliain ó shin...

Bhí mé tuairim is 5 bhliana d'aois, ba mé an gasúr ba chumasaí sa rang, nó ba shin é a dúirt mo thuismitheoirí liom ar aon nós. Bhí mé i gconaí ag súil leis an scoil is mé óg, bhí múinteoir deas ann is cuimhin liom, bhí cairde agam le spraoi liom i gcónaí. Ach ar nós chuile rud, bhí drochthaobh leis mar gheall ar scoláire óg a bhí ins san rang liom. Ray an t'ainm a bhí air, bhí sé i gconaí ag spraoi liom fhéin agus lena chairde, ach an rud nach bhfaca muide ná go ligfeadh sé síos thú agus ní chuirfeadh sé isteach ná amach air. Lá Samhraidh a bhí ann nuair a shocraigh an múinteoir turas beag a thabhairt don rang isteach sa gcoill.

abairt críochnaíthe. Ciallaíonn an méid atá ann Mark well, *for each afternoon the same*. . . . agus tá faitíos orm go *will happen* an críoch atá leis. Ní mhór dúinn traenáil i gcomhair an chogadh mór atá le teacht.' D'fhéach sé suas agus chonaic beirt fhear ag siúl ina threo.

'Go maith, tá sibh uile ann. Isteach linn sa Séipéal.'

Thug sé gach duine isteach ann agus dhún na doirse móra le BANG.

Bhí orainn ar fad dul isteach sa gcoill i ngrúpaí de bheirteanna. Shocraigh mé fhéin agus Ray dul isteach le chéile. Thug an múinteoir píosa pháipéir agus buidéal gloine dúinn. Ar an bpáipéar bhí liosta de rudaí a gheofa sa choill, bhí orainn iad seo ar fad a chur isteach sa mbuidéal beag a bhí againn. Isteach linn ag rith agus ag gáire, ach ní raibh sé ró fhada go raibh mo bhuidéal féin lán, agus ní raibh ach cúpla rud beag i mbuidéal Ray. Bhí mé in ann an fhearg a fheiceáil is é ag coinneáil a chuid fiacla dúnta. Bhí mé ar mo bhealach ar ais go dtí an múinteoir nuair a chuala mé scread, go tobann chas mé timpeall agus thosaigh mé ag rith i dtreo an scréach. Ansin thit mé. Thit an buidéal amach as mo lámh agus luigh mé ansin. Ós mo chomhair chonaic mé lámh beag ag teacht anuas agus ag piocadh an bhuidéil leath chlúdaithe i bpuiteach. Chroch mé mo chloigeann agus chonaic mé gur Ray a bhí ann le meangadh gáire ar a éadan. Rith sé leis. Luigh mé ansin, ní raibh mé in ann éirí. Tháinig braonacha beaga amach as mo shúile, agus d'fhág sé poill bheaga san bpuiteach nuair a thit siad ansin. Bhí a fhios agam ansin is mé fós i mo luí ansin sa bhfuacht agus sa dorchadas agus ag breathnú ar na soilse beaga ag teacht ó taobh thiar dena crainnte, nach ligfeadh mé cead do aon duine mé a úsáid mar sin arís. Agus dá bhfaighinn amach go mbeadh aon duine m'úsáid, bheadh áiféal orthu an chuid eile dá saol...

Chuir an eachtra sin scanradh orm, níor thaitin sé liom a bheith ag smaointeamh air, go háithrid is mé ag luí i lagar i lár na coille arís. Tháinig goiríní thrí mo chraiceann uilig is mé ag chuimhneamh ar an scéal seo. Ós mo chomhair bhí rúta de chrann ag teacht amach as an talamh. Go mall chroch mé mo lámh ar agus leag mé anuas ar an rúta seo é. Ansin rith pian úafasach suas thríd mo lámh, d'fhéach mé suas, ach thríd na crainnte tháinig solas na gréine a chuir brú orm mo chloigeann a chasadh san treo eile. Chas mé mo chloigeann san treo eile agus an chéad rud a thug mé faoi deara ná scáil a bhí ar an talamh, seachas na crainnte bhí scáil an-soiléir ann de dhuine, is ag an bpointe sin a thuig mé go raibh an duine seo ina sheasamh ar mo lámh. Ina lámh bhí mála cáipéisí, agus gan súil ar bith leis tháinig DejaVu orm. Tháinig an mála anuas in aice le mo chloigeann, chaith sé duileoga agus píosaí créfoige san aer nuair a bhuail sé an talamh. Chroch an fear a lámh agus

shuigh sé síos ar an talamh in aice liom, thosaigh sé ag iarraidh an mála a oscailt. Is léir go raibh glas de chinéal éigin air. Chuala mé torann ard ós mo chomhair. Ansin d'oscail an talamh ina dhá chuid, ar nós dorais sna scannáin sci-fi. Nuair a d'oscail sé thit na duileoga anuas na taobhanna. Is ansin a chonaic mé gur doras a bhí ann. Chroch mé mé féin beagán níos gaire don doras seo agus ansin gan foláireamh ar bith, tháinig héileacaptar amach as an bpoll san talamh. Léim mé siar ag beicíl. An t-am uilig shuigh an fear ansin gan corr as ach amháin chun an glas a athrú ar bhealach éigin ar an mála cáipéisí. Chroch an héileacaptar é féin san aer agus d'imigh sé leis. Chas mé timpeall go dtí an fear a bhí ag féachaint orm le hiontas. *Clic *Clic. D'oscail an mála a bhí ina lámh aige suas. Ón áit a bhí mé i mo shuí d'fhéach sé ar nós laptop. Sheas mé suas agus thosaigh mé ag siúl ina threo, ach d'ardaigh sé a lámh chun a rá liom stopadh ansin. Chuir sé a mhéar lena bhéal. Chas mé timpeall, ní fhaca mé tada, chas mé ar ais go dtí an fear, bhí sé ag féachaint go géar ar an scáileán a bhí ar an mála cáipéisí. Ó am go chéile d'ardaigh sé a shuíle suas chugam, ach rinne sé é seo go tapa, ní thabharfá faoi deara ar chor ar bith é. Chas mé timpeall, thosaigh mo shuíle ag leanacht éin a bhí ag léim ó chrann go crann. Cheap mé go raibh a sciathán briste aige ach ansin d'éirigh sé agus d'eitil sé leis. 'An bhfuil a fhios agat cén fáth a bhfuil tú anseo?' a dúirt an fear go tobann, bhain sé geit asam. Chraith mé mo chloigeann go mall, d'airigh mé ar nós páiste óg tar éis droch rud a dhéanamh ag rá lena thuismitheoirí nach é a bhris an fhuinneog sa seomra suí.

'Tá cara leat atá ag obair linn san chomhlacht. Ach ní gnáth chomhlacht atá againn, níl mórán bainte againn leis an rialtas, bhí titim amach ansin cúpla bliain ó shin.' Rinne sé gáire beag. 'Glaonn siad sceimhlitheoirí orainn, ach níl sé sin fíor.' Rinne sé gáire beag eile. 'Ar aon nós, ba é do chara Luc Twain atá ag cur as dúinn, tá go leor trioblóide déanta aige inár gcomhlacht agus —' Léigh sé m'éadan. Bhí an chuma ar mo éadan ar nós ceann a bheadh ar thurasóir Mheiriceánach is é ar a chéad thuras go dtí an Fhrainc. Bhí a fhios aige nach raibh barúil agam cé air a raibh sé ag labhairt. Lig sé anáil amach agus d'imigh sé ag cuardú thríd an spás beag a bhí lán le páipéir sa mála cáipéisí. Tharraing sé ceann acu amach as 'Is dócha go mbeadh aithne agatsa air faoin ainm' thosaigh sé ag léamh '— Richard Swatson'. Thosaigh mé ag cuimhneamh ar an gcaoi a léim Richard amach thríd an fhuinneog. Chuir sé seo iontas orm ar ball, ach ní dhearna mé mórán smaoinimh ar ó shin. 'Céard faoi Richard?' a d'fhiafraigh mé go scioptha. Bhí mé ag iarraidh freagra a fháil chomh tapa céanna, ina áit thóg an fear bosca toitíní amach as a phóca. Chroch sé an bosca ós mo chomhair. Chraith mé mo chloigeann. Thóg sé an bosca ar ais agus las sé an toitín le cipín. Bhí mé cinnte go lasfadh sé an cipín ag úsáid a éadan. Chroch sé a cheann agus d'fhéach sé san spéir agus i bhfad ós cionn na crainnte chonaic muid

an heileacaptar ag eitilt thar an spás.

'Bhí Luc — gabh mo leithscéal — Richard ag obair anseo in san gcomhlacht EMMAX, ach ní post oifige de shórt a bhí aige, ní hea. D'oibrigh sé dúinn mar spaire. Sin an chaoi a chuir tusa aithne air. D'oibrigh sé in san gcomhlacht céanna libhse, Kytton'. Chas an fear timpeall agus rinne sé casacht. "Mar dhe, ar ndóigh, mar atá fhios agat anois. Bhí muid in ár gcomhlacht i gcónaí ag fáil roinnt eolais ar ais ó Richard. Níor theastaigh siad uainn i gcónaí ach uaireanta eile, bhí sé feiliúnach an fíor a bheith inár seilbh".

'Cén sórt eolas a bhí tú a iarraidh?' A d'iarr mé. 'Tá na céadta deiligh i Kytton.' Chonaic mé spreag beag ina shuíl. 'Tá tú fiosrach, ach mar eolas duit, go minic bhíodh muid fiosrach faoin réigiún céanna ina noibríonn tú fhéin.'

Tháinig craith anuas mo dhroim. Bhí mé féin ag obair ar armlann. Bealaí le gunnaí a dhéanamh níos cumhachtaí, ach i gconáí is mé ag obair ar seo bhí faitíos orm go dtitfeadh an teolas isteach sna lámha mí-cheart. Ba é Richard an duine deireadh a cheapadh mé go spaire a bheadh ann, bhí sé sin ag obair san chomhlacht níos faide ná mé fhéin. Anois bhí mé anseo i lár na coille ag éisteacht le fear aisteach ag insint dom go raibh mo chomrádaí oibre, mo chara is fearr ina spaire. Chroch an fear a chóta fada dubh agus amach as a phóca tharraing sé gunna lámha. 'An bhfheiceann tú é seo?' A d'iarr sé, agus chonaic mé é, agus d'aithin mé é. Ba gunna a bhí ann a rinne mé féin amach ar pháipéar cúpla bliain ó shin. Bhí sé i mo chloigeann agam mar gheall ar an mbealach go raibh an bairille déanta go bhféadfadh sé builead a chur thríd balla dhá orlach tiumhas de chruach. Ach níor chreid aon duine eile an smaoinemh a bhí agam, cheap siad uilig go raibh sé ró-chasta agus craiceáilte le fiú tosnú air. Ní raibh aon duine ag iarraidh a bheith páirteach leis ar chor a bith. Seachas Richard. Chroch an fear an gunna agus bhrú sé é in aghaidh an chrainn a bhí díreach in aice leis. Tharraing sé an trigéar. Bhí torann bog ann agus go tapa ina dhiaidh sin tháinig torann adhmaid ag briseadh. Timpeall 20 méadar ón áit ina sheas mé féin chonaic mé corp beag éinín ag titim go talamh. Thosaigh an fear ag gáire agus thosaigh sé ag casadh an gunna i mo threo. Léim mé siar le faitíos agus thosaigh mé ag rith. Rinne sé níos mó gáire, gáire i bhfad níos láidre.

Shiúil mé ar ais chuig an bhfear nuair a bhí an gunna ar ais ina phóca aige. Bhí sé fós ag gáire go ciúin. Ní raibh mé in ann a éadan a fheiceáil ach, bhí a chorp ag craithheadh suas is anuas go scioptha. Ansin sheas sé suas agus d'fhéach sé orm, bhí mé cúpla méadar uaidh go fóill. Bhrúigh sé cnaipe beag ar méarchlár an mhála cáipéisí. Ansin ós ard dúirt sé an focal 'STERNAIRD'. Ansin d'oscail an talamh, agus suas, amach as an oscailt tháinig pláta miotail. Thosaigh an fear ag díriú a mhéir ar an bpláta miotail, ag tabhairt comhartha dom seasamh air. Sheas mé air agus bhrúigh an fear an cnaipe arís. Thosaigh mé ag dul síos sa

talamh. D'imigh gach rud dorch. Cúpla soicind ina dhiaidh seo fuair mé féin i halla mór fada le ballaí miotail. Chuala mé torann taobh thiar díom. Bhí an fear leis an gcóta dubh ag teacht anuas isteach sa halla freisin.

'An bealach seo!' A dúirt sé. Bhí iontas orm go raibh sé chomh dáiríre anois, bhí meangadh gáire air cúpla soicind ó shin, bhain sé geit asam. Bhrú sé a lámh in aghaidh an bhalla a bhí ós a chomhair. Go tobann d'oscail doras a bhí i bhfolach san mballa. Bhí mé ag feiceáil cineál patrún den chaoi a raibh na doirse i bhfolach i gconáí. Chuaigh muid isteach. Taobh istigh bhí an seomra mór gan fuinneog ach le go leor soilse móra ag scalladh anuas ort. Ar na ballaí bhí 'BÍ CÚRAMACH' scríofa. Bhí na ballaí déanta de chloch, ach bhí an t'úrlar déanta de mhíotail. Choinnigh muid orainn ag siúl go dtí gur tháinig muid go dtí traein bheag. Shiúil an fear isteach sa traein ar dtús agus lean mé. Ceann i ndiaidh chéile las na soilse ag dul síos an tolláin. Ansin thosaigh an traein ag corraí aisti fhéin. Shuigh mé síos ar an suíochán. Bhí an fear ina shuí ar an suíochán a bhí ós mo chomhair.

'Tá Luc . . .' stop sé, 'RICHARD, i dtrioblóid faoi láthair,' a dúirt an fear. Timpeall ceathair a chlog inné tháinig Richard isteach sna h'oifigí mar ba ghnáth ach an rud nár thug aon duine faoi deara ná gur fhág sé na hoifigí arís ag leath uair tar éis a ceathair'. Chas sé an scáileán a bhí lasta ar an mála cáipéisí chugam. Ar an scáileán bhí pictiúir dubh agus bán de sheomra lá le boscaí móra. Ar bharr an scáileáin léigh mé 'O REC 16:17pm'.

Ansin chonaic mé Richard ag siúl isteach san seomra le canna de dheoch éigin ina lámh aige. Shiúil sé anonn go dtí an bosca is mó a bhí in san seomra. Thosaigh sé ag triail an bosca a oscailt go scioptha, agus trí thimpiste thit an cana go dtí a chosa. Dhoirt an deoch ar an úrlar. Thug Richard cic don cana agus d'imigh sé as radharc. Ansin, tar éis cuartú thríd an styrofoam uilig a bhí in san mbosca thóg Richard amach an rud a bhí sé a chuartú. Is gunna a bhí ann le cnaipí beaga air. Bhrú sé ceann acu. Ansin ní raibh Richard le feiceáil in aon áit. Dhún mé mo shuíle agus d'fhéach mé arís. Arís an t'aon rud a bhí le feiceáil ar an scáileán ná bosca oscailte agus deoch a bhí doirrithe ar an úrlar. D'fhéach mé suas ar an bhfear. Bhí a éadan go

hiomlán dáiríre. Ansin d'fhéach mé ar an scáileán arís. Chonaic mé rud éigin. Bhí coiscéimeanna beaga le feiceáil ag teacht ar urlár an tseomra. Is ansin a thuig mé gur athraigh Richard é fhéin agus go raibh sé dofheicthe ag úsáid teicneolaíocht nua de chinéal éigin a bhí ar an ngunna. D'fhéach mé suas ar an bhfear arís. An uair seo bhí sé ag féachaint an treo eile.

'Tá a fhios agam, go bhfuil a fhios agat céard a tharla ansin.' a dúirt sé 'Agus anois tá do chabhair ag teastáil uaim.' D'fhéach mé ar an rud a raibh sé ag féachaint air. Ós mo chomhair, ag snámh ar uisce bhí eitleán farraige.

'Cén fáth an bhfuil tú ag iarraidh ormsa cúnamh a thabhairt dhuit?' a d'fhiafraigh mé. 'Mar,' a dúirt sé 'Tá muid ag déanamh staidéir ortsa le píosa fada agus de réir mo thuairimse, tá níos mó eolais agatsa ar ghunnaí ná aon duine anseo in san gcomhlacht, teastaíonn an t-eolas seo uainn má tá muid chun stop ar bith a chur le Richard.'

'Ach . . .' a thosaigh mé a rá.

'Seo' a dúirt sé agus chaith sé gunna siar chugam, bhí sé níos troime ná bhreathnaigh sé. 'Teastóidh sé uait.' Stop an traein. Bhí muid in san aer ar feadh 20 nóiméad ag an bpointe seo. Thosaigh muid ag teacht anuas anois. D'imigh muid an turas uilig gan focal. Chaith an fear go leor ama ag feachaint ar an scáileán a bhí in san mála cáipéisí. Cheap mé féin gur 'radar' de chinéal a bhí ar an scáileán ag an bpointe seo. Cheap mé freisin gur air a bhí an fear ag féachaint agus iad san choill. Is dócha go dhúirt sé liom a bheith ciúin mar cheap sé go bpiocfadh sé suas rud éigin air. Is dócha nach morán eile seachas an t'éinín beag sin a bhí in aice linn ag an am. Ansin chas an fear chugam.

'An bhfuil tú réidh?'

Nuair a bhí muid ag teacht anuas ar an gcladach chonaic mé go ndeachaigh muid thar trá. Ag barr na trá seo, sheas teach. Níor bhreathnaigh sé go raibh aon duine ann ar feadh blianta. Stop an t-eitleán taobh thiar de chloch. Ní raibh an t-eitleán le feiceáil ar chor ar bith ón trá. 'Tá Richard istigh in san choill ar imeall na trá' a dúirt an fear. 'Phioc mé suas an t-eolas seo ón Radar. Tá a fhios agam freisin go bhfuil an gunna in san teach. Tá *tracking system* ar an ngunna nach raibh eolas ar bith ag Richard faoi. Bíonn ceann ar chuile ghunna a bhíonn fós san staid seo den

Féach

www.drama-gaeilge.com

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA

Tulach na hÉigse, Camus, Co. na gaillimhe

Teil: 091-574146 Facs: 091-574155

Ríomhphost: eolas@drama-gaeilge.com

rástáil.' D'fhéach sé orm díreach isteach ins na súile anois agus dúirt sé ansin. 'Tá ordú faighte agamsa Richard a fháil agus a mharú. Taobh istigh den chomhlacht atá againn tá muid an-dian ar ghoid. Caithfidh tú é seo a thuiscint, tá na gunnaí in san gcomhlacht an-chontúirteach.' Bhreathnaigh sé ar m'éadan scanraithe. 'An phlean atá agam ná Richard a scanrú is é in san choill. Leis seo tá súil agam go rithfidh sé ar ais in san teach. Chomh luath is atá sé in san teach, úsaid do ghunna chun an teach a phléascadh. Is féidir roicéad a chur amach thríd an bpiobán seo.' Chuir sé a mhéar ar phiobán tiubh a bhí faoin mbairille. 'Beidh tusa ag luí thuas ar an gcloch ansin' agus d'oscail sé doras an eitleáin. Bhrúigh sé mé suas ar an gcloch. Ba ansin a luigh mé ar feadh leathuaire sular tharla aon rud.

Bhí mé ar bharr na cloiche le mo lámh ar an trigéir. Bhí mé an-chúramach. Ansin tharla sé. Chonaic mé Richard ag rith ón gcoill. Rith sé timpeall ar an trá ar feadh píosa. Ina

dhiaidh tháinig an fear leis an gcóta dubh. Ansin chas Richard timpeall agus thosaigh sé ag rith isteach sa teach. Bhrú mé an cnaipe ar an ngunna. Níor tharla tada. Bhrúigh mé arís é. Arís níor tharla tada. Thriail mé arís é uair amháin eile. Níor tháinig tada amach as an ngunna. Bhí mo chroí briste, an t-aon jab a d'iarr an fear sa gcóta dubh orm a dhéanamh dhó agus ní raibh mé in ann é a dhéanamh. Le fearg bhuail mé an gunna in aghaidh na cloiche. Go tobann, tháinig trí roicéad amach as an ngunna. Thit mé siar leis an bhfórsa tháinig astu. D'fhéach mé orthu is iad ag gearradh thríd an aer. 5, 4, 3, 2. A bhí mé ag comhaireamh i mo chloigeann, ansin le huafás chonaic mé an fear leis an gcóta dubh ag rith thríd an doras. A hAon!

Bhuail na roicéid an teach díreach. Léim an díon suas ón teach agus amach óna ballaí uilig tháinig solas buí. Thóg sé cúpla soicind ar an torann teacht chuig an áit a raibh mé i mo shuí, ach bhí sé ar nós na mílte toirní

ag tarlú ar fad ag an am céanna. Nuair a d'fhéach mé arís chonaic mé píosaí adhmaid a tháinig ón teach ag titim ar fud na trá.

Faoin am a ndearna mise mo bhealach síos an trá go dtí an áit a raibh an teach ní raibh fágtha ach píosaí tine. Ansin taobh amuigh de na ballaí fuair mé píosa éadach. D'oscail mé amach an píosa éadach agus chonaic mé gur bé an cóta dubh a bhí ann. Taobh istigh den chóta fuair mé an mála cáipéisí. D'oscail mé suas é. Bhí pictiúir Radar fós ar an scáileán. Ansin ar an scáileán chonaic mé figiúir beag buí i gcruth duine. Duine beo. Ansin d'fhéach mé suas agus chonaic mé an fear leis an gcóta dubh go lag ina sheasamh. Go mall, d'ardaigh sé a lámh. Agus ansin leis an neart ar fad a bhí fágtha aige chroch sé a ordóg. Thit sé. Ansin d'fhéach mé ar an spota beag buí ag fáil níos lú ar an scáileán. Ansin d'imigh sé. Ghlan mé na deora ó mo shúile agus chroch mé an mála cáipéisí ar ais go dtí an eitleán, chun mapa a fháil.

ÓSTÁN AN DÓILÍN

AN CHEATHRÚ RUA 091-595177/595169

*Rogha an Óil
Togha an Cheoil*

*Oscailte ar feadh na bliana
Ceol gach deireadh seachtaine*

*Déanfar freastal ar gach cineál
ócáid, cóisir nó bainis*

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

BOLUISCE

BIALANN • BIA NA MARA
(091) 553286



An Spidéal, Conamara

Saotharlann Chonamara

(t/a Connemara Laboratory Services)
Ros Muc, Co. na Gaillimhe
Teil: 091-574355
Faics: 091-574356

**Déanann an saotharlann anailís ar bhia,
uisce agus eisilteach**

Traenáil agus Taighde

SÚIL EILE

DRÁMA, SPÓRT, NUACHT
FAISNÉIS, CRAIC AGUS CEOL

BHUR SCÉALTA
BHUR STÁISIÚN
BÍGÍ LINN



SÚIL EILE

Forbairt na Gaeltachta...

...forbairt na Gaillimhe

- Tionscail
- Naíonraí
- Clubanna Óige
- Scéimanna Forbartha
- Pobail
- Printísigh
- Scoláireachtaí
- Seirbhísí Teanga
- Féiltí Áitiúla
- Feirmeoireacht & próiseáil éisc
- Tograí closamhairc & teilifíse

Forbairt chultúrtha, shóisialta agus thionsclaíoch na Gaeltachta - sin é cúram Údarás na Gaeltachta

Tá páirt duitse san obair thábhachtach seo!



Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha, Gaillimh. Teil: (091) 503100 Facs: (091) 503101
ríomhphost: eolas@udaras.ie <http://www.udaras.ie>

